Waterford Institute *of* Technology

INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA PHORT LÁIRGE

Plean Straitéiseach 2007-2010

Waterford Institute *of* Technology
INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA PHORT LÁIRGE

Plean Straitéiseach 2007-2010

Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge,
Port Láirge, Éire.
Teileafón: +353 51 30 2000
Láithreán Gréasáin: www.wit.ie

Ráiteas Misin

Déanfaidh Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge caighdeán barr feabhais a chur i bhfeidhm i dteagasc, i bhfoghlaim agus i dtaighde in imshaol uile-ghabhálach agus scoláire-lárnach chun coimirce a dhéanamh ar chéimithe chun go mbeidís inniúil ar pháirt cheannasach a ghlacadh sa saol gnó, sna gairmeacha, sna tionscail, sa tseirbhís phoiblí agus sa tsochaí. Déanfaidh an Institiúid an cúlchríoch atá aici a bhainistiú mar Réigiún Foghlama, trí ghiniúint an eolais a chumhachtú agus trí aistriú an eolais. Tá na Institiúid tiomanta ar oideachas an cheantair a fhorbairt ar chuma atá in oiriúint do shainghnéithe náisiúnta agus idirnáisiúnta an réigiúin. Cuirfidh an Institiúid le forbairt eacnamaíoch, shóisialach agus chultúrtha Réigiúin an Oirdheiscirt agus níos faide anonn.

Réamhfhocal an Stiúrthóra

Bhí an Plean Straitéiseach 2003-06 agus an dul chun cinn sonrach a rinne an Institiúid mar thoradh ar an bpróiseas sin, thar a bheith críochnúil agus ardchuspóireach. Ag éirí as sin bhí an Institiúid an-réidh chun dul i dtír ar dheiseanna agus chun glacadh le dúshláin. Ghlac ár gcomhghleacaithe go léir go fial agus go fonnmhar le raon casta de ghealltanais. Níos tábhachtaí fós b'fhéidir, thug an Plean Straitéiseach sin an fotha dúinn chun an dara chéim a thógáil, is é sin an Plean Straitéiseach 2007-10.

Tá próiseas na pleanála straitéisí fréamhaithe go daingin san eagraíocht anois. Léiríonn bunú An Oifig um Phleanáil Straitéise go soiléir an tábhacht atá curtha leis seo, laistigh agus lasmuigh. Is tráthúil mar a tharla an dul chun cinn seo. Mar shampla ní mór do phleananna straitéiseacha a bheith i bhfochair anois le haon tairiscint a dhéantar i gcomhair taighde. Tá na pleananna seo á meas mar chineál baraiméadair chun éifeacht na hInstitiúide a thástáil agus a thomhas. Airítear go bhfuil gaol gairid idir an phróifíl, an bhranda agus an phleanáil straitéiseach. Ní bhíonn iomaíocht ná dul chun cinn ar bith ann mura mbíonn na pleananna straitéiseacha páirteach iontu.

Is é an plean an próiseas agus is é an próiseas an plean. Bíonn an dea-phlean straitéiseach teagmhasach, freagrúil, solúbtha. Bíonn sé oscailte le haghaidh dúshlán éagsúla agus raon d'fhorálacha. Tharlódh go mbeadh teannas láidir idir cuid díobh seo. I measc na ndaoine a mhaireann i bpobal amháin, bíonn éagsúlacht mhór i bpeirspictíocht agus i dtuairimí ag daoine agus dearcadh an-difriúil óna chéile acu.

Is ar an dtaobh seo atá an chabhair mhór le fáil i bpróiseas na pleanála. Éascaíonn sé an cumas leanúnach atá chun díospóireachta agus caidrimh a fhorbairt ar bhealach sochair stuama. Soláthraíonn sé léargas soiléir ar na gealltanais atá le déanamh. Tarraingíonn sé leibhéil níos fuinniúla de chomhchruinniú, do dhíriú aigne. Is féidir é a bheith mar mhol fócais a mbíonn an Institiúid ag cruinniú thart faoi ag iarraidh ciall níos doimhne a bhaint asainn féin.

Thar ní ar bith eile, ba chóir go ndéanfadh pleananna straitéiseacha iarracht ar hinstitiúidí a shainaithint thar a chéile. Ba chóir dóibh díriú ar na nithe atá sainiúil agus uathúil iontu, na gnóthachain agus na saintréithe a aithint agus a shainmhíniú. Beidh obair ann chun gach neart faoi leith a chnuasach agus a gréasú, chun an nasc-ghrúpa a bhunú go soiléir agus ionaid na nasc féin a aithint. Is ar seo a bheith nithe cosúil le suíomh, toradh agus forbairt ag brath.

An tOllamh Kieran R. Byrne
Stiúrthóir

Clár

	Réamhfhocal	10
1	**An tImshaol Seachtrach agus Comhthéacs an Phlean Straitéisigh**	**11**
1.1	Eacnamaíocht Eolais a Chruthú	12
1.2	Comhtháthú Idirnáisiúnta	13
1.3	Feabhsú ar Chaighdeán na Cáilíochta	13
1.4	Ag déanamh na gcinntí straitéiseacha	14
1.5	Scoláire na Todhchaí	14
1.6	Ollscoil an Oirdheiscirt	14
2	**Athbhreithniú ar Phlean Straitéiseach 2003-06**	**15**
2.1	Réamhfhocal	16
2.2	Mórghnóthachain sa tréimhse 2003-6	16
2.3	Clabhsúr	20
3	**Mórthéamaí don Todhchaí**	**21**
3.1	Fócas réigiúnach á thógáil trí Idirnáisiúnú	22
3.2	Ag cumhachtú an tsainfhoghlaimeora	23
3.3	Ag eagrú le haghaidh fáis	23
3.4	Ag feabhsú giniúint an eolais agus aistriú an eolais	24
3.5	Ag cothú timthriall an fheabhsaithe straitéisigh	24
3.6	Clabhsúr	24
4	**An Phunann Acadúil**	**25**
4.1	Réamhfhocal	26
4.2	Ag tógáil solúbhtachta trid an gcóras modúlach	26
4.3	Na Cláir Fochéime	27
4.4	Na Cláir Iarchéime	29
4.5	Scoláirí idirnáisiúnta	30
4.6	Ag tacú le gnóthachain	31
4.7	Clabhsúr	32

5	**Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht**	**33**
5.1	Réamhfhocal	34
5.2	Lárionaid um Bharr Feabhais Taighde	34
5.3	Forbairt na mbraislí taighde	36
5.4	Comhaontais agus comhpháirtíochtaí	37
5.5	Idirdhisciplíneacht a thógáil	37
5.6	Aistriú an eolais	38
5.7	Straitéis don chéim taighde	39
5.8	Dearbhú agus feabhsú cáilíochta	40
5.9	Próifíl na gCéimithe	41
5.10	Ag nascadh taighde agus teagasc	41
5.11	Clabhsúr	42
6	**An Trasdul idir Foghlaimeoir agus Céimí agus níos Faide Anonn**	**43**
6.1	Réamhfhocal	44
6.2	Próifíl na gCéimithe	44
6.3	An foghlaimeoir mar chroí-lár ár n-imeachtaí	45
6.4	Foghlaim fad saoil	46
6.5	Líonra na gcomhpháirtithe	46
6.6	Clabhsúr	48
7	**Timpeallacht na Foghlama**	**49**
7.1	Réamhfhocal	50
7.2	An Fhoireann, na foghlaimeoirí agus an Institiúid	50
7.3	Cultúr na foghlama	51
7.4	Ag cumasú na bhfoghlaimeoirí trí chumarsáid agus trí theicneolaíocht an eolais	51
7.5	Anonn thar teorainneacha traidisiúnta	52
7.6	Córas cáilíochta bunaithe ar tháirgeacht	52
7.7	Ag tacú leis an bhfoghlaim	52
7.8	Clabhsúr	54

Clár

8	**Ath-ailíniú Struchtúr agus Próiseas an Eagrúcháint**	**55**
8.1	Réamhfhocal	56
8.2	Athruithe struchtúrtha	56
8.3	Athruithe sna struchtúir rialachais	58
8.4	An straitéis um acmhainní daonna	58
8.5	Oiliúint agus forbairt	59
8.6	Na córais airgeadais	59
8.7	Clabhsúr	60
9	**An Fhorbairt Fhisiceach**	**61**
9.1	Réamhfhocal	62
9.2	An tEastát mar atá	62
9.3	Clár oibre caipitiúil	63
9.4	Méadú ar líon agus arn ilchineálacht na scoláirí	64
9.5	Ag gníomhú leis an bpobal	65
9.6	Maoiniú	65
9.7	Clabhsúr	66
10	**An Plean a chur i bhfeidhm**	**67**
10.1	Réamhfhocal	68
10.2	Struchtúr an Fheidhmiúcháin	68
10.3	An t-agallamh straitéiseach	69
10.4	Clabhsúr	69
	Leabharliosta forlíonta	**70**

Giorrúcháin

AD	Acmhainní Daonna
AE	Aontas Eorpach
AO	Ard-Oideachas
BCOÉ	Bord Cáilíochtaí Ollscoileanna na hÉireann
CAFOD	Clár Ardán Fiontraíochta an Oirdheiscirt
CDAO	Comhairle na nDámhachtainí Ard-Oideachais agus Oiliúna
CFSEF	Córais Faisnéise, Staidéir Eagrúcháin & Foghlama
CGFE	Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann
CMBI	Córas Modúl-Bhunaithe na hInstitiúide (MAP)
COÉ	Cumann na nOllscoileanna Éireannacha
CRFT	Creidiúnú na Réamhfhoghlama Turgnamhaí
CSIT	Comhairle Stiúrthóirí na nInstitiúidí Teicneolaíochta
CTFTL	Clár um Thaighde i bhForais Triú Leibhéil
ECFE	Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta
FAO	Foras Ard-Oideachais
GÁCP	Grúpa um Ábhair, Carachtracht agus Próiseáil
GBCT	Grúpa Bogearraí agus Córais Teileachumarsáide
GDAT	Grúpa um Dhéantúsaíocht Ardteicneolaíochta
GTLS	Grúpa Taighde Leathsheoltóra
GTO	Grúpa Taighde Optaice
ICRCT	Ionad um Chúnamh, Rochtain, Coinneáil agus Teagasc
IRSCET	Comhairle na hÉir. um Innealtóireacht, Eol. & Teicneolaíocht
ITPL	Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge
LITMET	Lárionad Teagaisc Matamaitice, Eolaíochta & Teicneolaíochta
MFT	Máistreachtaí i bhFoghlaim agus i dTeagasc
OD	Oirdheisceart
OID	Oideachas
STSS	Saotharlann Taighde na Soladstaide
T&F	Taighde agus Forbairt
ÚAO	Údarás um Ard-Oideachas
ÚNCÉ	Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann

Réamhfhocal

Sa doiciméad seo leagtar amach an dara plean straitéiseach le haghaidh Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge. Forbraíodh an plean le linn ré mór-athraithe i réimse ard-oideachais agus in éilimh na ngeallsealbhóirí. Tá na prionsabail bunaithe trí phróiseas na pleanála straitéisí agus tríd an bplean féin. Is léiriú é an plean de phróiseas, agus is é a dhéanfaidh méar eolais don Institiúid sa tréimhse 2007-10 agus a dhéanfaidh comharthaí aitheantais don Institiúid, an carachtar agus an cultúr, a shocrú.

Déantar an plean a dheighilt ina dhá chuid. Leagtar síos comhthéacs an phlean straitéisigh sna Caibidil 1, 2 agus 3 agus socraítear na príomhghnéithe ar an leibhéal is airde go gcaitheann an Institiúid freagairt dóibh. Bunaithe ar na gnóthachain sa tréimhse 2003-06, aithnítear cumas na hInstitiúide chun déileáil leis na saincheisteanna seo. Leagtar amach na príomh-spriocanna straitéiseacha i gCaibidil 3.

1. Déanfaidh muid réigiún d'eolas bheo a fhorbairt a bhéas ábhartha go hidirnáisiúnta agus a chothóidh malartú idirnáisiúnta de smaointe, de theicneolaíocht agus de dhaoine.
2. Leanfaidh muid do chruthú an tsainfhoghlaimeora, a aithneofar trí shaintréithe leithleacha ár gcéimithe agus déanfaidh muid iad a chumhachtú chun iad féin a fhorbairt trí fhoghlaim fad saoil a dhéanamh.
3. D'fhonn ár n-aidhmeanna straitéiseacha a bhaint amach, leanfaidh muid d'athnuachan agus d'fhorbairt an rialachais chóir agus na struchtúir airgeadais agus oibre is fearr a oireann de réir an chleachtais idirnáisiúnta is fearr.
4. Cruthóidh muid nua-eolas i gcomhar leis an réigiún agus cuideoidh muid leis na réigiún an nua-eolas sin a úsáid chun forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha a chur chun cinn.
5. Ar mhodh oscailte agus trédhearcach, tabharfaidh muid áit lárnach inár n-imeachtaí go léir d'fheabhsú na cáilíochta agus beidh muid de shíor ag athbhreithniú agus ag feabhsú ár gcuid oibre.

Léiríonn an dara páirt den phlean, na Caibidil 4 go dtí 10, an bealach a dhéanfaidh an Institiúid na hardspriocanna atá againn a bhaint amach tríd an gclár oibre acadúil, trí straitéis na taighde agus trí chultúr agus timpeallacht a éireoidh as fuinneamh na bhfoghlaimeoirí féin. Ina dhíaidh sin déantar an hathruithe a mheas atá riachtanach chun na n-athruithe sna struchtúir, sna próisis agus san imshaol fisiceach a chur i gcrích. Tugann Caibidil 10 aghaidh ar an bpróiseas chun an phlean a chur i bhfeidhm agus na spriocanna a bhaint amach.

Páirt amháin de chóras pleanála comhnasctha na hInstitiúide is ea an plean seo. Cuireann sé de cheangal ar gach aonad san eagraíocht pleanáil bhliantúil dá gcuid féin a dhéanamh agus dul i mbun athbhreithnithe agus machnaimh maidir le spriocanna a shocrú agus iad a nascadh le feabhsú na cáilíochta. Ar an dtráth seo tá crosbhóthar sonrach bainte amach ag an Institiúid agus tá muinín againn go bhfuil cumas fréamhaithe go daingin sa chultúr agus sna struchtúir chun freastal ar gach riachtanas i gcomhair na todhchaí.

Derek O'Byrne,
Head of Strategic Planning

Caibidil 1

An tImshaol Seachtrach agus Comhthéacs an Phlean Straitéisigh

An tImshaol Seachtrach agus Comhthéacs an Phlean Straitéisigh

Tá iarmhairtí sonracha ag an suíomh atá ag Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge (ITPL) ar imeallbhord an Oirdheiscirt agus ar an ról atá againn mar phríomh-oideachasóirí sa réigiún ar an gcaoi a fhreagraíonn muid ar na foláirimh náisiúnta agus idirnáisiúnta. Déanann thart faoi 70% de scoláirí ard-oideachais sa réigiún staidéar ag ITPL. Is é an misean atá ag an Institiúid ná an réigiún a fhriotháil agus an bonneagar tá riachtanach le haghaidh forbairt eacnamaíochta agus shóisialta a thógáil. Is iomaí dúshlán atá roimh an Institiúid maidir le straitéisí ábhartha a fhorbairt chun an misean seo a thabhairt chun críche

1.1 Eacnamaíocht Eolais a Chruthú

1.2 Comhtháthú Idirnáisiúnta

1.3 Feabhsú ar Chaighdeán na Cáilíochta

1.4 Ag déanamh na gcinntí straitéiseacha

1.5 Scoláire na todhchaí

1.6 Ollscoil an Oirdheiscirt

1.1 Eacnamaíocht Eolais a Chruthú

Tá sé ráite go neamhbhalbh cheana mar cheann d'aidhmeanna pholasaí náisiúnta an oideachais go bhfuil sé i gceist eacnamaíocht eolais a chruthú. Léirítear go soiléir i Straitéis an Rialtais d'Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht[1] an gá atá ann le díriú níos géire a dhéanamh ar ghnéithe roghnaithe de luach agus de chruthú an eolais. Fairis sin tá éascú agus tacaíocht déanta ag an Rialtas ar an straitéis seo trí infheistíocht sa bhonneagar taighde náisiúnta sa Chlár um Thaighde i bhForais Tríú Léibhéil (CTFTL), tríd an infheistíocht in eolaíocht agus teicneolaíocht ag Fundúireacht Eolaíochta Éireann, chun an Chiste Nuálaíochta Straitéiseach a fhorbairt go leanúnach agus tríd an bhéim níos déine atá á chur ar an oideachas sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2007-13[2]. Is gné lárnach den fhorbairt seo Éire den 4ú leibhéal[3] a chruthú leis an mbéim ar thaighde agus ar fhorbairt. Go dearfa, chun na críocha seo, tá curtha rompu ag an Rialtas mar sprioc go ndéanfar líon na ndochtúireachtaí a chruthófar faoi 2013 a dhúbailt[4].

Tá brí faoi leith ag an Institiúid ag baint le ceist eacnamaíocht eolais a chruthú i réigiún an Oirdheiscirt. Má tá tairbhe iomlán le baint ag an Oirdheisceart as an rathúnas sna blianta atá le teacht ní mór an bonneagar (taighde agus forbairt) is gá a chruthú chun an pháirt sin a imirt sa bhaile agus i gcéin. Tá ar an Institiúid an dúshlán a ghabháil ar láimh mar is í an soláthraí oideachais is mó sa réigiún. Mar sin féin tá fíorchastacht an tionscadail seo soiléir má scrúdaítear próifíl eacnamaíoch an réigiúin. Tá an réigiún chun deiridh ar réigiúin eile maidir le hioncam inchaite, agus, níos tábhachtaí fós, tá lucht gairme níos teirce sa bhfórsa oibre. Tá an ceantar ag brath an iomarca ar dhéantúsaíocht ar íochtar an scála agus ar thalmhaíocht thraidisiúnta. Is tionscail iad sin imithe ar gcúl roinnt mhaith.[5]

1 Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, (2006), 'Strategy for Science, Technology and Innovation, 2006 – 2013'. Oifig na bhFoilseachán Rialtais, Baile Átha Cliath.

2 Plean Forbartha Náisiúnta 2007-13, (2007), 'Transforming Ireland – A Better Quality of Life for All', Oifig na bhFoilseachán Rialtais, Baile Átha Cliath.

3 Cumainn Ollscoileanna na hÉireann, (2005), 'Reform of 3rd Level and Creation of 4th Level Ireland'. COÉ, Baile Átha Cliath.

4 Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, (2006), 'Strategy for Science, Technology and Innovation, 2006 – 2013'. Oifig na bhFoilseachán Rialtais, Baile Átha Cliath.

5 Goodbody Economic Consultants, (2005), 'The Economic Impact of a University of the South East', An Comhlachas Tráchtála, Port Láirge.

1.2 Comhtháthú Idirnáisiúnta

Tiomáineann dhá phríomhfhórsa comhtháthú na gcóras ard-oideachais. Ar thaobh amháin tá polasaí na hEorpa, mar atá i gClár Oibre na Liospóine agus i gComhaontú Bologna, ag brú comhtháthú, comhoiriúnacht agus inaistritheacht ar pholasaithe an oideachais san Aontas Eorpach. Ar an dtaobh eile, ámh, tá soghluaiseacht cruthaithe ag fórsaí iomaíochta sna margaí idirnáisiúnta, margaí a bhfuil teacht níos éasca orthu. Dá bhrí sin tá trádáil níos leithne á dhéanamh ar an oideachas mar earra ann féin. Bíonn na Forais Ard-Oideachais (FAOanna) ag feidhmiú anois i margadh atá fíor-idirnáisiúnta agus ní mór dóibh a bhfuil le tairiscint acu a chur in oiriúint don mhargadh sin. Tá seo soiléir san Áis, thar áit ar bith eile áit a bhfuil deis ábhalmhór chun scoláirí a earcú.

Ag éirí as sin tá riachtanas speisialta á chruthú lena chinntiú go mbíonn an Institiúid oscailte do threochtaí idirnáisiúnta, go bhfuil an fhoireann agus an scoláirí ina ndúiseacht go hidirnáisiúnta agus go bhfuil an oscailteacht seo ag leathadh amach go dtí an réigiún. Is léir gur gá don soláthraí oideachas nua-aimseartha, agus go deimhin don réigiún eolais nua-aimseartha féin, an cluiche a imirt ar leibhéal idirnáisiúnta maidir le hacmhainní a chruinniú, le gluaiseacht scoláirí agus le comhpháirt a thógáil i gcláir oibre agus taighde a sholáthar.

1.3 Feabhsú ar Chaighdeán na Cáilíochta

Tá dul chun cinn áirithe déanta sna frámaíochtaí ardchaighdeáin in Éirinn agus thar lear le blianta anuas. Tá comhoiriúnú déanta, ar teacht le Comhaontú Bologna, ar an gcóras cáilitheachta in Éireann ag Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (ÚNCÉ). Tá earnáil na bhForas Teicneolaíochta curtha faoi chúram Chomhairle na nDámhachtainí Ard-Oideachais agus Oiliúna (CDAO). Cuireann CDAO an fhrámaíocht chreidiúnaithe i bhfeidhm faoi choimirce an ÚNCÉ. Tá córais nua um fheabhsú caighdeáin ag teacht chun cinn freisin faoi Bhord Cáilíochtaí Ollscoileanna na hÉireann (BCOÉ). Tá siad seo de réir treochtaí Eorpacha agus idirnáisiúnta chun urraíocht a dhéanamh ar chultúr institiúideach d'ardchaighdeán agus chun feabhsú na cáilíochta a fhréamhú go daingin i bpróiseas straitéiseach na pleanála. Beidh fianaise bhreise á tabhairt ar thábhacht an fheabhsaithe cáilíochta sa bhliain 2007 nuair a chuirfear earnáil na bhForas Teicneolaíochta faoi smacht maoinithe an Údaráis um Ard-Oideachas (UAO).

Is cuid bhunúsach de mhachnamh na hInstitiúide gurb é aimsiú an chleachtais is fearr chun cáilíocht a mhaoirseacht agus a fheabhsú a bhéas ina chomhpháirt riachtanach de sholáthar teagaisc, eolais agus aistriú eolais sa todhchaí.

“Tá ainmniú na hInstitiúide mar Ollscoil an Oirdheiscirt ar an ndúshlán is mó atá os comhair na heagraíochta ag tús na bliana 2007 agus is é an cuspóir is práinní agus is riachtanaí i gcomhair rathúnais na heagraíochta i réigiún an Oirdheiscirt san am atá le teacht.”

1.4 Ag déanamh na gcinntí straitéiseacha

Is é an ceathrú threocht idirnáisiúnta a fhágann tionchar ar fhorbairt an phlean straitéisigh 2007-10 ná an méadú ar an dtábhacht atá á imirt ag an bpleanáil straitéiseach agus an saor-rogha ar gach chóras éifeachtach ard-oideachais. Tá sé aitheanta le fada ag an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) gurb í éagsúlacht an tsoláthair an mór-rannpháirtí atá sa chóras éifeachtach ard-oideachas, mar is léir sa tsaoirse atá ag institiúidí chun fócais straitéiseacha dá gcuid féin ar leithligh a fhorbairt[6]. Tá glactha ag Rialtas na hÉireann gur mar seo atá an scéal mar is léir ón mhéadú straitéiseach atá á chur sa bhuiséadú agus sna chinntí a dhéantar faoi acmhainní a dháileadh. Beidh na córais maoinithe bunaithe níos mó ná riamh ar ghnóthachain straitéiseacha. Is mó brí phraiticiúil atá ag baint le seo. Cuirfear d’oibleagáid ar institiúidí na haicmí oibre is fearr a oireann dá a gcuid acmhainní a roghnú inniu agus amach anseo. Beidh orthu scileanna agus cumais a roinnt d’fhonn buntáiste a bhaint as na cumais atá acu féin, nó níos tábhachtaí fós, scileanna a thabhairt leo ó fhorais ard-oideachais eile agus réimse shainiúil de scileanna dá gcuid féin a fhorbairt.

De réir mar atá an maoiniú á thabhairt amach ag an Rialtas, bunaithe ar chumais lárnacha trí chláir ar nós CTFTL, an Ciste Nuálaíochta Straitéise agus Fundúireacht Eolaíochta Éireann is léir go bhfuil gá ann le páirtíochtaí a bhunú agus tá seo ag réiteach leis an gcleachtais is fearr ar fud na hEorpa go léir.

Chun glacadh leis an athrú seo, ní foláir don Institiúid scileanna straitéiseacha níos fearr fós a fhorbairt chun na réimsí is fearr le haghaidh infheistíochta a roghnú feasta. Ní foláir freisin comhpháirtíochtaí straitéiseacha a dhéanamh, sa bhaile agus i gcéin i measc geallsealbhóirí tionsclaíocha, sa tráchtáil, san earnáil phoiblí agus san oideachas, d’fhonn togha agus rogha na scileanna speisialta a fhorbairt agus a thabhairt chun foirfeachta. Ní foláir éagsúlacht san oideachas a chur chun cinn trí éagsúlacht sna cláir a bhéas ar thairiscint agus trí institiúidí a chruinniú le chéile i réimsí lárnacha curaclaim agus taighde.

1.5 Scoláire na todhchaí

Go traidisiúnta chun scoláirí nua a fháil, bhíodh an córas ard-oideachais ag fuireach ar lucht na meánscoile a fhágáil. Ach anois, is léir go bhfuil an scéal sin ag athrú de réir mar atá eacnamaíocht an eolais ag dul chun cinn. Tá foghlaimeoirí d’aicmí eile ag iarraidh oideachais. Is féidir le foghlaimeoirí a bheith ag iarraidh feabhais agus athnuachana a chur ar cháilíochtaí gairmiúla a fuaireadar cheana nó is féidir foghlaimeoirí a bheith ag teacht gan cúlra oideachais ar bith. Freisin, le teicneolaíocht nua, tá modhanna nua ann chun cláir oibre a sholáthar. Cur i gcás tá na cinn e-bhunaithe agus m-bhunaithe. Is í an bhrí is mó atá leis na hathruithe seo ná go bhfuil gá le breis solúbthachta a thabhairt do na foghlaimeoirí maidir le cruth agus cur i láthair na gclár. Is éard atá á lorg ag na foghlaimeoirí ná rogha níos fearr agus raon níos leithne sna tréimhsí, sa chur i láthair agus sa mheascadh de dhisciplíní atá ar fáil.

1.6 Ollscoil an Oirdheiscirt

Mar fhocal scoir, tá toradh domhain ar phleanáil straitéiseach agus ar cuspóirí straitéiseacha na hInstitiúide ag an iarratas a rinneadh go luath sa bhliain 2006, faoi alt 9 d’Acht na nOllscoileanna, go n-ainmneofaí an Institiúid mar Ollscoil an Oirdheiscirt. Leis sin rinne an Institiúid sainmhíniú soiléir ar an rún atá romhainn an Oirdheisceart a fhriothail agus rinneadh sainmhíniú freisin ar an gcarachtar cultúrtha, intleachtach, sóisialta agus morálta faoina dtugann an Institiúid breithiúnas uirthi féin agus ar an ról atá aici sa tsochaí.

Tá an carachtar seo intuigthe sna cuspóirí straitéiseacha atá leagtha síos sa phlean seo agus tá tiomantas na hInstiúide mar ghléas dearfa chun na físe don Oirdheisceart a thabhairt chun foirfeachta agus chun uachtar láimhe a fháil ar na foláirimh eacnamaíochta agus sóisialacha go léir. Fágfaidh an t-aistriú chuig stádas Ollscoile an Oirdheiscirt toradh ar fheidhmeanna bunaigh na hInstitiúide go léir, fiú amháin na struchtúir rialachais, na gníomhaíochtaí taighde agus an phróifíl, an straitéis i leith acmhainní daonna agus an chumraíocht, na struchtúir airgeadais agus maoinithe agus na himeachtaí um fheabhsú cáilíochta.

6 Mar shampla an tuarascáil a rinne an ECFE le déanaí faoin bhFionlainn.

Caibidil 2

Athbhreithniú ar Phlean Straitéiseach 2003-06

Athbhreithniú ar Phlean Straitéiseach 2003-06

Is í an chéad chéim chun plean straitéiseach a cheapadh don tréimhse 2007-2010 ná measúnú a dhéanamh ar thaifead straitéiseach na hInstitiúide go dtí seo agus eolas a bhaint as sin don chumas agus don treo san am atá le teacht. Is féidir neart na hInstitiúide chun tiomantais straitéisigh a bhunú agus a thabhairt chun críche a thomhas mar chuirtear an méid a bhaineadh amach i gcomparáid le cuspóirí an Phlean Straitéisigh 2003-06 agus má dhéantar anailís ghinearálta ar an méid a bhaineadh amach. Baineann an luach atá le haon phlean straitéisigh oiread le próiseas, le cur i bhfeidhm agus le breithniú siar agus a bhaineann sé le cuspóirí agus tosaíochtaí a cheapadh.

2.1 Réamhfhocal

Tréimhse an-ghnothach i bhforbairt na hInstitiúide ba ea an tréimhse pleanála 2003-06. I dtús báire, leag an Institiúid deich gcinn de thosaíochtaí móra amach agus is féidir a dhearbhú anois go bhfuil dul chun cinn déanta iontu seo go léir de réir cuspóirí an phlean. De bhreis ar seo, tá tosaíochtaí straitéiseacha eile curtha i gcrích ag an Institiúid. Go speisialta, tá an cinneadh a rinneadh go déanach sa bhliain 2005 chun tús a chur leis an bpróiseas go n-ainmneofaí an Institiúid mar Ollscoil. Tharla sin i ndiaidh éilimh a theacht ó eagraíochtaí réigiúnacha ag achainí ar an Institiúid tabhairt faoi na heaspaí i gcóras oideachais an réigiúin. Dá bharr sin rinneadh an réigiún go léir a chur faoi mheasúnú. Rinneadh caidreamh agus anailís agus ar dheireadh i Mí na Feabhra 2006 rinneadh aighneacht faoi alt 9 d'Acht na nOllscoileanna go ndéanfaí an Institiúid a ainmniú mar Ollscoil an Oirdheiscirt.

Tá an plean straitéiseach seo déanta leis an gcuspóir seo ina chroí-lár agus glactar go hiomlán go mbeidh an Institiúid inniúil do na dúshláin a chuirfear roimpi agus an cuspóir seo á bhaint amach.

2.2 Mórghnóthachain sa Tréimhse 2003-6

Ba iad seo a leanas na deich limistéar comhcheangailte a bhí le forbairt de réir plean straitéiseach 2003-06:

2.2.1 Imshaol Iomlánaíoch Scoláire-láraithe Teagaisc agus Foghlama d'Ardchaighdeán a chruthú;

2.2.2 Scoláirí ar gach Leibhéal a Earcú, a Choinneáil agus a Chur chun Cinn;

2.2.3 An Chlár Oibre Acadúil a Athnuachan;

2.2.4 Modúlú agus Seimeastrú;

2.2.5 Staidéar Iarchéime;

2.2.6 Próifíl Taighde agus Forbartha;

2.2.7 Comhar agus Naisc le Tionsclaíocht;

2.2.8 Foghlaim Fad Saoil, Conairí Gairme agus Forbairt Leanúnach Gairme;

2.2.9 Idirnáisiúnú;

2.2.10 Teicneolaíocht.

2.2.1 Imshaol Iomlánaíoch Scoláire-láraithe Teagaisc agus Foghlama d'Ardchaighdeán

Is cuid bhunúnach den bhfoghlaim é imshaol an fhoghlaimeora agus cáilíocht na dtacaíochtaí (acadúil agus pearsanta) a threoraíonn an foghlaimeoir go mothúchánach agus go hintleachtach tríd an staidéar. Ba thréimhse shonrach í 2003-06 le haghaidh forbairtí san imshaol seo. Cheapadh bainisteoir cáilíochta leis an gcúram go ndéanfaí an t-imshaol teagaisc agus foghlama a fhorbairt go dtí ardchaighdeán feasta. Is ceann de mhór-spriocanna na tréimhse 2007-10 go gcuirfidh an ceapachán seo feabhas níos fearr fós ar ráthú agus ar fheabhsú na cáilíochta. Freisin, rinneadh an t-athstruchtúrú a bhí molta do réimsí acadúla na hInstitiúide. Chruthaíodh Scoileanna nua Oideachais agus Eolaíochtaí Sláinte. Bunaíodh aonad forbartha teagaisc i Scoil an Oideachais agus na Forbartha Gairmiúla, chun cláir agus imeachtaí a cheapadh go speisialta chun na cleachtais teagaisc agus foghlama is fearr a fhorbairt agus a scaipeadh trí na haonaid go léir.

Aithníonn an Institiúid páirt lárnach na foirne san obair atá á dhéanamh. Murach an dúthracht sin ag daoine aonair agus ag ngrúpaí, ní bhainfí cuspóirí na hInstitiúide amach. Cuid bhunúsach d'imshaol ardchaighdeáin a chruthú is ea an oiliúint agus an fhorbairt. Chun na críche seo tá €1.3m (2.8% den phá iomlán) curtha i leataobh ag an Institiúid i leith oiliúna agus forbartha don fhoireann sa bhliain 2006. Anuas ar sin, cheapadh comhordaitheoir oiliúna agus forbartha chun a bheith cinnte go mbainfí amach na buntáistí a bhaineann le hoiliúint agus le forbairt.

Má thuigtear ar dtúis cad is feabhas ann cruthaítear as sin slat tomhais agus caighdeán chun feabhais, agus tá roinnt tionscnamh curtha i gcrích timpeall ar sin ag an Institiúid. Chruthaíodh 'Dámhachtain Bhliantúil um Bharr Feabhais Teagaisc' sa bhliain 2004. Dá bharr sin is féidir le daoine san Institiúid (an lucht foghlama ach go háirithe) saothar an duine aonair sa bhfoireann a aithint agus an méid a chruthaíonn siad de chultúr an fheabhais. Rinneadh an dhámhachtain seo a leathnú sa bhliain 2005 chun feabhas i maoirseacht iarchéime a chlúdach. Chomh maith le feabhas oibre na foirne a aithint, bhunaigh an Institiúid clár oibre chun tacú le scoláirí ardéirimiúla obair thaighde iarchéime a dhéanamh san Institiúid. Tá roinnt scoláireachtaí agus dámhachtainí cruthaithe freisin chun barr feabhais sa spórt a aithint.

Tá athrú mór curtha ar bhonneagar fisiceach an hInstitiúide le cheithre bhliana anuas. I measc an bhfoirgneamh nua tá Foirgneamh an Bháltúnaigh (Lárionad Teicneolaíochta an Eolais), tá foirgneamh oideachais na n-altraí, tá an lárionad taighde ArcLabs ar an gCampas Thiar, agus tá áiseanna sonracha breise sa bhialann nua a tógadh – Bialann an Ghealaraí. Tá rún ag an Institiúid leanúint d'fhorbairt na Leabharlainne agus na n-áiseanna tacaíochta a ghabhann léi.

Lean an Institiúid i gcaitheamh na tréimhse le raon de dheiseanna spóirt agus cultúir a sholáthar agus a fheabhsú. Is dócha gurbh é ceann de na gnóthachain cultúrtha ba shonraí a bhí againn ná oscailt an taispeántais bhuan le Pauline Bewick an 'Seven Ages Collection.'

"Is léir go bhfuil éirithe leis an Institiúid na spriocanna straitéise don tréimhse 2003-6 a bhaint amach agus tá bonn láidir chun na spriocanna straitéise atá againn don am atá le teacht a bhaint amach freisin."

2.2.2 Earcú, coinneáil agus dul chun cinn na scoláirí ar gach leibhéal.

Seasann an Institiúid leis an bprionsabal go mba cheart an bonn scoláirí a leathnú agus a dhoimhniú agus rátaí na coinneála agus dul chun cinn na scoláirí a fheabhsú. Ag teacht leis na cuspóirí a leagadh síos sa phlean straitéiseach 2003-06, d'éirigh leis an Institiúid líon iomlán na scoláirí lánaimseartha a mhéadú 3% i rith na tréimhse idir 2003/3 agus 2005/6. Tá líon na scoláirí iarchéime suas 14% agus tá 6,000 scoláire lánaimseartha san Institiúid anois. Tá méadú ar earcú scoláirí ó thar lear agus tá saibhriú dá bharr déanta ar thaithí chultúrtha na scoláirí. Sa bhliain acadúil 2005/6 bhí os cionn 400 scoláire ón Eoraip agus níos faide i gcéin ag staidéar san Institiúid. De bhreis ar seo tá na hiarratais neamhchaighdeánacha ag dul i méid i gcónaí agus tagann 19% d'iontrálacha isteach anois trí bhealaí neamhchaighdeánacha.

Tá bainisteoir margaíochta ceaptha san Institiúid anois chun an mhargaidh a thuaradh níos fearr agus chun freagairt do na héilimh agus tá aonad caidrimh le scoileanna cruthaithe agus treisiú déanta ar an mbunachar faisnéise faoi dhéimeagrafaigh agus roghanna na scoláirí.

Mar sin féin tá an ráta coinneála de 72% fós ina ábhar imní don Institiúid. Tá seo i bhfad níos ísle ná mar ba mhian linn. Cheap an Institiúid oifigeach coinneála déanach sa bhliain 2006. Beidh cúram faoi leith á dhéanamh don cheist seo sa phlean 2007-10.

2.2.3 Athnuachan an chláir oibre acadúil

Bíonn an Institiúid de shíor ag athnuachan agus ag forbairt na gclár acadúla agus is cuspóir lárnach straitéiseach é an córas modúlach a thabhairt isteach chun breis solúbthachta a thabhairt don fhoghlaimeoir. Rinne na scoileanna go léir a gcláir oibre a athbhreithniú i rith na tréimhse 2003-6 agus chruthaíodh an-chuid forbairtí nua, idir céime agus iarchéime. Chruthaíodh 24 céim mháistreachta sa bhreis agus 12 dioplómaí iarchéime sa bhreis.

Is teist mhaith í ar chaighdeán na gclár faoi mar a éiríonn le scoláirí fostaíocht a fháil nó dul i mbun staidéir bhreise tar éis céime a fháil. Tá an teist is airde beagnach ag an Institiúid maidir le fostaíocht / staidéar i measc na bhforas ard-oideachais in Éirinn[7].

Tugadh breis cabhrach d'fhorbairt an chláir oibre acadúla le dhá scoil nua a bunaíodh sa tréimhse, Scoil an Oideachais agus na Forbartha Gairmiúla agus Scoil na nEolaíochtaí Sláinte.

2.2.4 Modúlú agus Seimeastrú

Cloch chúinne cheart don phlean 2003-06 ba ea an modúlú agus an seimeastrú a thabhairt isteach. Bloic tógála ba ea iad i leith cur chuige ní ba sholúbtha i gcomhair pháirtíocht an fhoghlaimeora agus chun clár a tharraingeodh spéis sa mhargadh idirnáisiúnta a fhorbairt.

I Mí Dheiridh Fómhair 2005 tugadh isteach, faoi choiste stiúrtha lán-Institiúideach, an chéad chéim de chóras chun cúrsa nua modúlach a sholáthar do na scoláirí céad bhliana go léir, an córas MAP. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn i rith 2005/6 leathnaíodh MAP go céimneach amach sa bhliain 2006/7 idir na blianta go léir a bhí san Institiúid. Faoi láthair tá thart faoi 80% de na cláir comhoiriúnach le MAP agus rachaidh an chuid eile i gcomhoiriúnacht leis ar bhonn céimneach. Tá comhordaitheoir lánaimseartha le haghaidh MAP ceaptha freisin.

Ní féidir an tsolúbthacht agus an chost-éifeachtacht i ndearadh agus i láithriú na gclár a ghabhann le struchtúr modúlach a shroicheadh go mbíonn an Institiúid modúlaithe go hiomlán. Caithfear imshaol cuí TE a chruthú chun sochair iomláin a bhaint as an gcóras modúlach. Beidh an tréimhse 2007-10 thar a bheith tábhachtach chun luas imeachta an athraithe seo a thiomáint ar aghaidh agus leas ceart a bhaint as buntáistí, mar atá. cur i gcás, an tsolúbthacht agus rogha níos fearr d'fhoghlaimeoirí agus deiseanna foghlama saothar-bhunaithe fad saoil chur ar fáil.

7 Bunaithe ar shuirbhé de chéimithe a rinne Oifig Gairme na hInstitiúide i 2005.

2.2.5 Staidéar Iarchéime

D'chumraíodh struchtúir na hInstitiúide ó bhonn sa bhliain 2004, nuair a rinneadh leathnú ar na freagrachtaí a bhí ar fheidhmeannach sinsearach chun cinnireacht a dhéanamh ar staidéar iarchéime agus nuair a chruthaíodh aonaid nua chun tacú le scoláirí taighde iarchéime. I rith na tréimhse pleanála rinne Comhairle na nDámhachtainí Ard-Oideachais agus Oiliúna (CDAO) athbhreithniú idirnáisiúnta agus, i limistéir sainithe áirithe, bronnadh an t-údarás ar an Institiúid dámhachtaíní a thabhairt ar na leibhéil 9 agus 10. Sa bhliain acadúil 2005/6 bhí 212 scoláirí iarchéime ag an Institiúid, méadaithe ó 138 mar a bhí sa bhliain 2002.

Aithníodh freisin an gá a bhí le frámaíocht rialála, bunaithe ar phrionsabail praiticiúla. Thug comhairle acadúil na hInstitiúide an tasc seo chun críche agus ba chuidiú ríthábhachtach le seo an t-údarás a fuarthas chun dámhachtainí taighde a bhronnadh. Tá forbairt déanta ag an Institiúid freisin ar an gclár oiliúna le haghaidh scoláirí agus maor taighde. Sa phlean 2007-10, tabharfar an-tosaíocht don riachtanas atá ann chun feabhsú cáilíochta a chur i bhfeidhm sa limistéar seo, ag réiteach leis an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr, agus leis an ngá atá le tír na hÉireann a athchruthú ar an gCeathrú Leibhéal.

Tá brí ar leith ag baint le hainmniú mar ollscoil a iarraidh leis an bpunann oibre iarchéime agus le hábaltacht na hInstitiúide an phunann sin a fhorbairt agus a fhás, go háirithe ar an gceathrú leibhéal.

2.2.6 Próifíl Taighde agus Forbartha

Cheap an Institiúid Ceann ar Thaighde agus ar Nuálaíocht sa bhliain 2004 agus bhunaíomar Oifig Thaighde agus Nuálaíochta chun cuidiú le forbairt na n-imeachtaí taighde agus na dtograí i gcomhair maoinithe. Tá éirithe go han-mhaith leis an oifig agus sa bhliain acadúil 2005/06 tá €10.6m de mhaoiniú taighde tugtha isteach trí chláir oibre iomaíochtúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá áit chun tosaigh fós á imirt ag an Institiúid sna cláir taighde, náisiúnta agus idirnáisiúnta, ar nós clár frámaíochta an AE agus clár taighde tráchtálaithe na bhforas oideachais.

Cloch mhíle an-tábhachtach i straitéis na taighde ba ea oscailt an Lárionaid um Thaighde agus Nuálaíochta, 'ArcLabs', sa Champas Thiar i gCarraig an Óir. D'oscail an Taoiseach Bertie Ahern TD, an Lárionad go hoifigiúil i Mí Dheiridh Fómhair, 2006. Tá an Lárionad an-nuálaíoch sa bhealach a dhéantar an taighde bhunaigh, an fhiontraíocht agus an nuálaíocht a nascadh le chéile.

2.2.7 Comhar agus Naisc le Tionsclaíocht

Lean an Institiúid ag déanamh teagmhálacha le lucht tionscail agus á ndaingniú i gcaitheamh na tréimhse 2003/06. Tháinig na naisc seo as comhpháirtíochtaí taighde agus forbartha agus trí shainchúrsaí staidéir, cúrsaí a bhí curtha in oiriúint do riachtanais an tionscail nó gnólachtaí áirithe. D'éirigh go han-mhaith leis an Institiúid ag forbairt na fiontraíochta trí chláir ar nós CAFOD[8] (Clár Ardán Fiontraíochta an Oirdheiscirt) agus trí bhraislí a dhéanamh as grúpaí agus as earnálacha tionsclaíocha ar nós EnAct agus MERGO[9].

Tá naisc mhóra tráchtála ag an Institiúid trí ionaid taighde agus leanfar ag treisiú na nasc seo sa tréimhse 2007/10. Tá seo ríthábhachtach i straitéis na taighde, áit a chuirtear an bhéim ar thábhacht na nasc tionsclaíocha mar chomhpháirt d'aon chlár oibre taighde. Sna réigiúin freisin beidh acmhainn mhór chun fáis feasta i nuair a chruinneofar na cumais lárnacha áitiúla isteach in imeachtaí ceathrú leibhéil, go háirithe i Loch Garman agus i gCill Chainnigh.

2.2.8 Foghlaim Fad Saoil, Conairí Gairme agus Forbairt Leanúnach Gairme

Tá forbairt níos leithne fós déanta ar oidhreacht na foghlama fad saoil le trí bliana anuas. Tá Scoil an Oideachais agus na Forbartha Gairmiúla curtha ar bun chun tógáil ar a bhfuil déanta in oideachas aosach agus in oideachas leanúnach. Is í fealsúnacht na Scoile ná na deiseanna oideachais a fhorbairt, a fheabhsú agus a sholáthar, ar gach leibhéal den saol.

Níos leithne fós, tá roinnt clár tosaithe ag an Institiúid, dírithe ar thionscail áirithe nó ar ghnólachtaí, d'fhonn cáilíochtaí agus scileanna a fheabhsú. Baineann seo go speisialta le gá sa réigiún seo na deiseanna a chur ar fáil chun go mbeidh gach taobh den phobal i n-ann teacht ar chláir a bhéas oiriúnach dóibh.

8 http://www.seepp.ie
9 http://www.mergo.ie

Tá ag éirí go maith i gcónaí le haonad tacaíochta gnó na hInstitiúide in Inis Córthaidh; tá oideachas for-rochtana pobal-bhunaithe curtha ar fáil i gCathair agus i gContae Phort Láirge; rinneadh cláir a fhorbairt go speisialta le haghaidh gnólachtaí i gCill Chainnigh; ritheadh cúrsa dioplóma iarchéime i léiriúchán teilifíse (as Gaeilge) i Rinn Ó gCuanach agus ritheadhr clár feidhmeannais i Máistreacht le Riarachán Gnó (MBA) do bhainisteoirí i nDún Garbhán.

Is cumasóirí iad don fhoghlaim fad saoil na cláir modúl-bhunaithe creidmheas-charnacha atá á gcur ar fáil, go háirithe na cláir forbartha gairme a réitíonn an bealach don fhoghlaimeoir ó chéim amháin den bheatha go dtí céim eile (ar nós ó staidéar go dtí obair nó ó fhostaí go dtí bainisteoir). Maidir le seo, tá na fothaí curtha síos le slite nua a dhéanamh a chuideoidh leis an bhfoghlaimeoir i bhforchéimniú na beatha, agus, bunaithe ar a bhfuil déanta go dtí seo, déanfar an chéad chéim eile den straitéis seo a fhorbairt níos sia fós amach anseo.

2.2.9 Idirnáisiúnú

Aithnítear gur cuid mhór d'imshaol éifeachtach foghlama is ea a bheith i gcónaí ag iarraidh na scoláirí agus an fhoireann a gríosú chun gluaiseachta idir an Institiúid agus an domhain mór atá timpeall orainn. I gcaitheamh na tréimhse 2003-6 chothaigh an Institiúid naisc idirnáisiúnta san Eoraip, san Áis, sna Stáit Aontaithe agus i Meiriceá Theas. As rang na gcéimithe don bhliain 2006, bhí ionadaithe as 22 tír lasmuigh d'Éirinn i measc na 2900 céimí nua. Is ionann an líon scoláirí idirnáisiúnta lánaimseartha atá againn anois ná 7% d'iomlán na scoláirí. Tá an lucht acadúil i gcónaí ag triall ón iasacht chun am a chaitheamh ag an Institiúid agus leanann muid ag tacú le saoire shabóideach agus eile a thabhairt ionas gur féidir le baill dár bhfoireann féin am a chaitheamh in Institiúidí thar lear.

Tá Oifig láidir Idirnáisiúnta bunaithe ag an Institiúid a dhéanann freastal ar na scoláirí go léir a thagann as tíortha an AE agus níos faide i gcéin. Tá foireann de sheisear lánaimseartha ag an Oifig Idirnáisiúnta agus ceathrar bhall comhlach.

Tá fás sonrach tagtha ar líon na scoláirí idirnáisiúnta san Institiúid agus tá 400 scoláire ón iasacht anois ann. Mar fhigiúr optamach, tá sé d'aidhm ag an Institiúid an figiúr sin a thabhairt go dtí 10% d'iomlán na scoláirí. Déanfaidh an Institiúid gach dícheall chun an sprioc seo a bhaint amach sa tréimhse 2007-10.

2.2.10 Teicneolaíocht

Bhí an Institiúid i gcónaí ag infheistiú go láidir sa teicneolaíocht agus d'infheistíomar €3.64m i rith na tréimhse pleanála. Sa bhliain 2005 d'osclaíodh Foirgneamh an Bháltúnaigh um Theicneolaíocht an Eolais, rud a chuir feabhas an-mhór leis na hacmhainní teicneolaíochta eolais a bhí ar fáil ag na scoláirí. D'fhéadfadh dul chun cinn níos fearr a bheith déanta sa ríomhfhoghlaim b'fhéidir, ach ar a laghad tá roinnt clár tosaigh á dtairiscint anois i modh cumasctha foghlama.

Tá páirt shonrach ag an dteicneolaíocht anois ag soláthar seirbhísí san Institiúid agus rinneadh athruithe tríthi san imshaol foghlama (ar nós WebCT mar chomhéadan teagaisc agus foghlama), i gcórais riaracháin ar nós na gclár ar-líne agus i bhfaisnéis na bainistíochta (trí fheidhmchláir níos éifeachtaí a chur ar fáil).

Is dúshlán mór leanúnach é i gcónaí an gá atá le teicneolaíocht a athnuachan agus a chothabháil.

2.3 Clabhsúr

Is léir go bhfuil na spriocanna straitéiseacha don tréimhse 2003-06 curtha i gcrích ag an Institiúid agus is bonn daingin é sin le haghaidh tógála níos mó fós sa tréimhse 2007-10 agus le bheith iontaobhach go bhfuil próisis na hInstitiúide lánfhoirfe chun na spriocanna atá á gcur romhainn a thosú, a mhaoirseacht agus a thabhairt chun críche.

Caibidil 3

Mórthéamaí don Todhchaí

Mórthéamaí don Todhchaí

Priomh-sprioc ard 1

“Déanfaidh muid réigiún eolais bheo bhríomhar a fhorbairt a bhéas ábhartha go hidirnáisiúnta agus a chothóidh malartú idirnáisiúnta de smaointe, de theicneolaíocht agus de dhaoine.”

Bunaithe ar mhisean na hInstitiúide agus an chaoi a bhfuil cúrsaí faoi láthair tá cúig chinn de mhórthéamaí aitheanta ag Institiúid Teicneolaíocht Phort Láirge mar fhrámaíocht do Phlean Straitéiseach don tréimhse 2007-2010.

Is iad seo iad:

1. fócas réigiúnach a thógáil trí idirnáisiúnú;
2. ag cumhachtú an tsainfhoghlaimeora
3. ag eagrú le haghaidh fáis;
4. ag feabhsú giniúint an eolais agus aistriú an eolais;
5. ag cothú timthriall an fheabhsaithe straitéisigh;

3.1 Fócas réigiúnach a thógáil trí idirnáisiúnú

Cé gur iomaí bealach atá le feabhas a chur ar fhorbairt réigiúnach is iad na réigiúin a mbíonn an rath is mó orthu ná na réigiúin a lorgaíonn inspioráid taobh amuigh dá dteorainneacha féin. Is é an toradh atá ar an gclaonadh chun na hoscailteachta san ard-oideachas ná go scaiptear eolas forleathan ar shlata tomhais na hardcháilíochta agus na hardfheidhmíochta agus bíonn siad ar an margadh idirnáisiúnta. Sa mhéid seo ní foláir don Institiúid a dheimhniú go bhfuil an caighdeán idirnáisiúnta is fearr mar shlat tomhais i gcoinne imeachtaí uile na hInstitiúide. Freisin, ní féidir an misean i dtreo an réigiúin foghlama a a chur i gcrích ach ar bhonn na gcaighdeán idirnáisiúnta. Is féidir leis an ard-oideachas páirt an-mhór a imirt chun eolais idirnáisiúnta agus daoine a chasadh isteach sa réigiún trí infheistíocht ardteicneolaíochta agus daoine a mhealladh, agus amach as an réigiún trí na hardchumais speisialtachta atá sa réigiún a onnmhairiú. Maidir le seo, tá an priomh-sprioc ard 1 a leanas curtha romhainn don treimhse 2007-10.

3.2 Ag cumhachtú an tsainfhoghlaimeora

Is é an céimí an príomhtháirge a thagann as aon fhoras ard-oideachais. Fágann na céimí an Institiúid le sraith de scileanna ina mbíonn eolas, cumas intleachta agus forbairt phearsanta iontu. Creideann an Institiúid go mba cheart go gcruthófaí comhchruinniú lárnach de shaintréithe in aon fhoghlaimeoir san Institiúid. Is iad na tréithe seo, a leagadh síos i bplean 2003-6 (agus achoimrithe ní ba bheaichte i gCaibidil 6 den phlean seo), atá ina gcomharthaí ag an gcéimí leithleach so-aitheanta a thagann as ITPL. Aithníonn an Institiúid freisin go mba chóir go mairfeadh an gaol idir an céimí agus an Institiúid i ndiaidh lá bronnta na céime, Nuair a chruthaítear an fonn i gcomhair na foghlama fad saoil sna céimithe ní mór don Institiúid an fhreagracht a ghlacadh uirthi féin chun deiseanna a sholáthar ionas gur féidir leis na céimithe céanna a gcuid eolais, a gcuid intleachta agus a gcumais idirphearsanta a fhorbairt. Maidir le seo, tá an priomh-sprioc ard 2 a leanas curtha romhainn don treimhse 2007-10.

3.3 Ag eagrú le haghaidh fáis

Aithnítear go gcaithfear an t-imshaol oiriúnach a chruthú maidir le hacmhainní, struchtúr agus freagrachtaí as na ról sular féidir na spriocanna atá leagtha amach ag an Institiúid a bhaint amach. Ní foláir pleananna cuí i gcomhair acmhainní agus i gcomhair forbartha corpartha a cheapadh más áil linn ár n-uaillmhianta a chur i gcrích. Beidh na hathruithe móra a thiocfaidh sna nua-theicneolaíochtaí agus san iomaíocht go láidir farainn sa tréimhse 2007-10. Tá dúshláin úra romhainn agus de dheasca na bpleananna uaillmhianacha maidir le forbairt chaipitiúil agus struchtúir rialachais beidh athchumrú de dhíth ar rialachas, ar mhodhanna oibre agus ar dháileadh acmhainní. Ní mór dúinn gach dícheall a dhéanamh chun an ghnáth-rithim nó cúrsaíocht oibre san Institiúid a choimeád ar siúl. Maidir le seo, tá an priomh-sprioc ard 3 a leanas curtha romhainn don treimhse 2007-10.

Priomh-sprioc ard 2

"Leanfaidh muid do chruthú an tsainfhoghlaimeora, a aithneofar trí shaintréithe uathúla ár gcéimithe agus déanfaidh muid iad a chumhachtú chun iad féin a fhorbairt trí fhoghlaim fad saoil a chleachtadh."

Priomh-sprioc ard 3

"D'fhonn ár n-aidhmeanna straitéiseacha a bhaint amach, leanfaidh muid d'athnuachan agus d'fhorbairt an rialachais iomchuí agus na struchtúir airgeadais agus oibriúcháin is fearr de réir an chleachtais idirnáisiúnta is fearr."

Priomh-sprioc ard 4

"Cruthóidh muid nua-eolas i gcomhar lenár réigiún agus cuideoidh muid lenár réigiún an nua-eolas sin a úsáid chun forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha a chur chun cinn."

Priomh-sprioc ard 5

"Ar mhodh oscailte agus trédhearcach, tabharfaidh muid áit lárnach inár n-imeachtaí go léir d'fheabhsú na cáilíochta agus beidh muid de shíor ag athbhreithniú agus ag f eabhsú ár gcuid oibre."

3.4 Ag feabhsú giniúint an eolais agus aistriú an eolais.

Tá cruthú d'Éirinn an cheathrú leibhéal mar pháirt lárnach de pholasaí an Rialtais. Tá bonneagar seanbhunaithe taighde ag an Institiúid agus tá clú orainn ó thaobh taighde agus forbartha de. Tá níos mó tábhachta ná riamh ag baint le saothar den chineál sin agus tá feabhsú leanúnach ar acmhainn na taighde riachtanach chun an réigiún a fhorbairt. Ina fhochair sin, tá braislí móra de scileanna leithleacha sna hionaid réigiúnacha gur féidir breis forbartha a dhéanamh orthu i gcomhpháirt leis an Institiúid. Tá an Institiúid tiomnaithe d'fhorbairt agus d'fheabhsú na n-imeachtaí eolas-bhunaithe i ngach limistéar sa réigiún. Éilíonn seo go gcaithfidh an Institiúid na comhpháirtíochtaí agus na líonraí a fheabhsú ar fud an réigiúin agus meáin úra a chruthú chun eolais a aistriú isteach agus amach as an Institiúid. Aithníonn an Institiúid gur iomaí suíomh atá le heolas a chruthú agus gurb é an cur chuige is fearr le feabhas a chur ar chruthú, ar leathadh agus ar fheidhmiú an eolais ná comhpháirtíochtaí dlútha chomhchleithiúnacha a dhéanamh. Maidir le seo, tá an priomh-sprioc ard 4 a leanas curtha romhainn don treimhse 2007-10.

3.5 Ag cothú timthriall an fheabhsaithe straitéisigh

Sa tréimhse dheireanach pleanála bhunaíodh an Oifig um Phleanáil Straitéise agus cheapadh Bainsiteoir Cáilíochta. Sa tréimhse seo déanfar an acmhainn seo a fhorbairt níos faide fós, agus déanfar cúram ar leith chun timthriall an fheabhsaithe straitéisigh a chur chun cinn agus a chothú. Déanfar córas bainistíochta cáilíochta a thionscnamh sa tréimhse phleanála seo, córas intomhaiste, bunaithe a thorthaí. Tabharfar feabhsuithe leanúnacha isteach freisin i modh earcaíochta na scoláirí agus i láithriú agus i measúnú na gclár oibre. Is dúshlán lárnach ag na forais ard-oideachais go léir córas éifeachtach dearbhaithe cáilíochta agus feabhsaithe a chur i bhfeidhm. Maidir le seo, tá an priomh-sprioc ard 5 a leanas curtha romhainn don treimhse 2007-10.

3.6 Clabhsúr

Sa chaibidil seo leagtar amach spriocanna ardleibéil atá curtha roimh an Institiúid don tréimhse 2007-10. Sna caibidlí a leanann tá liosta sonraithe d'imeachtaí a rachaidh an Institiúid ina mbun d'fhonn na n-ardspriocanna seo a bhaint amach.

Caibidil 4

An Phunann Acadúil



An Phunann Acadúil

4.1 Réamhfhocal

Dúshlán lárnach san ard-oideachas is ea freagairt chóir a dhéanamh ar riachtanais athraitheacha na sochaí, cláir nua oibre a cheapadh agus le cumraíocht úr a chur ar dhisciplíní. Tuigeann an Institiúid an gá atá le punann acadúil a chur le chéile a fhreagraíonn do riachtanais an phobail agus atá inniúil freisin ar athrú a dhéanamh de réir riachtanas na nua-dhisciplíní atá ag teacht chun cinn agus riachtanas na n-athruithe sna scileanna réigiúnacha. Baineann seo go mór le cumas na hInstitiúide comhoibriú dlúth a dhéanamh le tionsclaíocht réigiúnach agus le lucht tráchtála chun próiseas an-luachmhar a chothaíonn an iomaíocht idirnáisiúnta a chur ar fáil, go háirithe ar an gceathrú leibhéal.

Chun na spriocanna seo a bhaint amach tabharfaidh an Institiúid aghaidh ar chúig phríomhréimse.

1. Curaclam solúbtha a chruthú, trí mhodúlú, a chuirfidh leis an tsolúbthacht don fhoghlaimeoir, le na modhanna an chur i láthair agus a fheabhsóidh an acmhainn foghlama fad saoil;
2. Leanúint d'fhorbairt na punainne céime is oiriúnaí don réigiún agus a thabharfaidh an luach is fearr don fhoghlaimeoir agus don réigiún;
3. Forbairt níos leithne ná riamh a dhéanamh ar na cláir oibre iarchéime chun na n-iarchéimithe a chur chun cinn ina ngairmeacha agus chun freastail ar riachtanais níos leithne sa réigiún.
4. Líon na scoláirí ón iasacht san Institiúid a mhéadú d'fhonn éagsúlacht a fheabhsú agus áitiú idirnáisiúnta a bhunú sa réigiún;
5. Cáilíochtaí an fheabhais a aithint sa teagasc agus sa bhfoghlaim d'fhonn aeráid chun feabhais leanúnach a chothú.

4.2 Ag tógáil solúbthachta tríd an gcóras modúlach

Gnóthachan ríthábhachtach sa tréimhse 2003-6 ba ea struchtúr modúlach a fhorbairt le haghaidh na gclár oibre. Dá bhíthin sin is féidir cumas foghlama níos solúbtha agus níos scoláire-lárnaí a chur i bhfeidhm sa tréimhse 2007-10. Déanfaidh an Institiúid go speisialta

1. an struchtúr modúlach a thabhairt faoi úim chun rogha níos leithne a thabhairt d'fhoghlaimeoirí sna modúil a thoghann siad;
2. staidéar trasdhisciplíneach a éascú, go háirithe slite agus struchtúir a fhorbairt i gcomhair oibre ildhisciplíní;
3. modhanna foghlama agus measúnaithe níos solúbtha a éascú;
4. deimhniú go mbíonn comhoiriúnacht idir an struchtúr modúlach agus na frámaíochtaí náisiúnta, Eorpacha agus idirnáisiúnta mar aon le caighdeáin de dhearbhú cáilíochta chun soghluaiseacht na scoláirí isteach agus amach as an Institiúid a éascú;
5. éascú a dhéanamh ar chur i láthair oideachais obair-bhunaithe agus an chian-oideachais;
6. córas forbartha an gclár nua a athbhreithniú, chun solúbthacht níos fearr de dhearbhú cáilíochta a chinntiú i ndearadh na gclár, agus an carnadh creidmheasa a úsáid ar mhaithe le foghlaim fad saoil agus feabhas a chur ar na hacmhainní agus ar éifeachtacht an chostais;
7. córais iomchuí faisnéise agus struchtúir riaracháin a fhorbairt chun tacú leis an gcóras modúlach.

4.3 Na Cláir Iarchéime

Is í an tslí is fearr chun foghlaimeoirí a tharraingt isteach agus iad a fhorbairt ná punann bhríomhar ábhartha i gcomhair céime a bheith ar fáil. Bíonn an Institiúid de shíor ag athbhreithniú agus ag athnuachan na punainne céime atá aici. Sa tréimhse 2003-6 d'fhás líon iomlán na bhfochéimithe 3%, mar a léirítear in Tábla 1 thíos. Tá an neart coinnithe ag an Institiúid sna Scoileanna Gnó, Daonnachtaí, Innealtóireacht agus Eolaíochtaí na Sláinte. Bhí fás de 13% iontu siúd ach bhí titim de 10% i Scoil na hEolaíochta (mar a bhí i bhforais eile ar fud na tíre) faoi mar atá léirithe in Tábla 2. Mar sin féin, táthar ag súil le fás i ngach limistéar den Institiúid sa tréimhse 2007-10. Beidh an fás srianta ar ndóigh ag méid an dul chun cinn a dhéanfar ar fhorbairt an spáis, ag teorannú na n-acmhainní agus ag an ngá le deimhniú go mbeidh an chumraíocht iomchuí á dhéanamh ar an cláir oibre a bhéas ar thairiscint. Maidir le seo, de réir na pleanála, fásfaidh líon na scoláirí bunchéime go dtí 6,300 ó thimpeall 5,700, mar atá anois. Sin ráta fáis 9% sa tréimhse go dtí 2010. Léirítear miondealú an fháis seo sna Táblaí 1 & 2.

Chun a bheith siúráilte go mbainfear na spriocanna fochéime seo amach déanfaidh an Institiúid

1. leanúint ar aghaidh le cláir staidéir atá ábhartha do riachtanais agus do neart an réigiúin a chruthú agus a fhorbairt;
2. an t-eolas a neartú i measc na n-ábhar scoláirí go léir faoi na cláir atá ar thairiscint agus faoi oiriúnacht na gclár do na cuspóirí gairme atá acu;
3. leanúint d'fhorbairt na modhanna iontrála ar an leibhéal neamhchaighdeánach, agus méadú dá réir a chur ar an gcomhréir d'iontrálaithe neamhchaighdeánach ó 19% go dtí 25% i gcaitheamh na gceithre mbliana atá romhainn;
4. an rochtain sna ceantair réigiúnacha a fheabhsú trí áiseanna for-rochtana a sholáthar más féidir;
5. na rátaí coinneála a fheabhsú agus deiseanna níos fearr a thairiscint i gcomhair oideachais leanúnaigh agus foghlama fad saoil;
6. forbairt na gclár oibre idir dhisciplíní a éascú;
7. na cláir a athbhreithniú mar chuid d'atriall d'fheabhsú cáilíochta d'fhonn an phunann de chláir oibre a choimeád athnuaite i gcónaí;
8. na cumais (na hacmhainní) mar atá siad a aistriú go dtí limistéir nua;
9. frámaíocht chun clár nua straitéise agus airgeadais a fhaomhamh;
10. grúpa a bhunú chun measúnú a dhéanamh ar inmharthanacht straitéiseach agus airgeadais na nua-fhorbairtí sna cláir oibre.

4.3.1 Soláthar do Phrintísigh agus d'Fháilte Éireann

Tá an Institiúid tiomanta ar oideachas a sholáthar do phrintísigh agus cláir oibre de chuid Fáilte Éireann a sholáthar a bheadh ar aon dul leis an gcuspóir go gcuirfí réimse iomlán de dhámhnachtainí ar fáil chun tacú thacú leis na riachtanais náisiúnta agus réigiúnach. Sa bhliain 2005/6 shroich an t-iomlán d'iontrálacha ó phrintísigh agus ó Fháilte Éireann an figiúr 892. Maidir le seo, tá na Institiúid tiomanta d'infheistíocht leanúnach a dhéanamh sna réimsí seo agus tá sé faighte amach againn go bhfuil gá le cláir nua sa Phluiméireacht freisin.

Choinnigh an líon iomlán de chláir printíseachta agus cláir Fáilte Éireann ard go leor sa tréimhse 2003-6 agus tá acmhainn láidir fáis don Institiúid iontu siúd.

4.3.2 Forbairt clár na bhfochéimithe

Tá an Institiúid tar éis ábhair clár oibre oiriúnach d'fhochéimithe a aimsiú agus déanfar iad seo a fhorbairt i ngach aonad acadúil sa tréimhse 2007-10. Tá na cláir seo achoimrithe faoi Thábla 3 thíos. Caitheann próiseas athbhreithnithe na bpunann léargas ar chláir oibre nach bhfuil éileamh orthu a thuilleadh ó fhoghlaimeoirí ná ó fhostóirí. Caithfidh an Institiúid breith a thabhairt cibé acu ar cheart na cláir sin a chríochnú, iad a chur isteach le cláir eile nó athnuachan a dhéanamh orthu.

Tábla 1
Iontrálacha Scoláirí Lánaimseartha de réir Léibhéil na nDámhachtainí

Cineál	'02/3	'05/6	Tuartha 2010
Iarchéimeanna	209	237	1,000
Céim Bhaitsiléara (H)	2,207	2,679	4,000
Céim Bhaitsiléara (O)	1,789	1,840	1,200
Ard-Teastas	1,628	1,244	1,100
Iomlán	**5,833**	**6,000**	**7,300**

Figiúr 1
Iontrálacha Lánaimseartha de réir na Scoile



10 Bunaíodh Scoil na nEolaíochtaí Sláinte sa bhliain 2004.

Figiúr 2
Áiteanna Dúchais ár Scoláirí go léir 2005/6 [11]



Contae/ Tír	2005/6	%
Port Láirge	1326	23
Loch Garman	1049	17
Tiobraid Árann	685	11
Cill Chainnigh	735	12
Ceatharlach	196	3
Iomlán Réigiún OD	3991	66
Cuid eile d'Éirinn	1544	26
Stáit AE	205	3
Stáit Neamh-AE	260	5
Iomlán	6000	100

11 Oifig an Chláraitheora, Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge

Tábla 2 Eochair-Phleananna na Scoileanna d'Fhorbairt na gClár Oibre Fochéime

Scoil	Eochair-Phleananna d'Fhorbairt na gClár Oibre
Gnó	Neartóidh an Scoil na cláir sna limistéir airgeadais agus infheistíochta agus cruthóidh siad roghanna níos fearr sna cláir idir dhisciplíní, le Scoil na nEolaíochtaí Sláinte go háirithe. Cruthóidh an Scoil clár ginearálta sa ghnó ar leibhéal 7 d'fhonn roghanna iontrála níos leithne a thairiscint.
Oideachas & Forbairt Ghairmiúil	Cruthóidh an Scoil cláir nua in oideachas na n-aosach agus oibreoidh siad le tionsclaíocht áitiúil d'fhonn dámhachtainí a chruthú le haghaidh tionscal ar leith. Cruthófar freisin dámhachtainí iarchéime sa bhforbairt ghairmiúil mar aon le roghanna níos fearr i gcláir idir dhisciplíní.
Innealtóireacht	Neartóidh an Scoil an phunann ailtireachta agus cruthóidh siad cláir nua i suirbhéireacht chainníochta agus in innealtóireacht na seirbhísí tógála.
Eolaíochtaí Sláinte	Tá pleananna ag an scoil raon clár a fhorbairt sa Scoil agus i gcomhar le scoileanna eile. Ina measc beidh altranas, oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte, bainistíocht sheirbhísí sláinte, eiticí i gcúram na sláinte, cógastheiripe, sláinte dhaonra agus phobail, bainistíocht spóirt agus siceolaíocht.
Daonnachtaí	Cruthóidh Scoil na nDaonnachtaí roinnt clár nua i dtrí roinn. Ina measc beidh cláir nua in ealaín na cócaireachta, na healaíona cruthaitheacha agus na taibh-ealaíona, obair don phobal, socheolaíocht, siceolaíocht agus cúram sóisialta.
Eolaíocht	Tá ábhair clár aimsithe ag Roinn na nEolaíochtaí Ceimice agus Beatha i limistéir an imshaoil, bia, talmhaíocht, foraoiseacht agus sna eolaíochtaí bithleighis agus déanfar iad sin a fhorbairt sa tréimhse 2007-10. I Roinn na Ríomhaireachta, Mata agus Fisice tabharfar cláir breise i ríomhaireacht fhóiréinseach, i dteicneolaíocht cluichí agus cruthófar deiseanna rochtana níos fearr trí chlár ar leibhéal a seacht a chruthú sa ríomhaireacht fheidhmeach.

4.3.3 An soláthar réigiúnach

Is soláthraí réigiúnach í an Institiúid agus is comhartha soiléir den rath atá uirthi an méid scoláirí a thagann as an réigiún féin. Léiríonn Tábla an phróifíl 4 thíos próifíl áiteanna dúchais na scoláirí sin faoi láthair.

Leanfaidh an Institiúid ag díriú na seirbhíse ar phobal an Oirdheiscirt agus díreach mar chuspóir leis sin na rátaí páirtíochta i measc lucht fágála na scoile san Oirdheisceart a mhéadú. Faoi láthair seasann na rátaí páirtíochta ar 54% cé go bhfuil na meáin náisiúnta ar 55% mar a léiríonn Tábla 5.

Leanfaidh an Institiúid ag forbairt na gclár ábhartha réigiúnacha agus oibreoidh muid le scoileanna d'fhonn an pháirtíocht a mhéadú, ar a laghad go dtí na meáin náisiúnta. Is féidir a aithint ón idirdhealú réigiúnach i bPort Láirge agus Cill Chainnigh gur práinn-cheantair iad mar atá an pháirtíocht go maith faoi bhun an mheáin.

4.3.4 Ilchineálacht

Aithníonn an Institiúid an gá atá le hilchineálacht i measc na scoláirí agus i dtaithí chultúrtha an fhoghlaimeora. Sa mhéid seo, tá rún daingin ag an Institiúid grúpa ilchineálach scoláirí a chruinniú le chéile, go háirithe grúpa atá idirnáisiúnta ina gcomhdhéanamh. Tá sé mar sprioc againn go mbeidh 10% den lucht foghlama lánaimseartha de bhunús idirnáisiúnta faoin mbliain 2010.

Tá an t-éileamh ar chláir de leibhéil difriúla ag athrú freisin de réir mar atá eacnamaíocht an eolais á chruthú ag Éirinn. Bítear ag iarraidh ar lucht fágála na scoile dul ar aghaidh chuig leibhéal 8 in ionad céim a fháil ar leibhéal 7 nó a 6. Tá sé de rún daingin ag an Institiuid réimse iomlán de chláir iontrála a thairiscint, ag teacht leis na tairiscintí atá ann anois ach a thugann aird ar an athrú san éileamh. Athróidh comhdhéanamh an lucht foghlama i rith na mblianta atá romhainn agus beidh béim ní ba threise á chur ar chláir Leibhéal 8 ad initio. Mar sin féin tá rún fós ag an Institiúid cláir iontrála leibhéal 6 agus leibhéal 7 a thairiscint sna scoileanna acadúla go léir.

Tá breis éilimh ag foghlaimeoirí anois ar dhámhachtainí beaga gearrthéarmacha a chuireann le cáilíochtaí atá acu cheana nó a threoraíonn ar chonairí nua gairme iad. D'fhonn freastail ar an raon is leithne d'fhoghlaimeoirí tá an Institiúid tiomanta do sholáthar deiseanna do fhoghlaimeoirí modúil aonair nó grúpaí de mhodúil a thógáil i gcomhair teistiméireachtaí indibhidiúla. Baineann an cheist seo go mór le fhoghlaimeoirí páirtaimseartha a bhfuil solúbthacht níos mó uathu maidir le rogha agus críochnú na modúl.

Is comhpháirt dheireanach in ilchineálacht na bhfoghlaimeoirí agus sa phunann acadúil go bhfuil rún daingin atá ag an Institiúid go mbeidh ilchineálacht dhéimeagrafach sa bhuíon scoláirí. Is fórsa é a thiománann an Institiúid chun gnímh agus is ábhar práinne sa réigiún é an gá atá le foghlaimeoirí as cúlra sách bocht a choinneáil san ardoideachas. Tá baint mhór leis na déimeagrafaigh socheacnamaíocha le lag-pháirtíocht san ard-oideachas sa réigiún. Chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb seo ní foláir don Institiúid cláir for-rochtana a fhorbairt chun tacú go luath le foghlaimeoirí sa phobal. Déanfar é seo trí chláir san Ionad um Chúnamh, Rochtain, Coinneáil agus Teagasc (ICRCT) agus san Lárionad Teagaisc Matamaitice, Eolaíochta agus Teicneolaíochta (LITMET) agus trí bhród as gnóthachan na foghlama a dhingeadh isteach sna scoláirí trí aitheantas ceart a thabhairt ar gach ghnóthachan a bhaintear amach.

4.4 Na Cláir Iarchéime

Tá leathnú mór déanta ag an Institiúid ar a cuid ofrálacha iarchéime i rith na tréimhse 2003-6 agus táthar ag súil go leanfaidh an fás seo sa tréimhse 2007-10. Leagtar amach sonraí an fháis i dTábla 6 thíos maille leis na huimhreacha atá tuartha le haghaidh 2010.

Tá cáilíochtaí iarchéime, go háirithe cáilíochtaí a ligeann an bhéim ar thaighde agus ar chruthú an eolais, ríthábhachtach don réigiún seo má tá soláthar de chaipiteal intleachtach le bheith ar fáil atá ábalta nuálaíocht a ghiniúint, chomh maith le daoine, teicneolaíocht agus infheistíocht a mhealladh chun na háite. D'fhonn an leibhéal riachtanach seo i bhfás iarchéime a bhaint amach, déanfaidh an Institiúid:

1. líon na gclár múinte ar leibhéal na máistreachta a mhéadú (féach liosta thíos);
2. Scoil Gnó iarchéime a chruthú chun tacú le hoideachas na bhfeidhmeannach agus le hoideachas gairmiúil iarchéime:
3. uimhreacha na máistreachtaí múinte a mhéadú trí cuidiú le foghlaimeoirí páirtaimseartha agus trí chúrsaí máistreachta idirlinne a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí ón iasacht;
4. dochtúireachtaí a thabhairt isteach faoi na Scoileanna Gnó, Oideachais agus Forbartha Gairmiúla;
5. braislí taighde a neartú d'fhonn na ndeiseanna i gcomhair maoiniú a fheabhsú do scoláirí ar leibhéal an PhD;
6. tógáil ar na chumais agus na speisialachais réigiúnacha, i gcomhpháirtíocht le tionsclaíocht agus le fiontraíocht réigiúnach, ag teacht le cuspóirí maoinithe náisiúnta, d'fhonn leibhéil na taighde inmheánaí a dhéantar i ngnólachtaí a mhéadú;
7. lárionaid barr feabhais a fhorbairt i gCill Chainnigh agus i Loch Garman;
8. méadú a chur leis an gcumas chun maoirseachta a dhéanamh ar chláir clár taighde leibhéal 10 trí thacaíocht a thabhairt do chláir forbartha foirne;
9. samhail (socrú) airgeadais nua a fhorbairt i gcomhair na gclár ar leibhéal 9 agus 10.

Forbairt na gClár Iarchéime

Tá roinnt samhail de chláir iarchéime aimsithe ag an Institiúid a fhorbrófar sa tréimhse 2007-10 agus atá athchoimrithe faoi Thábla 7 thíos.

Figiúr 3
Rátaí Páirtíochta de réir na gContaetha i 2004[12]



Tábla 3
Réamh-mheastachán an Fháis i Lion agus i bPróifíl na Scoláirí 2010

Scoil	'05/6	2010 Projection
Gnó	99	270
Innealtóireacht	37	100
Daonnachtaí	21	205
Eolaíochtaí Sláinte	13	175
Eolaíocht	42	250
Iomlán	**212**	**1,000**

12 Údarás um Ard-Oideachas (2006), 'Who went to College in 2004? A National Survey of New Entrants to Higher Education' Oifig na bhFoilseachán Rialtais, Baile Átha Cliath

Tábla 4 Eochair-Phleananna um Fhorbairt na gClár Iarchéime

Scoil	Eochair-Phleananna um Fhorbairt na gClár
Gnó	Leathnú ar chláir oideachais na bhfeidhmeannach chun brandáil agus clú corparáideach a chur faoina chúram agus dochtúireacht ghairmiúil sa ghnó a chruthú.
Oideachas & Forbairt Ghairmiúil	Nua-chúrsaí i dteagasc mhata agus eolaíochta sna bunscoileanna a chruthú maille le clár nua Sláinte & Sábháilteachta. Cruthófar dochtúireacht ghairmiúil san oideachas freisin.
Innealtóireacht	Cláir nua in innealtóireacht dhéantúsaíochta a chruthú chun treisiú lena bhfuil ann faoi láthair.
Eolaíochtaí Sláinte	Beidh forbairt an-mhór san altranas, i mbainistíocht na seirbhísí sláinte, i gcógastheiripe, i sláinte dhaonra agus phobail agus i mbainistíocht an spóirt. Déanfar limistéir úra i mbainistíocht an spóirt a scrúdú freisin chomh maith le roghanna idir dhisciplíní le scoileanna eile.
Daonnachtaí	Cláir nua a chruthú i staidéar sóisialta, sa dlí coiriúil, sa cheol agus sna healaíona oidhreachta agus íce.
Eolaíocht	Cláir nua a chruthú i matamaitic an airgeadais, san eolaíocht anailíseach agus i mbainistiú cáilíochta sa bhiteicneolaíocht agus i bhfaisnéisíocht na beatha agus na sláinte.

Speisialtachais dochtúireachta

Déanfar sainchláir PhD a ofráil i ngach ceann de na sé scoileanna ag oiriúint do na cumais taighde áirithe agus do na príomhghrúpaí taighde i ngach limistéar. Tá cur síos ar na priomh-ionaid barr feabhais agus ar na braislí taighde i gcaibidil 5.

4.5 Scoláirí Idirnáisiúnta

I gcaitheamh na tréimhse pleanála deireanaí bhunaigh an Institiúid an Oifig Idirnáisiúnta agus tá cúigear fostaithe inti go lánaimseartha, beirt duine acadúil a ghlac an fhreagracht as cuid den obair agus triúr chomhairleach, bunaithe san Áis, agus leathchéad gníomhaire nó mar sin ar fud an domhain. Feidhmíonn an oifig seo mar chatalaíoch a oibríonn go dlúth le lucht acadúil chun imeachtaí a chuireann le híomhá idirnáisiúnta na hInstitiúide a chothú. Sa tréimhse 2007-10 déanfaidh an Oifig Idirnáisiúnta:

1. cinnireacht a sholáthar trí thaighde margaíochta agus trí chomhairle ar dhearadh agus ar bhainistiú na gclár a bheadh oiriúnach go hidirnáisiúnta, agus iar sin na scoláirí féin a earcú ón iasacht;
2. páirt ghníomhach a ghlacadh i gcruthú an pholasaí náisiúnta maidir le hearcú scoláirí ón iasacht agus i margáil an oideachais i na margaí idirnáisiúnta;
3. tacú leis an haonaid acadúla chun an sprioc a bhaint amach go mbeidh 10% den lucht foghlama de bhunadh idirnáisiúnta faoi 2010;
4. gluaiseacht na foirne agus an lucht foghlama san Institiúid thar teorainneacha idirnáisiúnta a chothú agus cuidiú le malartú na bhfoireann agus na scoláirí isteach (mar shampla ollúna agus taighdeoirí ar chuairt) agus amach (mar shampla cuairteanna staidéir, comhdhála) trí thacaíocht riartha agus airgid a sholáthar don ghluaiseacht idirnáisiúnta;
5. tacú leis an bhfoghlaimeoir ó thar lear ionas go mbeidh siad ábalta na dúshláin rialúcháin, airgeadais agus mothúcháin a thiocfaidh as a bheith ag staidéar san iasacht;
6. díriú a dhéanamh ar roinnt mhargaí nua a bhfuil mianach an fháis iontu, mar shampla An Araib Shádach, An Chasacstáin, Meicsiceo, agus An Bhrasaíl;
7. tógáil a dhéanamh ar na margaí atá againn cheana san Áis, sna seanphoblachtaí sóivéideacha agus in Oirthear na hEorpa.

4.6 Ag tacú le gnóthachain

Luach cultúrtha dar chóir a fhréamhú san Institiúid is ea aitheantas a thabhairt d'fheabhas gnóthachain is cuma cá háit a bhfuil sé san Institiúid. Oibríonn an fhoireann agus na scoláirí san Institiúid go rialta ar an leibhéal is airde. Beidh slite ag an Institiúid le gnóthachan a aithint sa tréimhse 2007-10, ina measc;

1. leanúint d'aitheantas a thabhairt do bharr feabhais i dteagasc agus i maoirseacht thaighde trí struchtúr dámhachtana iomchuí a chur i bhfeidhm;
2. leanúint d'aitheantas a thabhairt don bharr feabhais i ngnóthachain na scoláirí trí struchtúir scoláireachtaí agus dámhachtana iomchuí agus trí dhámhachtainí agus scoláireachtaí úra a chruthú. Aithneofar iontu sin an barr feabhais acadúil, spórtúil agus pobail.

Tá an gá ann freisin le tacaíocht a thabhairt don fhoghlaimeoir an caighdeán barr feabhais a shroicheadh sa saol acadúil agus sa bheatha phríobháideach. Tabharfaidh an Institiúid faoi seo a dhéanamh ar roinnt bhealaí.

1. Strúchtúr iomlán tacaíochta do scoláirí a sholáthar trí ICRCT (An tIonad um Chúnamh, Rochtain, Coinneáil agus Teagasc);
2. Cultúr de pháirtíocht in imeachtaí spórtúla a chothú;
3. Próifíl an chéimí a chur i bhfeidhm mar an caighdeán go gcaithfidh gach aon chlár a bheith páirteach ann;
4. Córas a chur ar fáil chun cáilíochtaí agus scileanna gairmiúla a athnuachan le linn céimeanna difriúla de bheatha an fhoghlaimeora.

Aithnítear sna tuarascálacha[13] is deireanaí faoi na rátaí coinneála san ard-oideachas go bhfuil fadhb ann sa tír go léir chun a dheimhniú go gcríochnaíonn foghlaimeoirí na cláir a thosaíonn siad. De réir na hanailíse atá déanta níl an Institiúid as céim leis an gclaonadh náisiúnta sa mhéid seo agus mar sin is léir go bhfuil feabhsú nach beag le cur ar an staid seo sa tréimhse 2007-10. Déanfaidh an Institiúid:

1. obair an oifigigh choinneála a úsáid chun fadhbanna a bhaineann le tuairisciú coinneála a réiteach, maille le straitéisí a cheapadh agus a chur i bhfeidhm chun an ráta na coinneála a mhéadú;
2. gan níos lú ná 90% de choinneáil trí na cláir staidéir go léir a ghlacadh mar sprioc le haghaidh na bliana 2010;
3. tuairiscí faoi choinneáil ó aonaid acadúla a dhéanamh oibleagáideach i ngach tuarascáil bhliantúil;
4. leanúint do neartú na tacaíochtaí a thugtar do scoláirí a mbeadh fadhbanna acu maidir le críochnú an chláir staidéir.

13 Staidéar a rinneadh thar cheann Comhairle Stiúrthóirí na nInstitiúidí Teicneolaíochta agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (Bealtaine 2006) ar na rátaí críochnaithe i gcomhair scoláirí a théann i mbun clár lánaimseartha in Institiúidí Teicneolaíocta.

4.7 Clabhsúr

Tacaíonn an chaibidil seo leis na hardspriocanna straitéiseacha mar a leanas:

TÉAMA STRAITÉISEACH	ÁBHARTHACHT NA CAIBIDLE	SAMPLAÍ DE THÁSTÁIL AR CHUR I BHFEIDHM
An Fócas Réigiúnach a Thógáil trí Idirnáisiúnú	Solúbthacht agus In-iomparthacht an chórais mhodúlaigh. Scoláirí ón iasacht a thabhairt isteach sa réigiún agus pobal réigiúnach an Oirdheiscirt a chruthú.	Éagsúlacht an lucht foghlama. Líon na modúl a thugtar go dtí na réigiúin.
An Cumhachtú an tSainfhoghlaimeora	Roghanna na gclár a fheabhsú – MAP. Naisc idir cláir agus próifíl na scoláirí. Eacnamaíocht eolais a sholáthar le scileanna ábhartha.	Caighdeáin leagtha síos i nua-phróiseas forbartha na gclar. An t-éileamh ar chláir agus infhostaitheacht na gcéimithe.
Ag Eagrú le haghaidh Fáis	Cláir idirdhisciplíneacha. Dianshaothrú MAP. Rochtain agus meicníochtaí iontrála neamhchaighdeánacha.	Réimse agus líon na gclár idir dhisciplíní agus éagsúlacht na n-iontrálaithe.
Giniúint agus Aistriú an Eolais a Fheabhsú	Cumais chun taighde a thiontú i sainchláir/ sainmhodúil. Lárionaid barr feabhais iarchéime a fhorbairt i gCill Chainnigh agus is bPort Láirge. Deiseanna d'fhoglaimeoirí modúil aonair nó grúpaí de mhodúil a thógáil i gcomhair teistiméireachtaí faoi leith.	Punann clár a fhorbairt mar a shonraítear agus pointí réigiúnacha um aistriú eolais a chruthú.
Timthriall an Fheabhsaithe Straitéisigh a Choinneáil	Neartú déanta ar phróiseas faofa na gclár. Ábharthacht an gclár agus na taighde don tionsclaíocht.	Na cláir atá molta a chur i láthair. Rátaí iontrála na gclár agus infhostaíocht na gcéimithe.

Caibidil 5

Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht

Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht

5.1 Réamhfhocal

Tá an tábhacht a bhaineann le sochaí an eolais le rathúnas eacnamaíochta agus cultúrtha na hÉireann sa todhchaí aitheanta go maith sa pholasaí náisiúnta[14]. Tá straitéis thaighde na hInstitiúide ceaptha chun cuidiú le cruthú na sochaí sin trí cheannasaíocht a thabhairt san Oirdheiscirt le bonneagar cuí a thógáil, le hionaid taighde, forbartha agus nuálaíochta, inniúil ar acmhainní agus infheistíocht a tharraingt ó thíortha i gcéin. Chun é seo a chur i gcrích, ní mór don Institiúid:

1. tosaíocht agus infheistíocht a thabhairt do na lárionaid barr feabhais taighde ionas go dtig leo barr toraidh agus infheistíochta a thabhairt isteach;
2. spreagadh a thabhairt d'fhorbairt na taighde agus na gcnuas-imeachtaí chun na ndeiseanna is fearr a thabhairt do ghrúpaí taighde chun an mhais chriticiúil chóir a chruthú;
3. caidreamh agus comhpháirtíochtaí a fheabhsú agus a cothú le geallsealbhóirí tionsclaíochta, le lucht acadúil agus leis an earnáil phoiblí d'fhonn an chumais chomhroinnte taighde a mhéadú agus próiseas an tráchtálaithe a neartú;
4. áiseanna a chruthú chun imeachtaí idir eagraíochtaí a nascadh agus idirdhisciplíneacht bhreise a chothú i measc na n-aonad acadúla.
5. cothú áiseanna teicneolaíochta agus eolais a aistriú isteach agus amach as an Institiúid;
6. leanúint do chur i láthair straitéis céime taighde a ligeann do chéimithe a lán-acmhainn a shroicheadh agus a thacaíonn i gcoitinne le mór-straitéis thaighde na hInstitiúide;
7. frámaíocht um dhearbhú cáilíochta comhtháite i gcomhair taighde agus staidéar iarchéime a chruthú de réir an chleachtais idirnáisiúnta is fearr;
8. tacaíocht a thabhairt do na haonaid acadúla chun gné na taighde den phróifíl acadúil a thabhairt chun foirfeachta;
9. an nasc idir taighde agus teagasc a neartú.

Is í an fhealsúnacht atá ag an Institiúid le haghaidh na taighde ná cultúr na taighde a chothú agus leanúnachas na taighde a thacú ón dtaighde bhunaigh go dtí láthair an mhargaidh. I gcaitheamh tréimhse an phlean straitéisigh dheireanaigh tháinig an Institiúid ar chóras, a bheadh in-dhéanta uair i ndiaidh a chéile, lena bhfeadfaí taighde a thráchtálú, agus ag an am céanna an maoiniú i gcomhair taighde a choinneáil. Tá dúbláil déanta ar mhaoiniú na taighde bliain i ndiaidh bliana sa tréimhse 2003-06 go dtí an pointe €10.6m sa bhliain 2006.

Tá modúl déanta ag an Institiúid chun na taighde a struchtúrú sa choláiste a dhéanann í a dheighilt idir cheithre grúpaí:

1. Lárionad barr feabhais;
2. Braislí taighde idir dhisciplíní;
3. Grúpaí taighde;
4. An taighdeoir i mbun a thionscadail féin.

5.2 Lárionaid um Bharr Feabhais Taighde

Tá clú na n-ionad barr feabhais bunaithe ar an aithne idirnáisiúnta atá orthu, ar na naisc láidre atá acu le tionsclaíocht, le lucht acadúil idirnáisiúnta agus tá siad féin-mhaoinithe.

Is féidir lárionad barr feabhais a thabhairt ar ionad má tá:

1. clú mór air maidir le foilsitheoireacht idirnáisiúnta;
2. sé de theist air a bheith i n-ann maoiniú a tharraingt;
3. bainistíocht chomhordaithe ann a chuidíonn le taighdeoirí chun na tairiscintí a ullmhú agus na tionscadail a bhainistiú agus a chothaíonn obair idir dhisciplíní;
4. an acmhainn ann le haghaidh forbartha inmharthana trí airgead ón dtaobh amuigh agus/nó margáil a dhéanamh ar thorthaí a gcuid taighde;
5. an cumas ann breis luacha a chur ar straitéis iomlán na taighde san Institiúid;
6. inmharthanacht ó thaobh airgead de;
7. an inniúlacht ann chun cur le forbairt eacnamaíochta sa réigiún agus sa náisiún;
8. foghlaimeoirí láidre iarchéime.

14 An Plean Forbartha Náisiúnta 2007-13, (2007), 'Transforming Ireland – A Better Quality of Life for All' Oifig na bhFoilseachán Rialtais, Baile Átha Cliath.

Tá roinnt ionad ainmnithe cheana i gcomhair tosaíocht cóireála agus forbartha. Tá trí Lárionad um Bharr Feabhais Taighde ainmnithe ag an Institiúid:

1. An Grúpa Bogearraí & Córas na Teileachumarsáide (GBCT)
2. An Lárionad um Éicea-nuálaíocht, Cogaseolaíocht & an Bhiteicneolaíocht Mhóilíneach;
3. Sláinte.

5.2.1 An Grúpa Bogearraí agus Córas na Teileachumarsáide (GBCT)

Is ceannasaí domhanda sna seirbhísí teileachumarsáide An Grúpa Bogearraí & Córas na Teileachumarsáide (GBTC). Tá os cionn 60 lánaimseartha acu i dTaighde agus i bhForbairt ag GBTC agus iad deighilte idir thaighde bhunaigh agus taighde fheidhmeach. Corpraithe sa GBTC tá lárionad um thaighde fheidhmeach dá ngairtear Seirbhísí Coinbhéirsithe Cumarsáide do Mhaoin Intleachtach (3CS). Tá os chionn €30m de mhaoiniú gnóthaithe acu le deich mbliana ón Údarás um Ard-Oideachas tríd an gClár um Thaighde i bhForais Triú Leibhéil (CTFTL) Timthriall 3, ó Fhundúireachta Eolaíochta Éireann, agus ó Fhiontraíocht Éireann. Tá caidreamh foirmiúil taighde bunaithe acu le roinnt lárionad taighde sa bhaile agus thar lear. Ina measc siúd atá an Ollscoil Náisiúnta Singeapóir, Ollscoil Teicneolaíochta Nanyang sa tSingeapór, Ollscoil Teicneolaíochta Bheirlín, an Institiúid Hamaltúin, Maigh Nuad, agus Coláiste na Tríonóide i mBaile Átha Cliath. D'fhorbraíodh clár múinte máistreachta i dteileachumarsáid ann a bhronn céimeanna ar os cionn 30 taighdeoir iarchéime. Tá chomhchlár iarchéimeanna a mhaoirseacht acu le taighdeoirí in Ollscoil Náisiúnta an tSingeapóir agus in Ollscoil Teicneolaíochta Nangyang. Tá naisc láidre idir an GBTC agus na tionscail teileachumarsáide lena n-áirítear Motorola, Thales, BEA, Oracle, T-Mobile agus Vodafone. Tá trí chuideachta acu ar champas agus tá comhfhiontar amháin acu le fiontraí ar an dtaobh amuigh.

Bhíodh stiúrthóir an ionaid ina bhall de Chomhairle na hÉireann um Innealtóireacht, Eolaíocht agus Teicneolaíocht (IRSCET) agus ar ghrúpaí de shaineolaithe éagsúla faoin Rialtas agus san Eoraip.

5.2.2 Éicea-Nuálaíocht, Cogaseolaíocht & an Bhiteicneolaíocht Mhóilíneach[15]

Tá oiread den mhais chriticiúil sroichte ag an lárionad éicea-nuálaíochta, cogaseolaíochta agus biteicneolaíochta móilíní, ag éirí ag an gcónascacht idir na disciplíní sin, go bhfuil ainm mar lárionaid taighde tuillte acu. Bíonn an lárionad ag feidhmiú idir ghníomhaíochtaí na Roinne Ceimice agus na nEolaíochtaí Beatha.

Le chéile, tá tuilleadh agus €4m de mhaoiniú tugtha isteach ag comhaltaí an ionaid ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear, Fundúireacht Eolaíochta Éireann, an tÚdarás um Ard-Oideachas (tríd an gClár um Thaighde i bhForais Triú Leibhéil – CTFTL), an Bord um Thaighde Sláinte, TSR Sraith 3 & 1, Gníomhaireacht Cosanta an Chomhshaoil, Clár Comhpháirtíochta Fiontraíocht Éireann um Nuálaíocht agus Clár Interreg an AE. Tá céimeanna bronnta ag an lárionad ar 18 scoláire PhD agus dhá mháistreacht. Tá maoirseacht á dhéanamh ar 23 scoláire MSc/PhD agus ar thriúr ánra iardhochtúireachta.

Tá dhá shraith ag an lárionad:

1. **Éicea-Nuálaíocht:** Bíonn an réimse théamach seo ag tarraingt ó thaighde leanúnach idir dhisciplíní i limistéir mar thalmhaíocht agus foraoiseacht inmharthana, ón eolaíocht inbhearach, ó bhitheolaíocht mhóilíneach agus ón eolaíocht anailíseach. Tá comhpháirtíochtaí straitéiseacha sa taighde seo agus tá comhoibrithe náisiúnta leo cosúil le Gníomhaireacht Cosanta an Chomhshaoil, Teagasc, Coillte, Foras na Mara, ONÉ Gaillimh, agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. Tá comhpháirtíochtaí ón iasacht freisin cosúil le hInstitiúid na Ceimice, Acadamh Eolaíochta na Síne, An Ollscoil Cuimhneacháin i dTalamh an Éisc agus Ollscoil na Ríona i mBéal Feirste.

15 Tá na grúpaí taighde seo a leanas inchorpraithe sna limistéir seo, bithleigheasachán, bithchatalú, grúpa taighde inbhearach, foraoiseacht, eolaíocht na deighilte, taighde lí meacalaí, éiceolaíocht mhóilíneach, ceimic dhromchla agus chomhéadanach

2 **Taighde i gCogaseolaíocht agus i mBiteicneolaíocht Mhóilíneach:** Ag tógáil ar an saineolas nach beag atá againn i dtaighde na cogaseolaíochta agus i mbiteicneolaíocht mhóilíneach agus ar na comhpháirtithe comhlacha atá againn sa tionscal agus sa saol acadúil, tá éirithe leis an Institiúid an príomh-limistéar téamach a aithint i gcomhair a fheabhasaithe i gcaitheamh na tréimhse 2007-2010. Baineann an fhorbairt leanúnach, bunaithe ar shaineolas, ar acmhainní agus ar chomhaontais, le trí phríomhshraith: foirmiú (ag ionchorprú drug-sheachadadh súilí agus drug-sheachadadh polaiméireach), modh-eolaíochtaí anailíse úrnua (a dhíríonn ar theicneolaíochtaí próiseas-anailíseacha agus ar eolaíocht na deighilte), agus sa tríú áit, biteicneolaíocht mhóilíneach (a dhíríonn go dlúth ar bhithchatalú i gcomhair sintéise ciriúla, na géine teiripí agus sloinn na próitéine).

5.2.3 Sláinte

Tá roinnt grúpaí taighde ag an Institiúid atá ag breithniú ar ghnéithe de na heolaíochtaí sláinte ar fud na hInstitiúide go léir. Ina measc atá:

1 taighde ailse;
2 cúram an phobail agus altranas;
3 iompar daonna agus cothú na sláinte;
4 taighde andúile.

Tá go leor deiseanna á gcur ar fáil ag na grúpaí seo chun taighde a chnuasach isteach in aon ionad barr feabhais agus is ag teacht chun cinn as an nua mar ionad barr feabhais atá siad. Tá naisc láidre ag na grúpaí taighde leis na hospidéil teagaisc réigiúnacha agus náisiúnta agus tá phriomh-chomhairligh leighis i mbun grúpaí taighde san Institiúid. Is tosaíocht bhunaigh don Institiúid lárionad feabhais i gcomhair na sláinte a fhorbairt i gcaitheamh tréimhse an phlean straitéisigh seo.

5.3 Forbairt na mBraislí Taighde

De bhreis ar na lárionaid feabhais tá roinnt braislí taighde ag an Institiúid. Is éard atá sna braislí taighde ná ionaid taighde a bhfuil an acmhainn iontu iompú amach ina lárionaid feabhais. De ghnáth is grúpaí as disciplíní difriúla taighde iad a bhíonn ag díriú le chéile ar limistéir a bhfuil tábhacht straitéiseach leo. Is é an príomhchuspóir atá acu ná go mbeadh gach braisle díobh ag éabhlóid go mbíonn sí iompaithe amach ina hionad barr feabhais. Is iad seo a leanas na braislí atá bunaithe go dtí seo:

1 Taighde Shóisialta agus Teaghlaigh;
2 Cumarsáid Sholúbtha gan Sreang & Grúpa Taighde an tInsamhalta Mhórscála;
3 Grúpa um Ábhair, Carachtracht agus Próiseáil (GÁCP) lena n-áirítear Lárionad Taighde Ábhar Feidhmeacha an Oirdheiscirt (ÁFOD);
4 Lárionad Chriostail Phort Láirge um Staidéar Margaíochta.

Déanfaidh an Institiúid plean infheistíochta, ar aon dul le tosaíochtaí na hInstitiúide ó thaobh taighde de, chun tacú le fás na mbraislí nua seo. Táthar ag súil freisin go bhfásfaidh braislí nua i gcaitheamh tréimhse an phlean seo, agus ina measc atá:

1 Grúpa um Dhéantúsaíocht Ardteicneolaíochta (GDAT);
2 Grúpa Uathghluaiseachta a Rialú;
3 Lárionad Taighde ar Theicneolaíochtaí Ríomhfhoghlama;
4 Lárionad Fiontraíochta;
5 Lárionad Staidéir faoi Thalamh an Éisc agus Labradar;
6 An Grúpa Taighde Optaice GTO;
7 An Grúpa Taighde Leathsheoltóra (GTL) & Saotharlann Taighde na Soladstaide STSS.

Freisin, mar ghléas chun fáis agus feabhais phearsanta, tá an Institiúid tiomanta d'fhorbairt na ngrúpaí taighde ar fud na heagraíochta feasta. Aithníonn an Institiúid an páirt shubstaintiúil atá tógtha ag na grúpaí taighde i Scoileanna na nDaonnachtaí, an Ghnó, an Oideachais agus na Forbartha Gairmiúla, na hInnealtóireachta, na nEolaíochtaí Sláinte agus na hEolaíochta féin. Tá an straitéis i gcomhair fáis sna grúpaí taighde achoimrithe sa phlean straitéiseach atá ag gach Scoil ar leith.

5.4 Comhaontais agus Comhpháirtíochtaí

Tá coincheap an eolais a fhorbairt i gcomhar agus i gcaidreamh i gcroí-lár straitéise taighde na hInstitiúide. Aithníonn an Institiúid an gá atá ann le comhpháirtiochtaí inmharthana a thógáil, d'fhonn an nua-eolas a chruthú agus a thráchtálú ar shamhail an ruda ar a dtug Gibbons agus an Banc Domhanda 'an tEolas Modh 2' air agus a bhfuil na saintréithe seo a leanas ag baint leis[16]:

1. An t-eolas a ghintear as feidhmiú;
2. Trasdhisciplíneacht;
3. Ilchineálacht agus éagsúlacht eagraithe;
4. Cuntasacht fheabhsaithe shóisialta;
5. Córais níos leithne den rialú cáilíochta.

Ligeann modúl taighde na hInstitiúide an bhéim mar sin ar na pointí seo a leanas:

1. go mbeidh baint ag na húsáideoirí deiridh le torthaí na taighde;
2. go mbeidh cur chuige ildhisciplíneach ag tabhairt faoi dhúshláin na taighde;
3. go mbeidh conair sheachadta ann idir cruthú an eolais, an nuálaíocht agus aistriú na teicneolaíochta;
4. go mbeidh daoine ón saol acadúil, ón dtionsclaíocht, ó úsáideoirí agus ón lucht maoinithe páirteach i measúnú cáilíochta agus torthaí na taighde, ach is gá don mhéadracht traidisiúnta acadúil ar nós foilseacháin in irisí, athbhreithnithe ag piaraí, a bheith ina fhochair seo freisin.

Maidir leis na tosaíochtaí taighde atá againn, agus an ról atá againn mar chatalaíoch i bhforbairt eacnamaíoch an réigiúin, díreoidh an Institiúid ar chomhaontais a bhunú le geallsealbhóirí tábhachtacha ar an dtaobh amuigh. I measc na ngeallsealbhóirí seo beidh:

1. Lárionaid taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta;
2. An Rialtas agus comhlachtaí maoinithe;
3. Comhpháirtithe tionsclaíocha.

5.5 Idirdhisciplíneacht a thógáil

Is éard atá sa taighde idir dhisciplíní ná 'taighde a bhfuil idirphlé inti idir, ar a laghad, dhá dhisciplín difriúla' agus go dtarlaíonn sin ar an bpointe teagmhála eatarthu. Tá aithne forleathan anois ar an gclaonadh coiteann atá ann i leith breis comhoibre i gcúrsaí taighde idir dhisciplíní agus is comhpháirt thábhachtach é de chruthú an eolais ar Mhodh 2 agus tá sin i gcroí-lár mhodúil na taighde san Institiúid. Dá bhrí sin, tá an Institiúid tiomanta d'fheabhsú struchtúr agus próiseas na hIdirdhisiplíneachta, agus cuirfear é sin i gcrích trí gníomhaíochtaí áirithe, mar a bheadh:

1. spreagadh a thabhairt do bhunú grúpaí agus braislí taighde idir dhisciplíní;
2. foireann a cheapadh i ngach roinn acadúil chun imeachtaí idir dhisciplíní a chomhordú;
3. an comhar idir dhisciplíní a chothú tríd an mhaoiniú a dhíriú ar spriocanna;
4. comhéadaín níos iomadúla agus níos doimhne a thógáil idir tionsclaíocht agus an lucht acadúil;
5. oiliúint agus tacaíocht a sholáthar do thaighdeoirí.

16 Gibbons, M, (1998), Higher Education Relevance in the 21st Century. An Banc Domhanda, Washington.

"Ceann mhórdhúshláin agus de mhórdheiseanna i saol na hÉireann is ea eacnamaíocht an eolais a fhorbairt"

– Straitéis um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht 2006-2013.

5.6 Aistriú an Eolais

Ag teacht leis an dul chun cinn idirnáisiúnta, is é an sainmhíniú a thugann an Institiúid anois ar aistriú an eolais ná 'comhtheagmháil' le raon ilghnéitheach d'eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha ar mhodh déthaobhach a théann chun sochair an dá thaoibh. De thoradh an fháis leanúnaigh ar thaighde agus ar aistriú an eolais san Institiúid, tá roinnt dhúshlán tábhachtacha fós ann go gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu. Ina measc tá gá le:r

1. struchtúir agus próisis aistrithe eolais a bhainistiú go soiléir i saol atá ag athrú agus ag dul i gcastacht níos mó ná riamh;
2. cur chuige níos straitéisí i leith eolais a aistriú agus i leith comhpháirtíochta ón dtaobh amuigh a bhainistiú d'fhonn an acmhainn is mó a bhaint as na hiarrachtaí;
3. córais faisnéise bainistíochta a neartú d'fhonn teagmhálacha le heagraíochtaí amuigh a rianú, a thacú agus a fhaire;
4. cultúr cuí a thacaíonn le comhfhreagracht do thiománaithe seachtracha agus le chomhtheagmháil ghníomhach;
5. cláir forbartha don fhoireann d'fhonn ábaltacht agus spreagadh a thabhairt dóibh chun gabháil le cruthú agus le haistriú an eolais.

As na saincheisteanna seo tá ceithre théama straitéiseacha cruthaithe ag an Institiúid (liostaithe faoi na míreanna 5.6.1 go dtí 5.6.4). I gcaitheamh tréimhse na phlean straitéisigh seo, déanfar an bonneagar tacaíochta taighde mar atá a fheabhsú trí speisialtóir um aistriú eolais a cheapadh sa bhliain 2007. Dá bharr sin cuirfear ar chumas na hInstitiúide an mhaoin intleachtach a ghabháil, a chosaint, a bhainistiú, agus an teicneolaíocht a chur chuig lucht na dtionscal ar bhonn níos gairmiúla. Tacófar freisin le haon toradh breise a tharlaíonn ar an gcampas dá bharr agus déanfar na bealaí i dtreo tráchtálaithe a leathnú.

5.6.1 Imshaol tacaíochta um chruthú agus aistriú eolais a leabú.

Cruthóidh an Institiúid imshaol ar an dtaobh istigh a thabharfaidh spreagadh agus tacaíocht do chruthú agus aistriú eolais agus teicneolaíochta. Déanfaidh muid cinnte

1. Go gcuirfear polasaí institiúide dea-fhorbartha agus sothuigthe faoin mhaoin intleachtach á fhoilsiú agus ar fáil go forleathan;
2. Go gcruthófar frámaíocht imshaoil agus institiúide a thacaíonn le cultúr na páirtíochta agus a bhronnann luach saothair ar chruthú, ar bhainistiú agus ar dhúshaothrú an maoine intleachtaí agus eolais;
3. Go mbeidh oiliúint faoi bhainistiú, dúshaothrú agus tráchtálú na maoine intleachtaí ar fáil ag gach taighdeoir.

5.6.2 Ag neartú comhpháirtíochtaí leis an ngnáthphobal.

Déanfaidh an Institiúid líona aistrithe eolais a chruthú agus oibreofar é mar 'bhróicéir eolais' d'fhonn tacaíocht a thabhairt don iomaíochas agus don nuálaíocht. Baineann seo freisin le comhar a chothú le heagraíochtaí poiblí agus príobháideacha agus cultúr agus oidhreacht an chomhoibrithe a thabhairt abhaile chucu. Beidh cur chuige straitéiseach ag an Institiúid i leith páirtíochtaí a dhéanamh, agus le deimhniú go léireoidh siad croí-nirt na hInstitiúide ionas gur féidir an luach ceart a bhaint astu sa bhaile agus i gcéin. Tuigeann an Institiúid freisin an tábhacht atá le halumni i bpróiseas aistrithe an eolais agus go bhfásann aistriú eolais go héifeachtach as teagmhálacha idir céimithe agus tionsclaíocht.

5.6.3 Ag tacú le próiseas agus le teicneolaíocht an eolais a aistriú.

Cruthóidh an Institiúid frámaíocht tacaíochta chun an eolais teicneolaíocht a aistriú go réidh agus go tapa. Déanfar é seo a chur i gcrích mar a leanas:

1. foireann de ghairmigh um eolas a aistriú a cheapadh chun tacú le haistriú an eolais;
2. fóraim a bhunú chun gur féidir le lucht acadúil agus gnó teacht le chéile agus an mhaoin intleachtach a dhúshaothrú agus tionscadail taighde a bhunú aisti;
3. clár de sheirbhísí tionscal-dhírithe a sholáthar, lena n-áirítear comhairleacht, traenáil thionsclaíoch, comhar acadúil-thionsclaíoch agus poist tionsclaíochta a chruthú;
4. tacú le rochtain ar fhoinsí maoinithe náisiúnta agus idirnáisiúnta.

5.6.4 Ag úsáid aistriú eolais chun tacú leis an nuálaíocht agus réigiún eolais a chruthú san Oirdheisceart

Tacóidh an Institiúid leis an bhfás agus an nuálaíocht réigiúnach trí phróiseas aistrithe eolais, fuinniúil agus bríomhar. Aithníonn na comhlachtaí forbartha áitiúla agus réigiúnacha gur comhpháirtí tacaíochta láir í an Institiúid don fhiontar nua san Oirdheisceart. Ní mór don Institiúid cloí leis an bpáirt lárnach sin atá aici i straitéis an réigiúin chun spreagadh a thabhairt d'fhiontair eolas-bhunaithe nua. Ní mór dúinn freisin cloí leis an ról lárnach atá againn ag sainmhíniú polasaí na nuálaíochta sa réigiún agus ag forbairt struchtúr na nuálaíochta. I gcomhar leis na comhlachtaí forbartha agus na geallsealbhóirí eile, oibreoidh an Institiúid chun réigiún eolais a chruthú san Oirdheisceart, réigiún go mbeadh próiseas aistrithe eolais, éifeachtach agus so-rochtana, mar chúltaca taobh thiar de.

Tá an Institiúid dírithe ar cháil náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhaint amach as feabhas acadúil i dtaighde na fiontraíochta, i dtosú an fhiontair ghnó, i gcothú an ghnó, in aistriú an eolais agus i gcomhpháirtíocht na taighde. Déanfaidh an t-eolas agus an tsainiúlacht seo an t-agallamh faoi pholasaí poiblí a fhaisnéisiú agus, freisin, déanfaidh siad teagasc na fiontraíochta agus aistriú an eolais a fhriotháil sna cláir oibre céime agus iarchéime. Déanfaidh an Lárionad Taighde agus Nuálaíochta ArcLabs san Institiúid, an Lárionad Fiontraíochta agus Clár Ardán Fiontraíochta an Oirdheiscirt (CAFOD), tacaíocht a thabhairt i gcónaí do bhunú agus d'fhorbairt gnólacht iar-fháis ar bith ar champas agus gnólachtaí eolas-bhunaithe eile san Oirdheisceart trí spás goir, meantóireacht, forbairt agus traenáil gnó a thabhairt dóibh.

5.7 Straitéis don Chéim Taighde

Cuireann an Institiúid na scoláirí i gcroí-lár a himeachtaí agus tá seo thar a bheith tábhachtach i gcás na scoláirí taighde. Is minic a bhíonn an scoláire taighde i gcroí phróisis na taighde, go háirithe ar leibhéal na dochtúireachta. Mar sin, ní foláir imshaol d'ardchaighdeán agus foghlaimeoirí éifeachtúla a bheith thart ar na scoláirí san Institiúid mar chuidiú leo chun a gcumas taighde a fhorbairt go dtí an caighdeán ceart. Tá sé curtha roimpi ag an Institiúid leibhéal na n-imeachtaí iarchéime a mhéadú (a áirítear de ghnáth de réir líon na scoláirí) go dtí 10% d'iomlán na scoláirí i gcaitheamh na gcúig bhliana atá romhainn. Leanfar d'fheabhsú cháilíocht an imshaoil iarchéime agus coinneofar na caighdeáin ar airde cothrom leis an slat tomhais is airde ar an leibhéal idirnáisiúnta.

Is féidir a bheith ag súil le méadú mór san éileamh ar chláir oibre iarchéime san Oirdheisceart ar dhá chúis:

1. an gá atá ann líon na gcéimithe taighde a mhéadú ar bhonn náisiúnta;
2. éilimh ó phobal foghlama an cheantair áitiúil chun staidéir le haghaidh dámhachtainí a dhéanamh san Institiúid.

Tá an Institiúid tiomanta ar scoláirí ardspreagtha agus ardcháilithe iarchéime a tharraingt isteach i ngach limistéar de na cláir oibre agus déanfar é sin a bhaint amach ar roinnt bhealaí:

1. Déanfar litearthacht thaighde na bhfochéimithe a fheabhsú. Mar chuid den chóras modúlach creidiúint-bhunaithe (MAP) tabharfaidh gach fochéimí faoi ar a laghad modúl amháin i litearthacht thaighde agus faoi thionscadal taighde amháin. Trí aithne a chur ar thaighde sa dóigh seo bíonn na céimithe níos réidhe chun taighde a thoghadh mar ábhar iarchéime.

2 Leathnófar ar phróifíl na n-iarchéimithe. Sa am atá caite dhéantaí formhór na n-iarchéimithe a earcú ó chéimithe na hInstitiúide. Is cuid de straitéis na hInstitiúide anois an céatadán de chéimithe ó Ollscoileanna in Éirinn agus san AE a mhéadú, agus freisin líon na bhfoghlaimeoirí aosacha, na scoláirí páirtaimseartha agus na hiarchéimithe idirnáisiúnta. Déanfar é seo trí eolas faoi na deiseanna a scaipeadh níos leithne. Tá dreasacht airgid curtha ar fáil anois chun spreagadh a thabhairt do scoláirí éirimiúla idirnáisiúnta a choinneáil san Institiúid.

3 Mar chuid den rún atá againn an rochtain a leathnú d'aicmí úra scoláirí agus deiseanna i ndisciplíní úra a chruthú déanfaidh an Institiúid Creidiúnú na Réamhfhoghlama Turgnamhaí (CRFT) a shíneadh go dtí leibhéal iontrála na hiarchéime. Déanfaidh sin an staidéar taighde níos oscailte d'fhoghlaimeoirí níos aosta, daoine a bhfuil taithí leathan acu cheana san obair nó sa phobal. Tá sé i gceist ag an Institiúid freisin díriú ar dhisciplíní nua – mar shampla beidh deiseanna nua ar fáil sa Scoil nua Oideachais do mhúinteoirí den dara nó tríú leibhéal chun céimeanna taighde a dhéanamh san oideolaíocht agus i mbainistíocht an oideachais. Beidh tuilleadh deiseanna ar fáil i Scoil Eolaíochta na Sláinte d'altraí agus do ghairmigh eile i gcúram na sláinte.

Tuigeann an Institiúid go maith a gá atá le hardchaighdeáin cáilíochta a bheith i dtimpeallacht oibre na dtaighdeoirí iarchéime agus, dá bhrí sin tá sé i gceist againn:

1 leanúint den uasghrádú ar imshaol na n-iarchéimithe uile lena n-áirítear áiseanna saotharlainne agus ríomhaireachta den scoth a sholáthar;

2 foghlaimeoirí a chruinniú i mbraislí taighde le bheith siúráilte go mbíonn comhchleachtas coiteann ann do gach fhoghlaimeoir;

3 an tacaíocht chóir cuí a chur ar fáil ar nós leabharlannaí agus maoiniú;

4 oiliúint chineálach i dteicníc na taighde a sholáthar mar thacú le hoiliúint sa disciplín áirithe;

5 cumas na bhfoghlaimeoirí chun glacadh le comhchleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta a fheabhsú, go háirithe i dtéarmaí an líonra idirnáisiúnta d'ollscoileanna atá ag an Institiúid;

6 deimhin a dhéanamh de go mbíonn an caighdeán is airde den mhaoirseacht ar fáil trí scileanna maoirseachta a mhúineadh don fhoireann acadúil;

7 méadú ar líon na foirne tá ar fáil chun maoirseacht a dhéanamh ar iarchéimeanna;

8 fíor-scoth taighde agus maoirseachta a aithint trí dhámhachtainí agus imeachtaí oiriúnacha.

5.8 Dearbhú agus Feabhsú Cáilíochta

Tagann feabhas leanúnach ar fhorbairt na taighde agus ar an nuálaíocht ar roinnt bhealaí. Ina measc atá feabhas á chur ar cháilíocht na hoibre iarchéime sna próisis a úsáideann an scoláire, chomh maith le feabhas á chur ar cháilíocht an toraidh féin a thagann as na grúpaí taighde agus as na lárionaid ina n-oibríonn na scoláirí. Freisin, ba cheart breithniú ar na próisis aistrithe teicneolaíochta agus ar thráchtálú mar chomhpháirt lárnach de cháilíocht na taighde.

I measc na bpríomh-thosaíochtaí le haghaidh dearbhú cáilíochta sa taighde atá:

1 an t-athbhreithniú leanúnach le cinntiú go bhfuiltear ag réiteach leis na cleachtais is fearr, náisiúnta agus idirnáisiúnta;

2 na cláir traenála ar mhodhanna taighde agus maoirseachta a neartú;

3 na próisis dearbhaithe cáilíochta a fheabhsú ar limistéir taighde eile ar nós tograí, traenáil agus forbairt, maoirseacht iarchéime agus aistriú teicneolaíochta;

4 painéal de shaineolaithe neamhspleácha a cheapadh (acadúil agus tionsclaíoch) chun na próisis dearbhaithe cáilíochta a athbhreithniú agus chun moltaí a dhéanamh don Institiúid faoi bhealaí chun an chórais a fheabhsú. Bainfear úsáid as na moltaí céanna chun réimsí atá le feabhsú a shainaithint agus déanfar iad seo faoi seach a oibriú isteach sa phlean oibre i gcomhair taighde sa bhliain dar gcionn.

5.9 Próifíl na gCéimithe

Tá an cumas taighde in chomhpháirt lárnach i bpróifíl chéimí leithligh na hInstitiúide. Tacaíonn díriú na hInstitiúide ar straitéis na taighde le hábaltacht na scoláirí céime agus iarchéime ar na bealaí seo a leanas:

1. comhpháirt taighde a oibriú isteach sna na cláir céime go léir agus éiteas na taighde agus an cheistiúcháin a chothú;
2. scileanna a theagasc i réasúnacht eolaíoch, i ndianfhiosrú, i mbailíochtú, agus i gcumarsáid faoi thorthaí, chomh maith le scileanna i mbainistíocht na taighde, i mbainistíocht maoine intleachtaí agus nuálaíochta;
3. an clár oiliúna iarchéime a athbhreithniú lena dheimhniú go bhfuil an traenáil agus an fhorbairt is gá ag céimithe, oiriúnach i gcomhair oibre sa tionsclaíocht chomh maith leis an saol acadúil.

5.10 Ag nascadh taighde agus teagasc

Léiríonn na luacha atá mar chúltaca le himeachtaí na ngrúpaí straitéiseacha a shonraítear san aighneacht seo go bhfuil teagasc, foghlaim agus taighde sna grúpaí sin comhlántach agus siombóiseach dá chéile. Thuigfí ón bhfealsúnacht seo gur teagascóirí iad na taighdeoirí freisin san Institiúid agus de réir mar a bhíonn cláir breise do dhochtúirí agus d'iarchéimithe chun cinn, is amhlaidh níos mó ná riamh a bheidh an scéal. Anuas ar sin, neartófar gné seo an teagaisc agus an bhéim níos leithne á chur ar phríomhscileanna inaistrithe sa traenáil i gcomhair na taighde mar a éilítear i bPrionsabail Salzburg[17] agus in eochair-dhoiciméid polasaí eile. Tacaíonn an traenáil shlua-bhunaithe chineálach seo san Institiúid leis an dtraenáil níos sainiúla a bhfaightear sna ranna agus sna foirne taighde. Clúdaíonn sé scileanna den chineál seo:

1. scileanna taighde agus teicnící;
2. imshaol na taighde;
3. bainistíocht na taighde;
4. éifeachtacht phearsanta;
5. scileanna cumarsáide;
6. scileanna líonraí agus oibriú i bhfoirne;
7. scileanna bainistíochta gairme.

Déanfar an traenáil seo a chreidiúnú ó 2007 amach nuair a chuirfear mar riachtanas ar na céimithe agus na hiarchéimithe bun-scileanna inaistrithe a léiriú. Beidh sé ar fáil freisin in Institiúidí Teicneolaíochta eile. Tá traenáil taighde na hInstitiúide anois ar chomhchéim leis an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr.

Tá an traenáil chreidiúnaithe sna Scileanna Maoirseachta Taighde á sholáthar san Institiúid ó 2005 i leith i gcomhair léachtóirí ard-oideachais mar chuid de chlár na Máistreachtaí i bhFoghlaim agus i dTeagasc (MFT). Tuilleann críochnú an mhodúil seo in ábhar amháin teastas aon ábhair ar an leibhéal 9 iarchéime.

Níos mó ná riamh tá cuid mhór de na próisis agus de thorthaí na taighde suite sa churaclam bunchéime. Tig le múinteoirí iad a léiriú trí modhanna teagaisc agus an bhaint atá acu féin le cúrsaí taighde. Má dhéantar an fhoghlaim ghníomhach a chothú sna scoláirí, agus an bhéim á chur ar fhadhbanna nua-fhionnachtana spéisiúla ar theicnící réitithe agus ar oibriú foirne, is réamh-ullmhúchán a leithéid seo don taighde iarchéime. Is féidir freisin topaicí inspéise a chur i láthair nó leathnú a dhéanamh ar athbhreithniú litríochta nó ar ghnéithe a iniúchadh roimhe sin go luath san obair. In imthosca lánfhostaíochta tig leis an bhfoghlaim ghníomhach seo cuidiú le cultúr na taighde agus na scoláirí a spreagadh chun taighde iarchéime a dhéanamh tar éis na bunchéime.

Is é polasaí atá ag an Institiúid freisin go mba chóir do na hionaid feabhais agus na braislí taighde gnéithe áirithe don speisialachais a thiontú ina gcláir staidéir ar leith nó go dtí modúil aonair céime nó iarchéime. Tá éirithe an-mhaith barr ag an Institiúid á dhéanamh seo agus tá roinnt clár agus modúl leithleacha forbartha againn sa tslí sin.

17 Seimineár i mBologna ar an ábhar 'Cláir Dochtúireachta le haghaidh Sochaí Eolais na hEorpa' (Salzburg, 3-5 Feabhra, 2005).

5.11 Clabhsúr

Tacaíonn an chaibidil seo leis na hardtosaíochtaí straitéiseacha ar na bealaí seo a leanas:

TÉAMA STRAITÉISEACH	ÁBHARTHACHT NA CAIBIDLE	SAMPLAÍ DE THÁSTÁIL AR CHUR I BHFEIDHM
An Fócas Réigiúnach a Thógáil trí Idirnáisiúnú	Ag códú agus ag tógáil ar chumais réigiúnacha agus a leathnú go dtí an airéine idirnáisiúnta.	Líon na nasc cruthaithe idir lárionaid taighde, na braislí agus na grúpaí le tionsclaíocht, le lucht acadúil thar lear agus le comhlachtaí Rialtais, trí chomhaontais agus comhpháirtíochtaí, mar thacú le forbairt eacnamaíoch réigiúnach.
Ag Cumhachtú an tSainfhoghlaimeora	Ag cruthú deiseanna maoinithe; Páirt a thógáil in imeachtaí taighde agus próifíl de chéimí le béim ar thaighde.	Líonra comhpháirtíochtaí a chruthú idir thionsclaíocht, na lárionaid taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus lucht taighde na hInstitiúide. Rochtain do scoláirí ar acmhainní i lárionaid taighde amuigh agus ar acmhainní T&F na tionsclaíochta.
Ag Eagrú le haghaidh Fáis	Nascadh níos fearr idir imeachtaí taighde; braisliú agus gréasú na n-imeachtaí taighde (nasc taighde) i ngach scoil.	Líon na mbraislí a chruthaíodh agus leibhéal na gníomhaíochta idir dhisciplíní i ngach braisle ar leith.
Giniúint Eolais agus Aistriú Eolais a fheabhsú	Straitéis na taighde Sreabha réigiúnacha déthreocha Treoshuíomh Mód II.	Líon na dtionscadal taighde i gcomhar le tionsclaíocht áitiúil. Aistriú eolais trí nua-chúrsaí a fhorbairt, léachtaí poiblí agus rannpháirtíocht na foirne ar bhoird réigiúnacha agus ar mheithleacha oibre.
Ag coinneáil Timthriall an Fheabhsaithe Straitéisigh	Neartú na mbeart um dhea-cháilíocht.	Fás i maoiniú i gcomhair taighde, foilseachán, maoin intleachtach agus paitinní.

Caibidil 6

An Trasdul idir Foghlaimeoir agus Céimí agus níos Faide Anonn

An Trasdul idir Foghlaimeoir agus Céimí agus níos Faide Anonn

6.1 Réamhfhocal

Príomhghnó ag an Institiúid is ea foghlaimeoirí a ghabháil isteach i bpróiseas na foghlama agus cuidiú lena bhforbairt shóisialach, cultúrtha agus acadúil. Tá roinnt cuspóirí curtha roimpi ag an Institiúid le cur i gcrích d'fhonn céimithe den scoth a tháirgeadh. Ina measc atá:

1. An sainchéimí a chruthú;
2. An foghlaimeoir a choinneáil i gcroí-lár na n-imeachtaí;
3. Fócas fad saoil ar fhorbairt acadúil agus pearsanta a chruthú;
4. Líonra de chomhpháirtithe a chruthú chun tacú leis an bhfoghlaimeoir i gcoraí an tsaoil.
5. An foghlaimeoir in idirlinnte an tsaoil.

6.2 Próifíl na gCéimithe

Ba chóir go mbeadh céimithe na hInstitiúide so-aitheanta láithreach as roinnt saintréithe a léiríonn go dtagann siad ó thraidisiúin agus gnás fealsúnach faoi leith. Tuigeann an Institiúid an gá atá le sainmhíniú a dhéanamh ar an gcéimí, ní hamháin trí na scileanna teicniúla a bhfaigheann siad ach freisin trí na páirteanna a imreoidís sa bheatha ghairmiúil nó shóisialta. Ba chóir próifíl na gcéimithe a bheith dírithe ar cad is ceart don chéimí a bheith thar aon ní gur féidir leo a dhéanamh. Dearbhaíonn an Institiúid na tréithe bunaigh a bhaineann le sainchéimí ITPL mar seo a leanas:

1. Inniúil do gach chumas a thuigtear ón gcáilíocht a bhronnadh orthu;
2. Claonta i leith na foghlama leanúnaí agus ar a gconlán féin sa bhfoghlaim;
3. Liteartha agus faisnéisithe faoi thaighde;
4. Saibhir i scileanna idirphearsanta agus cumarsáide;
5. Cumasaithe agus tacaithe thairis sin i mbainistiú gairme agus i rianú na gconairí gairme;
6. I seilbh na scileanna beatha eile a léiríonn forbairt an duine iomláin agus le cultúr a ullmhaíonn scoláirí chun saol rathúil a chaitheamh, scileanna ar nós:
    - Cumas chun machnaimh chriticiúil neamhspleách a dhéanamh;
    - Obair foirne;
    - Íogaireacht eiticiúil;
    - Féinfheasacht agus pobalfheasacht.

Déanfar an clár seo a úsáid mar mhodh chun gach clár nua staidéir a tháirgfidh an Institiúid a mheas. Beidh sé de cheangal ar gach rannóg acadúil tuarascáil a ullmhú in aghaidh na bliana faoin tslí a ndéanfaidh a n-imeachtaí ar leith cuidiú le forbairt na saintréithe seo ina gcuid scoláirí.

6.3 An foghlaimeoir mar chroí-lár ár n-imeachtaí.

Is próiseas gníomhach í an fhoghlaim agus tá gealltanas tugtha ag an Institiúid go gcuirfear an foghlaimeoir i gcroí-lár na foghlama. Má cuirtear na foghlaimeoirí i lár baill tá siad san áit is fearr chun treo agus cuma a chur ar na seirbhísí agus na h-imeachtaí stiúrann agus a dhealbhaíonn a mbeatha san Institiúid. Tá roinnt cuspóirí ag an Institiúid le cinntiú go gcuirtear an fhoghlaim i lár gnóthaí na hInstitiúide. Orthu siúd atá:

1. deimhin a dhéanamh go mbíonn baint ag an scoláire le gach gné de phróiseas an dearbhaithe cháilíochta agus de phróiseas an fheabhsaithe;

2. seirbhís an riaracháin a fheabhsú agus é a dhéanamh níos fusa do scoláirí déileáil le riarachán, agus faisnéis ábhartha a bheith ar fáil acu go tráthúil;

3. feabhsú leanúnach a dhéanamh ar na seirbhísí gairme trí Oifig Gairme a bheadh fócasaithe agus pleanáilte;

4. slua d'fhoghlaimeoirí éagsúil agus uileghabhálach a chruthú le héagsúlacht bhunaidh, éagsúlacht staidéir (ó phrintíseacht go PhD), agus éagsúlacht d'aicmí sóisialacha;

5. oibriú go dlúth le hAontas na Mac Léinn chun seirbhísí a chur ar fáil ag freagairt do riachtanais na bhfoghlaimeoirí;

6. solúbthacht agus roghanna níos fearr sna modúil agus sna speisialachais a sholáthar don fhoghlaimeoir;

7. cláir na hInstitiúide a chur ar fáil don phobal mór chomh forleathan agus is féidir;

8. céimithe a thacú tríd an Oifig Alumni agus iad a choinneáil i measc comhpháirtithe bunaigh na hInstitiúide.

"Ba chóir go mbeadh céimithe na hInstitiúide so-aitheanta láithreach as roinnt saintréithe a léiríonn go dtagann siad ó thraidisiúin agus gnás fealsúnach faoi leith."

6.4 Foghlaim Fad Saoil

Tá sé an-riachtanach ar fad áiseanna foghlama fad saoil a sholáthar in aon réigiún atá ag iarraidh caipitil éifeachtach intleachtach a fhorbairt. Go bunúsach, is as dhá dhúshlán a thagann an fhoghlaim ar feadh an tsaoil. Sa chéad áit, tá sé rí-thábhachtach an meon chultúrtha a chruthú i measc na bhfoghlaimeoirí a chuireann an bhéim ar fhorbairt ghairmiúil agus ar fhorbairt phearsanta. As seo tagann an spionnadh atá de dhíth chun dul ar thóir na foghlama leanúnaí. Tugann an Institiúid faoin dúshlán seo lena dheimhniú go dtagann an norm cultúrtha seo as an ngníomhú idir na bhfoghlaimeoirí agus thairis sin cuirtear an norm seo i bhfocail an tsainmhíniú a rinneadh ar shainchéimí ITPL (féach alt 6.2). Sa dara áit, is éard atá sa deis chun leanúint den staidéar ná na cláir a bheith ar fáil agus cóir an fhoghlaimeora ar fáil chun teacht ar an ábhar staidéir sin go caoithiúil. Maidir le seo, tá rún daingin ag an Institiúid na córacha chun teacht ar chláir staidéir san Institiúid a fheabhsú. Déanfar é seo ar roinnt bealaí.

1. Tuilleadh úsáide le baint as an gcóras modúlach chun solúbthacht roghanna agus cur i láthair a fheabhsú;
2. Áiseanna 'for-rochtana' breise le forbairt, go háirithe i gcomhar le comhpháirtithe tionsclaíocha agus réigiúnach d'fhonn na cláir staidéir a thairiscint níos leithne;
3. Teicneolaíocht le forbairt chun cabhrú le foghlaimeoirí in áiteanna iargúlta trí chian-staidéar a dhéanamh;
4. Lárionaid taighde 4ú Leibhéal le cruthú chun scileanna réigiúnacha ar leith a fhorbairt, i Loch Garman agus i gCill Chainnigh ar thosach;
5. Soláthar inmheánach a fhorbairt in earnálacha agus i ngnólachtaí áirithe.

6.5 Líonra na gComhpháirtithe

De réir mar a ghluaiseann an foghlaimeoir go céimí agus ó chéimí go foghlaimeoir fad saoil tiocfaidh athrú agus fás ar an ngaol atá acu leis an Institiúid agus na geallsealbhóirí. Aithníonn an Institiúid go bhfuil gá le dlúth-obair a dhéanamh le réimse leathan de gheallsealbhóirí. Mar a rinneadh i bpleananna straitéise roimhe seo, dearbhaíonn an Institiúid an tiomantas atá inti chun oibriú leis na príomh-gheallsealbhóirí.

1. Is iad na hAlumni na comhpháirtithe bunúsacha atá ag forbairt na hInstitiúide agus soláthraíonn siad ceangal ríthábhachtach idir an Institiúid agus na geallsealbhóirí amuigh. Tig lenár nAlumni deiseanna úra foghlama a chruthú, cainéil a oscailt chun aontais le hacmhainní straitéiseacha a scrúdú, áiteanna a chruthú le haghaidh oibreacha nua agus deiseanna maoinithe a aimsiú b'fhéidir. Tá an Oifig Alumni tiomanta ar naisc agus comhcheangail láidre a choinneáil lenár gcéimithe agus seirbhísí a sholáthar dóibh. Cuireann an dúil atá ag an Institiúid chun spéis sa bhfoghlaim fhad saoil a shíolrú sna céimithe an ceangal freisin ar an Institiúid cláir ábhartha a chur ar fáil do na Alumni a ligeann dóibh fás leanúnach, pearsanta, gairmiúil a dhéanamh.

2. Trí fhostóirí na gcéimithe is féidir leis an Institiúid na tairiscintí de chláir staidéir agus na punanna oibre is déanaí a chur ar fáil. Ní mór mar sin oibriú go dlúth le fostóirí chun clár ardchaighdeáin a dhearadh agus a chur i láthair a réitíonn le riachtanais scileanna agus cáilíochta an fhostóra. De bharr an chuspóir straitéiseach seo chun deiseanna bunaithe ar fhostaíocht a mhéadú tá an gá níos láidre fós na naisc le fostóirí a choinneáil agus baint a thabhairt dóibh i ngnóthaí na hInstitiúide.

3 Tá tábhacht na ngeallsealbhóirí a thacaíonn leis an Institiúid aitheanta ar iliomad bealaí. Tugann na 'Cairde' seo tacaíocht don Institiúid ar mhodh cultúrtha, mothúchánach agus straitéiseach agus soláthraíonn siad dearcadh úr, nuálaíoch ar an Institiúid agus ar imeachtaí na hInstitiúide. Más oscailte an foras músclaíonn sin an bheocht, an athbheochan agus an mharana.

4 Tá comhpháirtíochtaí, comhaontais agus agallaimh le tionsclaíocht, le comhlachtaí gairmiúla agus stáit an-tábhachtach ar fad agus ní mór a dhearbhú go mbíonn an t-eolas ag imeacht sa dá threo. Cloífidh an Institiúid ag obair go dlúth leis an grúpaí seo chun líonra éifeachtach de theagmhálacha a choimeád.

5 Tá ról tábhachtach le himirt san ard-oideachas freisin ag tuismitheoirí agus is foinse thábhachtach d'fhaisnéis agus d'aiseolas ag an Institiúid iad. Dá bhrí sin tá an Institiúid tugtha don agallamh agus don pháirtíocht le tuismitheoirí agus le grúpaí de thuismitheoirí maidir le dearadh straitéise agus le measúnú na hoibre.

6 Tá an tábhacht a bhaineann le comhtháthú ar chóras an oideachais ón mbunscoil go dtí leibhéal a cheathair aitheanta mar chuspóir leanúnach sa tréimhse pleanála seo. De dheasca an méid a rinne an Lárionad Teagaisc Matamaitice, Eolaíochta agus Teicneolaíochta (LITMET) chun an nascadh seo a dhaingniú i gcaitheamh na tréimhse pleanála deiridh tá méadú mór tagtha ag líon na leanaí i mbunscoileanna agus i meánscoileanna a bhain taitneamh as an gcluiche úd 'a greann atá le baint as Eolaíochta agus Matamaitic'. Leanfaidh an Institiúid ag plé le bunscoileanna agus le meánscoileanna agus le leanaí chun feabhas breise fós a chur ar chomhtháthú an oideachais san Oirdheisceart.

7 Bíonn foireann agus scoláirí na hInstitiúide i gcónaí páirteach leis an bpobal áitiúil i gcúrsaí spóirt, ceoil, ealaíne agus cultúir. Tá ról ceannais á nglacadh ag baill foirne agus scoláirí in eagraíochtaí pobail agus carthanais, rud atá an-tairbheach don saol sóisialta réigiúnach. Leanfaidh an Institiúid ag cur an obair shóisialta seo chun cinn agus ag cabhrú go leanúnach le forbairt shóisialta agus chultúrtha sa phobal áitiúil, sa réigiún agus sa tír máguaird.

6.6 Clabhsúr

Tacaíonn an chaibidil seo leis na hardtosaíochtaí straitéiseacha ar na bealaí seo a leanas:.

TÉAMA STRAITÉISEACH	ÁBHARTHACHT NA CAIBIDLE	SAMPLAÍ DE THÁSTÁIL AR CHUR I BHFEIDHM
An Fócas Réigiúnach a Thógáil trí Idirnáisiúnú	Alumní, an foghlaimeoir 'réigiúnach' agus scoláirí Idirnáisiúnta.	Naisc le hAlumni agus ag freastal ar riachtanais na foghlama fad saoil.
Ag Cumhachtú an tSainfhoghlaimeora	Próifíl an Chéimí An imeascadh scoláirí (idirnáisiúnta); Alumni.	Rátaí fostaíochta; Éilimh ó fhostóirí.
Ag Eagrú le haghaidh Fáis	Páirtíocht bhreise an fhoghlaimeora / chéimí sna himeachtaí.	Páirtíocht na bhfoghlaimeoirí i bpróisis na hInstitiúide.
Giniúint agus Aistriú an Eolais a Fheabhsú	Foghlaimeoirí de chineál nua, go háirithe i gcruthú an réigiúin thaighde-liteartha.	Méid an hilghnéitheachta i measc na bhfoghlaimeoirí.
Timthriall an Fheabhsaithe Straitéisigh a Choinneáil	Níos mó trédhearcachta i dteagasc agus i bhfoghlaim, i measúnú agus i gcarnadh creidiúna. Níos mó den sholúbthacht agus den fhéintreorú.	Páirt an foghlaimeora i bhfeabhsú na cáilíochta.

Caibidil 7

Timpeallacht na Foghlama

Timpeallacht na Foghlama

7.1 Réamhfhocal

Aithnítear suíomh lárnach an fhoghlaimeora i misean na hInstitiúide mar an chritéar treorach faoinar chóir caighdeáin na hInstitiúide a mheas. Mar sin féin, ní féidir le haon fhoghlaim a bheith éifeachtach ach amháin i dtimpeallacht oiriúnach. Tá sé soiléir chun timpeallacht na foghlama a chruthú nach mór an bonneagar, an láithreán fisiceach a fhorbairt agus tugtar faoin dúshlán seo go hiomlán i gCaibidil 9. De bhreis ar an mbonneagar fisiceach, tá tionchar láidir ag na nithe seo a leanas ar thimpeallacht na foghlama:

1. an comhéadan, an teagmháil, idir an fhoireann, an foghlaimeoir agus an Institiúid a chur i bhfearas ceart oibre;
2. cultúr na foghlama a neartú;
3. foghlaimeoirí a chumasú trí chumarsáid agus teicneolaíocht an eolais;
4. deiseanna a chruthú thar teorainneacha traidisiúnta na hInstitiúide;
5. córas scoth-cháilíochta a chruthú bunaithe ar tháirgeacht;
6. leanúint do neartú na seirbhísí tacaíochta.

7.2 An Fhoireann na Foghlaimeoirí agus an Institiúid

De réir tuairimí a thagann ar ais ó scoláirí is é cumas agus neart na foirne a shocraíonn cáilíocht an imshaoil foghlama san Institiúid. Tá an Institiúid an-bhródúil ar fad as an acmhainn luachmhar sin, na daoine atá aici, agus admhaíonn gurb iad an fórsa tiomána taobh thiar den fhoghlaim agus gurb iad na pointí teagmhála is tábhachtaí idir na foghlaimeoirí agus an Institiúid. Sa mhéid seo, mar thaca le riachtanais foghlama na scoláirí, tá rún daingin ag an Institiúid feabhas a chur, ar mhodh gairmiúil, ar an dtimpeallacht ina mbíonn an teagmháil seo idir foireann agus scoláirí. Má cruthaítear comhtheagbháil láidir idir foireann agus scoláirí, cuireann sin neart agus soiléire sa chumarsáid ar an dá thaobh. Don tréimhse 2007-2010 athdhearbhaíonn an Institiúid an tiomantas seo atá aici:

1. próisis cumarsáide oscailte a chumadh ar gach treo idir an Institiúid, an fhoireann agus na foghlaimeoirí, a thugann deis do na grúpaí go léir a bheith páirteach i bhforbairt na hInstitiúide. Beidh cruth foirmiúil á chur ar pháirt na scoláirí, tri pháirtíocht a thabhairt dóibh ar bhoird na gcúrsaí agus ag cur i bhfeidhm go céimneach an chórais aiseolais ó scoláirí de réir na spriocanna náisiúnta atá aontaithe;
2. cumarsáid a fheabhsú tri infheistíocht leanúnach a dhéanamh sa chumarsáid inmheánach, cruinnithe oscailte a thionól idir fhoireann agus scoláirí agus úsáid na bpróiseas pleanála straitéisí comhpháirtíochta a mhéadú faoi choimirce An Oifig um Phleanáil Straitéiseach.

Sa teagmháil idir fhoireann, foghlaimeoirí agus an Institiúid freisin tá an gá chun riachtanais uile na bhfoghlaimeoirí a thacú, acadúil agus neamh-acadúil. Tríd an bplean 2003-2006 rinne an Institiúid gach iarracht chun áiseanna na scoláirí a fheabhsú. Caithfimid tógáil níos fearr fós ar an méid atá déanta. Go háirithe tá an cuspóir leagtha síos chun tacú le haon ní a chuidíonn le foghlaimeoirí a gcláir staidéir a chríochú go sásúil agus chun cuidiú le gach aoinne an luach is fearr a bhaint as na hacmhainní atá acu.

Ach ní bhíonn deireadh leis an ngaol idir an fhoghlaimeoir agus an Institiúide tar éis na céime agus tá rún ag an Institiúid freisin feidhm a bhaint as neart na nAlumni. Is finnéithe iad na hAlumní ar cháil na hInstitiúide, is meán iad chun smaointe úra a chasadh ar ais agus is taca don fhoghlaim fad saoil iad. Is iad na hAlumni an inspioráid ag na glúine nua scoláirí agus is iad a chuireann síos na slata tomhais do na glúine atá le teacht. Leanfaidh an Institiúid, tríd an Oifig Alumni, ag tacú agus ag spreagadh na páirte atá ag na hAlumni san Institiúid.

7.2.1 Comhéadan Cultúrtha agus Ealaíonta

D'oibrigh foireann na hInstitiúide riamh taobh amuigh den chúram caol reachtúil a bhí go traidisiúnta ag earnáil na nInstitiúidí Teicneolaíochta. Go háirithe léiríonn an gaol cultúrtha, sóisialta agus ealaíonta atá acu le pobail difriúla an mianach gairmiúil agus deonach atá iontu. Leanfar leis an gcomhar seo trí shainiúlachtaí sna hEalaíona Cruthaitheacha agus sna Taibh-ealaíona (na n-ealaíona íce san áireamh) agus leis an dtacaíocht a thugtar d'imeachtaí cruthaitheacha agus ealaíne ar fud an réigiúin. Oibríonn an Institiúid freisin mar lárionad cultúrtha agus oidhreachta, ag soláthar áitreabh, cur i gcás, do chnuasaigh ealaíne agus leanfaidh muid ag forbairt agus ag tacú le hoidhreacht agus le timpeallacht chultúrtha an Oirdheiscirt.

Ní foláir don Institiúid freastal go speisialta ar riachtanais phobal na Gaeltachta siar uainn i Rinn Ó gCuanach. Cheana féin tá cúrsa Ard-Dioplóma i Léiriú Teilifíse dá reáchtáil idir an Institiúid agus Nemeton Teo.

Tabharfaidh an cúrsa seo treoir ar leith agus sinn ag cothú cúrsaí nua léinn agus taighde eadrainn agus fairis sin idir comhpháirtithe eile gur suim leo an Ghaeilge chomh maith.

Is mian linn meanma na hInstitiúide a chomhlíonadh go h-iomlán agus chuige sin leanfar leis an gceangal atá eadrainn go dtí seo.

7.3 Cultúr na foghlama

Éilíonn an díograis atá ar an Institiúid do chruthú imshaoil a bhfuil an áit láir ag an bhfoghlaimeoir ann méid áirithe de luacha cultúrtha a ligeann an bhéim ar an dtábhacht atá le cláir staidéir a chur i láthair ar bhealach éifeachtach. Éilíonn sí freisin tuiscint agus freagúlacht do riachtanais an fhoghlaimeora agus grinnbhreithniú ar thomhais cáilíochta, bunaithe ar tháirgeacht an fhoghlaimeora. Tá na spriocanna seo a leanas leagtha síos ag an Institiúid don tréimhse 2007-10.

1. De réir an chleachtais náisiúnta agus idirnáisiúnta is fearr, tacaíocht a thabhairt do gach réimse staidéir chun feabhais leanúnach chur ar chórais cáilíochta a thomhas, córais a shainmhíníonn agus a thomhaiseann bunfhiúntas na hoibre trí prionsabail na pleanála straitéisí agus an athbhreithnithe;
2. Aitheantas a thabhairt do ghnóthachain na foirne, na scoláirí agus na ngeallsealbhóirí, toisc gurb iad cúltacaí agus iompróirí luacha cultúrtha na hInstitiúide. Tá an geall tugtha ag an Institiúid na dámhachtainí i gcomhair feabhais acadúil sa bhfoireann a fhorbairt sna réimsí teagaisc agus foghlama agus i maoirseacht na taighde. Tiocfaidh méadú freisin ar líon na scoláireachtaí agus na mbronntaí a thabharfar d'fhoghlaimeoirí mar aitheantas ar ghóthachain i gcaitheamh na tréimhse go dtí 2010.

7.4 Ag cumasú foghlaimeoirí trí chumarsáid agus trí theicneolaíocht an eolais

Tá toradh an-mhór ag teicneolaíocht nua-aimseartha ar thimpeallacht na foghlama. Tá teicneolaíochtaí nua ar fáil anois a chuidíonn le foghlaim ó thaobh na gclár staidéir a chur ar fáil, ábhar na foghlama a sholáthar, na modhanna taighde agus an measúnú. Tá sé curtha roimpi mar aidhm ag an Institiúid an teicneolaíocht is fearr d'foghlaimeoirí a chur ar fáil. Mar shampla:

1. na seirbhísí ar ghréasán a fheabhsú agus a leathnú agus, go háirithe, forbairt níos mó a dhéanamh ar an bhfoghlaim fhíorúil, tríd an gléasra teicniúil a uasghrádú agus freisin tríd an raon de thacaíocht oideolaíoch ábhar-chruthaitheach i dteagasc agus i bhfoghlaim atá á chur ar fáil ar líne don fhoireann.
2. 'baill te' de líonraí gan sreang a shuiteáil ar gach champas san Institiúid;
3. leanúint d'fhaire na dtreochtaí teicneolaíochta agus na réitigh cuí teicniúla a roghnú chun cabhrú leis na foghlaimeoirí.

Moil agus Tairseacha[18]



7.5 Anonn thar teorainneacha traidisiúnta

Cuireann an dá chuspóir atá ag an Institiúid, an fócas réigiúnach, agus sa dara áit, cruthú/aistriú an nua-eolais chun sochair an réigiúin, de cheangal orainn sainmhíniú úr nuálaíoch a dhéanamh ar na teorainneacha traidisiúnta. Chun an dá chuspóir seo a chur i gcrích ní foláir don Institiúid a bheith i lár srutha faisnéise, eolais agus nua-smaointe atá ag imeacht idir na geallsealbhóirí ábhartha sa réigiún. Ní foláir, mar sin, meáin a chruthú do na geallsealbhóirí chun go mbeidís ábalta teacht ar sheirbhísí, áiseanna agus cláir oibre as gach áit sa réigiún agus chun go mbeadh an Institiúid féin cineál a bheith 'i láthair' freisin sna réigiúin. Is trí na réigiúin sin a dhéantar na lárionaid feabhais a fhorbairt. Sáróidh an Institiúid na dúshláin seo mar a leanas:

1. Teicneolaíocht a chruthú chun clár a chur i láthair is cuma cén áit. Le hinfheistíocht leanúnach sa teicneolaíocht, is féidir imshaol foghlama gan teorainn fhisiceach ar bith a chruthú mar chuirtear ríomhfhoghlaim san áireamh. Samhlaítear go bhfuil páirt lárnach fós le himirt ag teicneolaíocht atá ceaptha chun imshaol solúbtha a chruthú chun freastail ar na foghlaimeoirí go léir.
2. Meáin a sholáthar chun eolais a aistriú sa dhá threo idir an Institiúid agus geallsealbhóirí sna réigiúin.
3. Meán éifeachtach a chruthú le páirt a thabhairt do gheallsealbhóirí tábhachtacha lasmuigh bhfeabhsú cáilíochta agus sa phleanáil straitéise;
4. Lárionaid d'imeachtaí 4ú leibhéal a shuíomh ar mhoil réigiúnacha d'fhonn na sreabha eolais acadúil agus tráchtála a chnuasach agus lárionaid feabhais taighde a chruthú de réir straitéis taighde na hInstitiúide;
5. Leanúint do chur i bhfeidhm straitéis foghlama fad saoil ar mhaithe le hoideachas ar gach leibhéal a bheith ar fáil ag gach aicme foghlaimeoirí;
6. Imshaol foghlama ilghnéitheach náisiúnta agus idirnáisiúnta a chruthú.

7.6 Córas cáilíochta bunaithe ar tháirgeacht

Cuireann na treochtaí idirnáisiúnta i mbainistíocht cáilíochta ard-oideachais an bhéim ar dhíriú na forbartha institiúidí ar fhealsúnacht an fheabhsaithe cáilíochta, agus ag an am céanna méadrachtaí thascaire na feidhmíochta (fiúntas na hoibre) a úsáid i gcóras éifeachtach de dhearbhú cáilíochta, bunaithe ar tháirgeacht. Tá imshaol na foghlama ar cheann de na nithe is mó a théann i bhfeidhm ar an bhfoghlaim féin agus ar chaighdeán deireanach an chéimí. Faoi stiúir phróifíl an chéimí, leanfaidh an Institiúid ag faire, ag measúnú agus ag forbairt na dtomhas a dhéanann breithiúnas ar fhiúntas an imshaoil foghlama. Chun spriocanna ar leith faoi seo a leagan síos is gá:

1. na himeachtaí oiliúna agus forbartha don fhoireann acadúil agus feidhmiúil a dhearadh agus a fhaire agus na ceisteanna faoi oideolaíocht, an cleachtais ghairmiúil agus na tacaíochtaí ar fad a chur san áireamh;
2. na córais aiseolais ó scoláirí agus ó gheallshealbhóirí a neartú agus an pháirt atá acu i bhfeabhsú cáilíochta, sa bhfaireachán agus sa phleánáil a neartú freisin;
3. na córais athbhreithnithe féin-mheasúnaithe a fhorbairt go leanúnach, le páirtíocht ó na iomlán na ngeallsealbhóirí cuí, laistigh agus lasmuigh, chun ábharthacht na gclár staidéir ar thairiscint d'fhoghlaimeoirí a mheas, chomh maith leis an mbealach a chuirtear i láthair iad. Ansin, dhéanfaí na bearta is fearr um fheabhsú cáilíochta a thiocfadh chun solais a fhoilsiú agus a chur i bhfeidhm.

7.7 Ag Tacú leis an bhFoghlaim

Déanfaidh an Institiúid tacaíocht a thabhairt don fhoghlaim trí struchtúr éifeachtach tacaithe a sholáthar mar chuidiú leis an bhfoghlaimeoir chun bunábhair oiriúnach a aimsiú agus chun cuspóirí gairme a fhorbairt.

7.7.1 Leabharlann

Tá ról lárnach ag an Leabharlann mar sholáthraí oideachais san Institiúid. Is cúltaca í le ról na hInstitiúide féin chun intleacht na scoláirí a mhúnlú. Tugann an leabharlann áitreabh do chnuasach 175,000 mír idir prionta agus ilmheánach. Tá bunachair ar líne aisti lenar féidir os cionn 100,000 iriseán a chuardach.

18 Moil agus Tairseacha, Straitéis Spáis Náisiúnta 2007-2013.

Is é misean na seirbhíse leabharlainne ná cnuasaigh agus seirbhísí a chothabháil agus a fhorbairt inniu agus sa todhchaí mar thacú le teagasc agus foghlaim san Institiúid agus níos leithne san Oirdheisceart. I measc na bpríomhbhearta straitéise ag an leabharlann tá:

1. Leanfaidh foireann thacaíochta na foghlama sa leabharlann ag obair leis na ranna acadúla d'fhonn an oiliúint sna scileanna faisnéise a fheabhsú agus déanfaidh siad cláir oibre d'aon ghnó chun scileanna a thabhairt d'fhoghlaimeoirí an raon acmhainní atá sa leabharlann a úsáid, go háirithe na bunachair leictreonacha.
2. Tá an leabharlann faoi gheall seirbhísí a fhorbairt a thacaíonn le cineálacha difriúla foghlama, le modhanna teagaisc neamh-traidisiúnta agus le foghlaim chumasctha mar chianfhoghlaim agus foghlaim pháirtaimseartha;
3. Tá seomra cúntach teicneolaíochta mar chuid d'fhoirgneamh leabharlainne Lúcáis Uaidín inar féidir le húsáideoirí le míchumas coirp nó céadfach teacht i dtír ar chrua-earraí agus bog-earraí speisialta. Leanfaidh an leabharlann ag gabháil leis an teicnící agus leis an dteicneolaíocht is déanaí le deis a thabhairt d'úsáideoirí le míchumais an buntáiste is mó as an seirbhís.
4. Leanfaidh foireann na leabharlainne le hoideachas leanúnach agus le forbairt ghairmiúil chun an eolais is déanaí a fháil chun dul chun cinn ina ngairm agus chun an trealaimh cheart a fháil chun freastail ar éilimh nua ó fhoghlaimeoirí.
5. Bhí sé d'ádh ag an leabharlann go bhfuaireadar cnuasaigh an-luachmhara mar bhronntanais le blianta anuas. Déanfar cothabháil oiriúnach a chur ar chnuasaigh speisialta agus cuirfear ar thaispeáint iad agus le scrúdú ag scoláirí agus ag taighdeoirí.
6. Beidh foireann na leabharlainne bainteach i gcónaí le coimeádlann na hInstitiúide. Is córas foirmiúil é seo chun táirgeacht intleachtach na hInstitiúide a thaisceadh agus a léiriú do lucht féachana níos leithne ar an idirlínn.

De réir mar a athraíonn leabharlanna acadúla ó bheith ina stóir taiscthe le haghaidh cnuasach go dtí rannpháirtithe i bpróiseas iomlán an oideachais, tá an fhoireann ag admháil go bhfuil gá acu le measúnú leanúnach, le hathbhreithniú agus le hathrú, ionas gur féidir leo leanúint de ról lárnach a thógáil in eispéireas na foghlama san Institiúid agus sa phobal i gcoitinne.

7.7.2 Ionad um Chúnamh, Rochtain, Coinneáil agus Teagasc (ICRCT)

Is é an príomhghnó atá ag an Ionad um Chúnamh, Rochtain, Coinneáil agus Teagasc ná ráta coinneála na scoláirí ag staidéar san Institiúid a fheabhsú trí cabhair a thabhairt dóibh, ar bhealaí éagsúla, a gcúrsaí a chríochnú agus é a dhéanamh níos éasca teacht chuig an Institiúid, b'fhéidir na scoláirí a cheap nach mbeadh an rogha d'oideachas tríú leibhéil ar fáil acu. Is iad seo a leanas na príomhfheidhmeanna atá ag ICRCT:

1. comhneartú agus leathnú a dhéanamh ar raon ilghnéitheach tacaíochta do scoláirí a bhfuil mar chuspóir acu an luach is fearr agus is féidir a bhaint as taithí acadúil, shóisialta agus chultúrtha san Institiúid;
2. leanúint don Institiúid féin a dhéanamh níos oscailte dóibh siúd a cheap b'fhéidir san am atá caite nach mbeadh an rogha d'oideachas tríú leibhéil ar fáil acu (scoláirí ó chúlra bocht, lucht fágála na scoile ró-luath, mionlaigh eitneacha, scoláirí le míchumais);
3. páirtíocht na scoláirí a chothú trí dheiseanna forbartha pearsanta agus gairmiúla a sholáthar;
4. leanúint do sholáthar tacaíochta agus forbartha, pearsanta agus gairmiúil don fhoireann go léir in ICRCT.;
5. naisc láidre a neartú agus a fhorbairt le geallsealbhóirí laistigh agus le comhlachtaí lasmuigh;
6. clár oibre scoláireachta agus taighde a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

7.7.3 Oifig na nGairmeacha

Tá Oifig na nGairmeacha láidir a thaobh tacaíocht a thabhairt do scoláirí agus do chéimithe nua chun pleananna rathúla gairme a cheapadh agus a chur i gcrích, agus cuidíonn siad freisin leis an bpróiseas earcaíochta le haghaidh scoláirí agus fostóirí. Tacaíonn an Oifig freisin le deiseanna sna scileanna agus na tréithe bainistíochta atá de dhíth sa saol oibre a sholáthar do scoláirí agus do chéimithe. Is é an ráiteas misean atá ag Oifig na nGairmeacha ná 'Cumas a thabhairt do scoláirí a ngairmeacha féin a bhainistiú rompu (spriocanna réadúla a leagan síos, cinntí bunaithe ar eolas a dhéanamh agus na scileanna a fhoghlaim chun na spriocanna a bhaint amach) trí raon d'acmhainní agus seirbhísí a thairiscint, faisnéis, comhairle agus treoir, agus béim ar leith a ligean ar theicneolaíocht ar líne, ar ghréasáin gairmeacha agus ar WebCT'.

7.8 Clabhsúr

Tacaíonn an chaibidil seo leis na hardspriocanna straitéiseacha mar a leanas:

TÉAMA STRAITÉISEACH	ÁBHARTHACHT NA CAIBIDLE	SAMPLAÍ DE THÁSTÁIL AR CHUR I BHFEIDHM
An Fócas Réigiúnach a Thógáil trí Idirnáisiúnú	Teorainneacha na hInstitiúide a shíneadh agus córais cáilíochta a fhorbairt a chlúdaíonn an réigiún ar fad.	Líon na gclár oibre ar féidir a reáchtáil san áit oibre nó sna réigiúin.
Ag Cumhachtú an tSainfhoghlaimeora	An foghlaimeoir curtha i gcroí-lár na n-imeachtaí; Áiseanna tacaíocht curtha ar fáil; Páirtíocht le hAlumni agus Scoláireachtaí; An fhoghlaim á thacú tríd an Leabharlann, ICRCT agus Oifig na nGairmeacha.	Méaduithe i líon na gclár um fhoghlaim fad saoil agus san éileamh ó fhoghlaimeorí.
Ag Eagrú le haghaidh Fáis	Infheistíocht i dteicneolaíocht an chur i láthair agus i gcórais nua ardcháilíochta; An Teicneolaíocht gan Sreang a chur i bhfeidhm.	Méaduithe san infheistíocht i dtacaíocht na foghlama
Giniúint agus Aistriú an Eolais a Fheabhsú	Na hoifigí freagrach as aistriú an eolais a neartú; Infheistiú sa leabharlann agus i rochtain ar an leabharlann.	Infheistíocht sa Leabharlann.
Timthriall an Fheabhsaithe Straitéisigh a Choinneáil	Aistriú go dtí córais intomhaiste táirgeacht-bhunaithe de bhainistíocht cáilíochta i gcomhair na bhfoghlaimeoirí go léir agus feabhsuithe leanúnacha i gcur i láthair agus i measúnú na gclár.	Iniúchtaí cáilíochta a dhéanamh ar na seirbhísí.

Caibidil 8

Ath-ailíniú Struchtúr & Próiseas an Eagrúcháin

Ath-ailíniú Struchtúr & Próiseas an Eagrúcháin

8.1 Réamhfhocal

Ní mór do struchtúr na hInstitiúide a bheith oiriúnach chun tosaíochtaí móra na heagraíochta a chur i gcrích. Tá dúshláin móra ag teacht as an bhfás atá déanta ag an Institiúid. Go háirithe bíonn an Institiúid ag plé le raon oibre níos leithne agus níos doimhne i dtaighde agus i bhforbairt réigiúnach. Cuirfear brú ar an Institiúid mar gheall ar sin ar mhórán slite. Ina measc tá gá le :

1. struchtúir nua eagraithe chun freastail ar an athrú sna éilimh ó imeachtaí agus ó gheallsealbhóirí;
2. meáin nua a fháil chun comhordú a dhéanamh ar ilghnéitheacht na hInstitiúide, atá ag méadú go mór;
3. struchtúir rialachais agus bainistíochta a fheabhsú agus a fhorbairt de bharr athruithe sa reachtaíocht agus an brú ó fhás na hInstitiúide féin;
4. deimhniú go bhfuil an hAcmhainní Daonna oiriúnach chun na gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach;
5. tacaíocht a thabhairt d'athruithe struchtúir agus eagraithe trí chláir traenála agus forbartha oiriúnacha a chur ar fáil;
6. dóthain airgeadais agus dáilte acmhainní a dheimhniú chun ligean dúinn na tosaíochtaí a bhaint amach ar an mbealach is críochnúla agus is éifeachtaí.

8.2 Athruithe Struchtúrtha

I rith na tréimhse 2003-6 chruthaíodh struchtúir nua bainistíochta agus acadúla (mar atá achoimrithe i gCaibidil 2) agus is ceann de an cuspóirí móra i gcomhair forbartha don tréimhse 2007-10 cuidiú leis na struchtúir sin agus breis luacha a chur ar fáil don Institiúid. Cheapadh na poist nua bainistíochta d'aon ghnó chun feabhas a chur ar an gcur chuige gairmiúil i ngach áit a bhfuil obair ar siúl agus chun seirbhísí agus pleanáil a fheabhsú i gcomhair na n-eagraíochtaí, agus na scoláirí agus na hábhair scoláirí atá le teacht.

Má thógtar struchtúir speisialtachta cuireann sin le castacht na hInstitiúide agus bíonn gá dá réir le tuilleadh comhordaithe idir na haonaid. Chun seirbhís den chéad scoth a chur ar fáil, tá an nascadh idir na próisis acadúla agus an bhainistíocht an-tábhachtach ar fad. Táthar i ndiaidh teacht ar roinnt áiteanna a bhainfeadh tairbhe b'fhéidir as comhordú breise agus is ceart déileáil leo sin i dtúis báire. Orthu sin atá próiseas na pleanála, tacaíocht a thabhairt don taighde, agus an bhainistíocht acadúil. Chun na gcuspóirí seo a bhaint amach tá sé i gceist ag an Institiúid róil tacaíochta a chruthú i scoileanna acadúla (amhail ceannairí ar chúrsaí) chun cumarsáid agus malartú eolais a spreagadh idir na ranna difriúla.

Tá sé ar bharr tosaíochta againn Comhlacht Rialaithe na hInstitiúide, an Bord Feidhmiúcháin, an Chomhairle Acadúil agus coistí eile a nascadh go héifeachtach le chéile le slabhraí soiléire so-thuigthe de fhreagracht agus d'údarás. Tá obair nach beag déanta cheana ar na struchtúir atá ann a luacháil trí athbhreithnithe agus measúnú inmheánacha. Tá trí chinn de thograí curtha i láthair cheana chun na hathbhreithnithe céanna a dhéanamh ar fud na hInstitiúide i bhfoirm agallaimh agus measúnú, bunaithe ar an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr. Dá bhrí sin tosóidh an Institiúid an t-athbhreithniú seo go luath sa bhliain 2007 agus cuirfear na moltaí a thiocfaidh as i bhfeidhm roimh dheireadh 2010.

Tabharfaidh an Institiúid aghaidh freisin ar na riachtanais atá le comhordú a dhéanamh ar na lárionaid taighde. De bharr an fháis ar líon na n-ionad taighde tá gá le foirmiúlacht bhreise idir na grúpaí taighde agus na haonaid acadúla a mbíonn na taighdeoirí ag cur tuairiscí chucu. Beidh ag baint le hábhar níos mó ná riamh de réir mar a thagann fás ar an dtaighde idir dhisciplíní.

Ceangailte leis an bhfás sna grúpaí taighde tá gá le meáin breise foirmiúla idir dhisciplíní agus le an teagasc / taighde trasdhisciplíneach a chothú. Tá seo rí-thábhachtach mar chuidiú leis an gcóras modúlach chun an tsolúbthacht is fearr a bhaint amach. Chun déileáil leis an bhfadhb seo, déanfaidh an Institiúid:

1. struchtúir de ghrúpaí staidéir a chruthú ar fud na hInstitiúide chun cuidiú le speisialachas sna hábhair staidéir;;
2. struchtúir teagmhálacha a bhunú a chuideoidh le hagallamh idir na grúpaí;
3. frámaíocht a chruthú chun maoiniú agus bainistiú a sholáthar do na struchtúr idir dhisciplíní agus trasdhisciplíneach;
4. coistí a cur ar bun lena dheimhniú go réitíonn na cláir oibre go léir leis an ndearadh modúlach agus go dtiocfaidh aon chlár nua a chuirfear le chéile leis na cuspóirí airgeadais agus straitéise.

8.2.1 Struchtúr Réigiúnach

San aighneacht a rinne an Institiúid chuig an Rialtas ag iarraidh a bheith ainmnithe mar Ollscoil an Oirdheiscirt, leagamar pleananna amach le haghaidh mol réigiúnacha a chruthú i gCill Chainnigh agus i bPort Láirge, moil go mbeadh sé mar sprioc leo speisialachais 4ú leibhéal a bhunú in ionaid réigiúnacha. Beidh athruithe struchtúir agus eagraíochta ag teastáil mar thacú le forbairt na mol seo. Ina measc siúd atá, go príomha:

1. líonraí agus comhpháiríochtaí a dhéanamh go foirmiúil le geallsealbhóirí tábhachtacha;
2. meáin a chruthú chun eolais a aistriú sa dá threo idir an Institiúid agus na moil réigiúnacha;;
3. imeachtaí taighde a shuíomh sna hionaid réigiúnacha;
4. na cláir oibre agus na modúil a fhorbairt chun tacú le speisialachais sna baill réigiúnacha.

Chun na gcuspóirí seo a chur i gcrích ceapfaidh an Institiúid comhordaitheoir clár oibre sa chéad leath den bhliain 2007, freagrach as tús a chur le forbairt an mhodúil réigiúnaigh. I dtréimhse láir an phlean is ar Oifig na Taighde a thitfidh an fhreagracht as forbairt na taighde leanúnaí agus as eolas a aistriú.

8.2.2 Comhpháirtíochtaí le soláthraithe eile Ard-Oideachais (AO)

Tuigeann an Institiúid an straitéis náisiúnta maidir le comhpháirtíochtaí láidre a bhunú chun an leas is fearr a bhaint as na an éirim speisialta atá ag gach foras. Tá rún daingin ag an Institiúid gaol agus teagmháil a chothú thar réimse uile na soláthraithe oideachais, ón mbunscoil suas go dtí an ceathrú leibhéal agus le soláthraithe eile den tríú agus den cheathrú leibhéal ar fud na tíre. Tuigeann an Institiúid freisin go gcaithfear ceannaireacht a thabhairt maidir le fadhbanna eile agus má théitear i gcomhar le dreamanna eile as eagrais de gheallsealbhóirí agus eagrais acadúla, in Éirinn, thar lear agus sna réigiúin gur fearr an toradh a thiocfaidh as an iarracht. I measc na n-aicmí atá aitheanta i gcomhair a leithéid de cheannaireacht atá:

1. an fhorbairt réigiúnach agus aistriú an eolais;
2. leasú ar churaclaim agus ar phróiseas na foghlama d'fhonn próifíl shainiúil de chéimí a chruthú;
3. tacú leis an bhfoghlaim ar phointí athraithe na beatha idir meánscoil agus tríú leibhéal agus feabhsú scileanna le linn céimeanna forbartha gairme;
4. dul i bpáirtíocht le comhlachtaí nó eagrais náisiúnta chun cláir oibre a chur i láthair ar bhonn náisiúnta

Chomh maith le ceannaireacht a thabhairt sna nithe seo, tá rún ag an Institiúid chun gaoil trí speisialachas a chothú i bhforais eile a rachaidh chun sochair na sainiúlachta i gcoitinne. Maidir le seo, tá sé curtha romhainn comhpháirtíochtaí straitéiseacha a dhéanamh le hOllscoileanna agus le hInstitiúidí eile.

Tuigeann an Institiúid freisin an tábhacht atá le comhaontais idirnáisiúnta agus leanfaidh muid ag tógáil ar an gcaidreamh atá ann agus déanfar naisc úra a chruthú. Sa tréimhse pleanála seo beidh tábhacht ar leith le cónascaí a dhéanamh in SAM, sa Mheán-Oirthear, agus san Áis. Is cuid den chaidreamh úr seo;

1. foireann agus scoláirí a aistriú isteach agus amach as an Institiúid i gcomhair tréimhsí staidéir;

2 creidiúnú i le haghaidh cláir staidéir a sholáthar i gcomhar le forais eile;
3 earcú scoláirí;
4 comhaontais maidir le haitheantas a thabhairt do dhámhachtaíní;
5 comhoibriú maidir le taighde, forbairt agus nuálaíocht.

8.3 Athruithe sna Struchtúir Rialachais

Tá struchtúir an rialachais san Ard-Oideachas á n-athrú de réir mar atá reachtaíocht nua á thabhairt isteach (Acht na nInstitiúidí Teicneolaíochta) agus an tuairisciú á chur faoi chúram an Údaráis um Ard-Oideachas (ÚAO). Is é an toradh atá le seo ná freagracht an tuairiscithe a mhéadú (go háirithe fad is a bhaineann le pleanáil straitéise) agus méadú a chur ar an riachtanas go gcaithfidh na córais pleanála freastal go cruinn ar chuspóirí an pholasaí náisiúnta agus ar riachtanais an réigiúin. De bharr méid na hinfheistíochta a rinneadh ar oibriú na pleanála straitéisí sa tréimhse 2003-6 tá an Institiúid i staid láidir anois chun freastail ar na héilimh straitéiseacha. Thairis sin, ar aon dul leis an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr, tá athbhreithniú leathan déanta ar a gcuid oibre ag an gComhlacht Rialaithe agus tá frámaíocht láidir rialachais bunaithe acu. Déanann an aighneacht ag lorg a bheith ainmnithe mar ollscoil tuilleadh léirmhínithe ar cheisteanna rialachais agus tuigeann an Institiúid go maith go mbeidh tuilleadh freagrachta agus cuntasachta maidir le rialachas na hInstitiúide ann tar éis an ainmniú sin a fháil. Tá an comhlacht rialaithe lán-mhuiníneach go bhfuil an cumas againn chun freagairt do riachtanas ar bith a thiocfadh as reachtaíocht nua nó as ainmniú mar Ollscoil an Oirdheiscirt.

Is eol don Institiúid freisin an gá atá le síor-athbhreithniú agus athnuachan a dhéanamh ar na struchtúir rialachais, go háirithe fad is a bhaineann le meáin tuairiscithe agus rialaithe a chothabháil go héifeachtach. Is mar a leanas a dhéanfar sin:

1 comhaltaí an chomhlachta rialaithe a oiliúint agus a fhorbairt de réir an chleachtais idirnáisiúnta is fearr;
2 athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúr na gcoistí ar an gcomhlacht rialaithe lena chinntiú go mbainfear na haidhmeanna straitéise amach;
3 cruth foirmiúil a chur ar struchtúir na dtuairiscí de réir teimpléid, aontaithe ag gach aonad san Institiúid;
4 aireachas leanúnach a thabhairt d'athruithe sa chleachtas is fearr idirnáisiúnta agus d'athruithe in imshaol na rialála.

8.4 An Straitéis um Acmhainní Daonna

Tá os cionn 1,000 ball foirne fostaithe go díreach ag an Institiúid anois. Tá 300 eile fostaithe ag na gnólachtaí a sholáthraíonn seirbhísí do na scoláirí ar nós iostais, cóiríocht bhia, agus rúnaíocht. Is í an Institiúid an tríú fostóir is mó i bPort Láirge.

Tá sé rí-thábhachtach go gcloífidh an Institiúid le forbairt straitéis na nAcmhainní Daonna (AD) chun an fhoireann is fearr a choimeád sna disciplíní go léir. Ní foláir iad a chothabháil le traenáil nuálaíoch, le cláir forbartha, le luach saothar den scoth, agus freisin aitheantas agus tionscnaimh um leas na bhfostaithe a chur ar fáil dóibh. Leanfaidh an Institiúid i gcaitheamh na tréimhse 2007-10 ag obair i gcomhpháirt leis na ceardchumainn agus le hionadaithe na foirne lena dheimhniú go gcuirfear i bhfeidhm na cleachtais tionsclaíocha is fearr.

Aithníonn an Institiúid an tábhacht atá le cáilíochtaí ag an bhfoireann acadúil chun fás a chothú agus chun freastail ar riachtanais na gclár oibre amach romhainn. Beidh sé mar pholasaí AD a bheith ag tacú go fuinniúil leis an bhfoireann acadúil chun ligean dóibh cláir ardleibhéil taighde a chríochnú ionas go mbainfear an sprioc amach go mbeidh cáilíocht dochtúireachta ag 50% den fhoireann acadúil faoin mbliain 2010. Aithníonn an Institiúid freisin an cuidiú mór tá tugtha ag an bhfoireann riaracháin agus tacaíochta agus tá an saineolas a thugann siad an-tábhachtach san Institiúid. Tá an rathúnas amach romhainn sa todhchaí ag braith go mór ar an struchtúr riaracháin agus tacaíochta a chothabháil agus a fheabhsú agus ar chuidiú leanúnach a thabhairt d'fhorbairt ghairmiúil na ngrúpaí seo. D'fhonn tacú leis na cuspóirí seo tá an Institiúid sásta 3% den bhuiséad pá iomlán a infheistiú ar oiliúint agus forbairt le haghaidh gach bliain den phlean.

Déanfaidh Oifig na nAcmhainní Daonna freisin cabhrú leis an Institiúid, le comhaontú na foirne agus a n-ionadaithe, chun struchtúir na hOifige a athbhreithniú agus a athrú, ag teacht le cibé athruithe riachtanacha a thiocfadh as athrú ar stádas nó ainmniú na hInstitiúide.

Déanfaidh an Institiúid aitheantas agus admháil a thabhairt freisin don tseirbhís atá tugtha ag foireann atá ar scor. Déanfar Cumann na bhFoireann ar Scor a chothú agus a fhorbairt le naisc leanúnacha, imeachtaí agus seirbhísí mar aitheantas don pháirt atá tugtha acu san Institiúid.

8.5 Oiliúint agus Forbairt

Chun an luach is fearr a bhaint as na hathruithe sa struchtúr atá déanta agus a dhéanfar i rith na tréimhse 2007-10 caithfidh muid a bheith cinnte go mbeidh go leor traenála agus forbartha ann chun na hathruithe seo a bhuanú agus a dhaingniú. Chuige sin, reáchtálfaidh an Institiúid pacáiste de thraenáil bhainistíochta don eagras ar fad. Tá an cinneadh déanta ag an Institiúid an tionscnamh seo a thosú sa bhliain 2007 agus go leanfar leis i gcaitheamh ré bheatha an phlean. I measc na n-ábhar atá le breithniú atá:

1. Clár traenála feidhmiúcháin do bhainisteoirí;
2. Clár traenála do Chinn Roinne agus do Bhainisteoir na Seirbhísí Lárnacha;
3. Clár traenála um theagasc agus foghlaim;
4. Clár traenála um fheabhsú na taighde;
5. Clár traenála um bhainistiú cáilíochta;
6. Cláir oibre chun na cumais teicniúla agus an fhorbairt phearsanta a thagann ón gCóras Forbartha um Bhainistiú Feidhmíochta (CFBF) a fheabhsú;
7. Cumais nua a fhorbairt bunaithe ar riachtanais a aithnítear trí phróiseas an fheidhmiúcháin.

8.6 Na córais airgeadais

Tá gach cinneadh faoi airgid a dhéantar san Institiúid faoi réir na n-oibleagáid dlí atá orainn na gnásanna is fearr maidir le bainistiú airgid a chleachtadh. Tuigeann an Institiúid freisin gur fórsa láidir chun athraithe iad na córais atá ann chun airgid agus acmhainní a dháileadh agus nach mór iad a oiriúnú gairid do na tosaíochtaí straitéise atá againn. Maidir le seo, sa tréimhse 2003-6, cuireadh freagracht trom ar bhainisteoirí aonair chun acmhainní a raibh comhthéacs straitéise iontu a bhainistiú. Leanfaidh an Institiúid ag tógáil ar an gcóras seo sa tréimhse 2007-10 agus an bhéim á chur ar:

1. an fhreagracht i gcomhair críonnacht i gcúrsaí airgid agus i gcuntasacht a chur ar na haonaid go léir san Institiúid, idir acadúil agus seirbhíse, chun luach ar airgead agus breitheanna ciallmhara faoi airgead a chothú;
2. na próisis roinnte airgid a nascadh le pleananna straitéise chun a bheith cinnte go n-úsáidfar na hacmhainní de réir na dtosaíochtaí atá leagtha síos;
3. córais a bhunú chun airgead breise a mhealladh ó fhoinsí nua lasmuigh agus an sreabh maoinithe ag teacht isteach a mhéadú;
4. chomhphleanáil straitéise agus timthriall buiséadach ilchodach a chruthú ina mbeidh socrú ar spriocanna agus ar athbhreithniú ann ag gach aonad san Institiúid;
5. leanúint d'fheabhas a chur ar an gcóras freagrachta i leith an bhuiséid trí láimhseáil an airgid a bhunú agus a athbhreithniú i dtéarmaí bhuiséid chroíláir iomláin;
6. Ciste Straitéiseach Nuálaíochta a bhunú mar thacú le tionscnaimh nua straitéise a fhorbairt;
7. leanúint d'fhorbairt na gcóras cuntasaíochta bainistíochta chun faisnéis i gcomhair cinntí a fheabhsú;
8. clár oibre a aontú agus a chur i bhfeidhm lena cinntiú go ndéantar costáil éifeachtach agus ciallmhar ar phá agus ar chaiteachas eile i ngach aonad den Institiúid.

Sa bliain 2007 cuirfear an Institiúid Teicneolaíocht faoi mhaoiniú agus faoi bhainistíocht an Údaráis um Ard-Oideachas. Fáiltíonn an Institiúid leis an gcinneadh seo agus leis na feabhsuithe a thiocfaidh ar an earnáil i gcoitinne dá bharr. Toradh amháin a bhéas ar an ainmniú seo go mbeidh breis solúbthachta ar fáil ag an Institiúid chun sreabha ioncaim a tharraingt isteach agus a choinneáil de bhreis ar a bhfuil á fháil ón Rialtas láir. Mar sin, díreoidh an Institiúid ar roinnt imeachtaí chun ioncam a ghiniúint, cur i gcás;

1. tráchtálú na taighde agus gnólachtaí nua a chruthú ar champas;
2. dul i mbun gnóthaí comhairleachta faoi choimirce na hInstitiúide;
3. saothrú níos déine a bhaint as na háiseanna ar champas agus úsáid níos mó as na seirbhísí campais atá ann d'fhonn tráchtálú níos éifeachtaí a dhéanamh ar acmhainní na n-aonad seirbhíse ar champas;
4. teicneolaíocht an WITcard a mhargáil níos fuinniúla ar mhargaí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

"Tá an Institiúid tiomanta 3% den bhuiséad bliantúil pá a chur i leith traenála agus forbartha."

8.7 Clabhsúr

Tacaíonn an chaibidil seo leis na tosaíochtaí ardléibhéil ar na bealaí seo a leanas:

TÉAMA STRAITÉISEACH	ÁBHARTHACHT NA CAIBIDLE	SAMPLAÍ DE THÁSTÁIL AR CHUR I BHFEIDHM
An Fócas Réigiúnach a Thógáil trí Idirnáisiúnú	Comhpháirtíochtaí réigiúnacha a bhunú agus moil réigiúnach a chruthú.	Méid OLB (Oll-luach breisithe)/ ioncam curtha isteach sa réigiún. Moil réigiúnacha á gcruthú.
Ag Cumhachtú an tSainfhoghlaimeora	Cóngaracht na scoláirí le himeachtaí teagaisc agus foghlama; Ionadaíocht scoláirí ar Bhoird na gCúrsaí.	Líon na gclár oibre idir dhisciplíní a cheapadh.
Ag Eagrú le haghaidh Fáis	Ciste na Nuálaíochta Straitéisí á thionscnamh agus oifigí nua ar nós Caighdeán Cáilíochta á mbunú, etc.; Córais struchtúir agus oibriúcháin á n-athnuachan.	Comhordaitheoirí á gceapadh Athruithe Struchtúir agus Eagraíochta.
Giniúint agus Aistriú an Eolais a Fheabhsú	Struchtúir nua AD; Pointí aistrithe réigiúnacha; Imeachtaí acmhainní taighde a sholáthar; Maoiniú bunlíne.	Moil Réigiúnacha á gcruthú.
Timthriall an Fheabhsaithe Straitéisigh a Choinneáil	Struchtúir nua chun tacú leis an Institiúid; Strúchtúir nua chun cláir oibre a fhorbairt agus chun cúrsaí airgid a rialú.	3% den bhuiséad pá á chaitheamh ar Thraenáil agus Forbairt; Modúl nua cruthaithe chun maoiniú a dháileadh ar bhonn straitéiseach.

Caibidil 9

An Fhorbairt Fhisiceach



Figiúr 4
Sceideal na nÁitreabh Cónaithe
Líomatáiste Tógála i méadair cearnacha – Iomláin 61,360



An Fhorbairt Fhisiceach

9.1 Réamhfhocal

Tá struchtúr ilchampasach ag an Institiúid agus tá ceithre láithreán laistigh de thrí mhíle ón gcampas láir. Tá os cionn 61,000 méadar cearnach d'áitriú ag an Institiúid idir na campais atá ann faoi láthair agus an spás atá ann chun an acmhainn sin a dhúbailt le forbairtí pleanáilte sa Champas Thiar i gCarraig an Óir. Tá na spáis roinnte mar atá léirithe faoi Thábla 8. Tá an fhorbairt fhisiceach ceaptha chun tacú leis an bhfoghlaim, le teagasc agus le taighde ar mhodh comhcheangailte idir na campais go léir agus freisin chun freastail ar riachtanais na ndaoine maireachtáil, ligean scíthe, súgradh agus ithe. Tá an tábhacht atá leis an dtimpeallacht foirgnithe, mar íocón den oidhreacht agus mar iompróir de noirm na sochaí agus an chultúir, taobh thiar de na cinntí agus na tosaíochtaí i ndearadh agus i bpleanáil na gcampas go léir. Mar sin féin, de réir mar a fhásann líon na scoláirí agus na foirne in uimhreacha agus in ilghnéitheacht sna campais uile, beidh dúshláin le sárú maidir le forbairt fhisiceach sna nithe seo a leanas:

1. Clár mór leanúnach d'infheistíocht chaipitil a phleanáil agus a chur i bhfeidhm;
2. Acmhainní fisiceacha a sholáthar don fhás atá pleanáilte i líon na bhfoghlaimeoirí agus na hacmhainní a athroinnt de réir próifíl athraitheach na bhfoghlaimeoirí;
3. Áiteanna a chur ar fáil do phobail an Oirdheiscirt lena cinntiú go dtarlóidh aistrithe teicneolaíochta agus cultúrtha;
4. Deimhin a dhéanamh de go bhfuil dóthain maoinithe ann chun freastail ar phleananna forbartha caipitil na hInstitiúide;
5. A chinntiú go gcuireann foirgnimh tógtha na hInstitiúide maise ar na próisis bunaigh, agus go bhfuil díreach an méid ceart agus is gá de shealúchas ann chun tacú lena spriocanna straitéiseacha i ré nuair atá riachtanais an imshaoil ag athrú.

9.2 An tEastát mar atá

Tá an-tábhacht le campas faoi dhea-bhainistiú agus faoi dhea-chóiriú chun foireann agus scoláirí a tharraingt isteach agus a choinneáil istigh. Ba cheart go dtabharfadh an campas spreagadh don fhoireann agus do scoláirí an tairbhe is fearr a bhaint as acmhainní an eastáit.

Tá na fhreagracht as bainistiú agus cothabháil faoi chúram Roinn na nEastát. I measc na mór-spriocanna don tréimhse 2007-10 tá:

1. Áitreabh cuí a sholáthar atá oiriúnach don chuspóir agus le timpeallacht oiriúnach ann d'imeachtaí na hInstitiúide.
2. Seirbhíse bainistíochta sealúchais a chur ar fáil d'fhoirgnimh na hInstitiúide, don fhoireann agus do na scoláirí.
3. An spás san Institiúid a úsáid go héifeachtach, idir úsáid speisialta sna ranna nó úsáid ghinearálta.
4. Luach ar airgead a chinntiú sa bhuiséadú, i sonraíocht, i dtairiscintí agus i maoirseacht an eastáit, lena n-áirítear cothabháil, costais oibrithe, agus oibreacha athnuachana/foirgníochta.
5. Timpeallacht shláintiúil agus sábháilte a sholáthar;
6. Eastát maisiúil le cáilíocht chóir a choinneáil agus a chothabháil a chuirfidh scéimh agus dealramh ar imeachtaí na hInstitiúide.

9.3 Clár oibre caipitiúil

Is é an cuspóir atá leis an gclár oibre caipitiúil ná a chinntiú go mbeidh go leor foirgneamh agus áiseanna ar fáil don Institiúid agus don lucht a áitíonn gach cheann de na campais. Tá dhá phríomh-ghnó le déanamh ag an gclár caipitiúil, na tionscadail atá ar siúl a thabhairt chun críche agus tionscadail nua a phleanáil agus a chur ar siúl.

9.3.1 Forbraíocht atá ar siúl

Bhí forbraíocht mhór chaipitiúil ar siúl i rith na tréimhse 2003-06, go háirithe ar an gcampas láir, áit a chríochnaíodh roinnt mhaith foirgneamh nua. Nuair a chríochnófar an Foirgneamh Turasóireachta agus Fóillíochta i lár 2007 beidh 8000m^2 breise ar fáil mar chuid d'fhorbairt leanúnach atá á dhéanamh ar champas Bhóthair Chorcaí. Tá tuilleadh infheistíochta i mbonneagar na gcampas á phleanáil don tréimhse 2007-10 agus leis sin beidh an máistir-phlean don champas láir curtha i gcrích nach mór.

Is cuspóir mór ag an gclár forbartha caipitiúil na foirgnimh a athnuachan agus a thabhairt chun nua-aimsire agus rinneadh infheistíocht shubstaintiúil sna campais go léir sa tréimhse 2003-6. Tá sé curtha romhainn san Institiúid cothabháil agus feabhsú leanúnach a dhéanamh ar na foirgnimh agus ar na háiseanna.

Tá iarmhairt mhór ag an méadú ar thábhacht an teicneolaíochta agus na taighde ar na hacmhainní oibre atá ag teastáil ón bhfoireann léachtóirí. Tá sé ar bharr tosaíochta againn feabhas a chur ar an dtimpeallacht oifige do na léachtóirí go léir.

9.3.2 Forbairt an Champais Thiar

Stráice talún thart faoi 60 heicteár cois abhann atá sa Champas Thiar. Faoi láthair is ann atá an Foirgneamh Taighde ArcLabs, an Lárionad Náisiúnta um Bhithéagsúlacht agus Teach Charraig an Óir (ceanncheathrú corparáideach na hInstitiúide). Beidh gnóthaí éagsúla ag tacú agus ag feabhsú na gcampas go léir ar siúl ar an gCampas Thiar, mar shampla:

1. áiseanna spóirt (ceithre fhaiche imeartha)
2. bonneagar sóisialta;
3. seirbhísí breise agus aonaid cónaithe do scoláirí;
4. spás chun leathnú a dhéanamh ar áiseanna acadúla, riaracháin, taighde agus forbartha;
5. áiseanna chun páirceála agus taistil phoiblí.

Déanfar an láithreán a fhorbairt i gcaitheamh na 15 bhliana atá romhainn ar bhonn céimneach. Ar dtús soláthróidh sé na foirgnimh acadúla agus an bonneagar atá riachtanach le haghaidh tuilleadh forbartha agus ag an am céanna tacóidh sé leis an éileamh is leithne ón Institiúid seirbhísí, ionaid cónaithe agus áiseanna spóirt a sholáthar do scoláirí.

Figiúr 5
Sceideal na nÁitreabh Cónaithe pleanáilte don Champas Thiar
Líomatáiste Tógála i méadair cearnacha – Iomláin 62,590



Is iad seo na spriocanna fadtéarmacha don láithreán:

1. áiseanna spóirt a sholáthar ar an gcaighdeán a theastódh in institiúid ard-oideachais;
2. campas d'iarchéimithe a fhorbairt;
3. an fhorbairt, an taighde agus áiseanna nuálaíochta agus fiontraíochta a chur chun cinn ionas gur féidir tionscail agus teicneolaíochtaí nua a fhorbairt;
4. foirgneamh acadúil agus riaracháin a thógáil mar chomhlánú ar na struchtúir atá ar an gcampas faoi láthair;
5. ceantar cónaithe a fhorbairt chun iostais níos fearr a chur ar fáil le haghaidh scoláirí agus cuairteoirí;
6. áiseanna agus seirbhísí a chur ar fáil le haghaidh na scoláirí.

9.4 Méadú ar líon agus ar ilchineálacht na scoláirí

Taispeánann an fás atá pleanáilte ar líon na scoláirí i gcaitheamh na tréimhse go dtí 2010 go dtiocfaidh méadú timpeall 2000 ar líon na bhfoghlaimeoirí (1,300 lánaimseartha agus 700 páirt aimseartha) go dtí go mbeidh slua iomlán ann, thart faoi 13,000 lánaimseartha agus páirtaimseartha. Mar sin féin tá sé á thuaradh go dtiocfaidh an fás seo ó fhoinsí difriúla ar nós scoláirí iarchéime agus scoláirí ó thar lear. Beidh toradh nach beag as sin ar an gcineál acmhainní a bhéas ag teastáil. De bharr an fháis agus ilghnéitheacht na bhfoghlaimeoirí cuirfear brú áirithe ar an mbonneagar fisiceach, cur i gcás:

1. spás breise a sholáthar oiriúnach do riachtanais an n-úsáideoirí;
2. dóthain áitreabh cónaithe a bheith ar fáil;
3. spás iomchuí caithimh aimsire agus fóillíochta a chruthú sna foirgnimh agus sna campais;
4. go leor áiseanna spóirt a sholáthar.

9.5 Ag gníomhú leis an bpobal

Tá an struchtúr fisiceach ar cheann de na háiteanna is mó a dtagann an Institiúid agus an pobal le chéile. Dá bhrí sin caithfidh áiseanna campais agus for-rochtana a bheith mar chuid den struchtúr fisiceach.

1. Cothú agus coimirce a dhéanamh ar thionsclaíocht i gcomhar leis an Institiúid trí acmhainní a roinnt le chéile agus táirgeacht eacnamaíoch an réigiúin a mhéadú. Tá limistéar faoi leith den chuspóir seo curtha in áirithe i bplean forbartha an Champais Thiar.
2. An oidhreacht chultúrtha agus stairiúil atá bailithe ag an Institiúid a oscailt don phobal mór. Tá bailiúcháin luachmhara cultúrtha ag an Institiúid, cur i gcás an Cnuasach Bewick agus cartlann Ardeaglaise Eaglais na hÉireann. Reáchtalann an Institiúid cuid mhór imeachtaí ceoil agus ealaíne agus an ócáid iomráiteach úd 'Seachtain Ceoil Nua Phort Láirge' a chur san áireamh. Admhaíonn an clár oibre caipitiúil an tábhacht atá le cumas a thabhairt don phobal chun teacht ar na cnuasaigh agus na bailiúcháin seo, trí spásanna cuí a sholáthar le haghaidh na n-imeachtaí seo.
3. Go traidisiúnta, is trí na háiseanna for-rochtana a dhéantaí gníomhú leis an bpobal i gcoitinne agus tá éirithe go han-mhaith leis an Institiúid na háiseanna sin a sholáthar i gCill Chainnigh, i Ros Mhic Treoin, i gCluain Meala, i nDún Garbhán agus i Loch Garman. Mar sin féin, tá nádúr an fhoghlaimeora ag athrú agus tá gá anois le bealaí níos sofaisticiúla chun déileáil leis an bpobal. Tá sé anois mar chloch chúinne i straitéis na hInstitiúide na cláir oibre a dhéanamh níos solúbtha, níos mó úsáid a bhaint as teicneolaíocht agus as bealaí cian-oibre agus cláir nua a chur i láthair ar mhodh sonrach, bunaithe ar ghnólachtaí.
4. Freisin tá an straitéis taighde sainmhínithe ag an Institiúid i dtéarmaí a bhaineann le lárionaid réigiúnach a bhunú i gCill Chainnigh agus i Loch Garman, ionaid atá bunaithe ar inniúlachtaí ar leith agus ar acmhainn cnuasaithe i mbraislí sna ceantair sin. Dá bhrí sin tá sé d'aidhm ag an Institiúid a bheith siúráilte go mbeidh go leor áiseanna ann le haghaidh na dtíonscnamh seo agus oibreoidh muid leis na geallsealbhóirí áitiúla chun na gcuspóirí seo a bhaint amach.

9.6 Maoiniú

Go traidisiúnta, is trí mhaoiniú ón státchiste a tháinig an caipiteal le haghaidh forbartha go dtí seo agus tá an-chuid infheistíochta faighte ag an Institiúid tríd an mbealach seo (c. €50m i gcomhair obair na dtionscadal sa tréimhse 2007-10). Mar sin féin, le blianta anuas, d'aithnigh an Institiúid an gá a bhí le réimse na roghanna airgeadais a leathnú agus tá obair déanta i gcomhpháirt phoiblí/phríobháideach chun na ndeiseanna forbartha a fheabhsú. I gcaitheamh na tréimhse 2007-10 beidh an Institiúid go gníomhach ar thóir struchtúr úra le haghaidh maoinithe a laghdóidh an cleithiúnas ar thacaíocht ón stát. Ina measc beidh:

1. comhpháirtíocht phoiblí agus phríobháideach;
2. úsáid a bhaint as an bhfundúireacht agus an cothromas atá acu maidir le cothromas a ardú;
3. tionscadail tráchtála a thosú chun cuidiú leis an ardú eacnamaíoch agus tráchtála (ag áireamh tráchtálú na taighde);
4. maoiniú i gcomhair taighde ó Éirinn agus thar lear, a úsáid chun foirgníocht speisialta i gcomhair taighde a thógáil.

9.7 Clabhsúr

Tacaíonn an chaibidil seo leis na hardspriocanna straitéiseacha mar a leanas:

TÉAMA STRAITÉISEACH	ÁBHARTHACHT NA CAIBIDLE	SAMPLAÍ DE THÁSTÁIL AR CHUR I BHFEIDHM
An Fócas Réigiúnach a Thógáil trí Idirnáisiúnú	Campais a bhunú i gceantair difriúla.	A bheith i láthair go fisiceach sna réigiúin.
Ag Cumhachtú an tSainfhoghlaimeora	Áiteanna le feabhsú e.g. áiseanna spóirt i gCampas Charraigh an Óir.	Caighdeán na gcampas.
Ag Eagrú le haghaidh Fáis	Meáin nua maoinithe (e.g. príobháideach, urrú srl.) le haghaidh na forbartha caipitiúla; Oifig fundúireachta; Comhpháirtíochtaí Poiblí/Príobháideacha.	Clár foirgníochta sainmhínithe; Méadú ar chéatadán na n-oibreacha féin-mhaoinithe.
Giniúint agus Aistriú an Eolais a Fheabhsú	An Foirgneamh Taighde agus Nuálaíochta ar an gCampas Thiar; Na háiseanna ann a uasghrádú ar mhodh céimneach pleanáilte.	Méadú ar an spás i gcomhair taighde agus áiseanna.
Timthriall an Fheabhsaithe Straitéisigh a Choinneáil	Córais sainmhínithe pleanála agus faireacháin.	Plean Forbartha Caipitiúil.

Caibidil 10

An Plean a chur i bhfeidhm

An Plean a chur i bhfeidhm

10.1 Réamhfhocal

Is é an cur i bhfeidhm an nasc idir an phleanáil straitéiseach agus an gnóthachan straitéiseach agus dá bhrí sin cuid an-riachtanach den bhainistíocht rathúil éifeachtach straitéise is ea an dearadh éifeachtach roimh ré. Ní féidir aon chiall a bheith le cuspóirí mura n-aontaíonn na daoine leo a bhfuil sé de mhuirear orthu iad a chur i bhfeidhm agus ní foláir do na haonaid agus na daoine atá i mbun imeachtaí na hInstitiúide glacadh leo mar chuspóirí. Dá bhrí sin ní mór do na pleananna:

1. a aithint nach féidir na gnóthachain straitéise a bhaint amach ach trí phobail uile na hInstitiúide, an fhoireann, na geallsealbhóirí agus an scoláirí;
2. a bheith á bhforbairt agus á dtacú ag na daoine sin;
3. ceaptha agus curtha i gcrích i bpáirtíocht;
4. a bheith oscailte don pháirtíocht dhaonlathach, don athbhreithniú agus don choigeartú.

D'fhonn na gcuspóirí feidhmiúcháin seo a bhaint amach, déanfaidh an Institiúid:

1. struchtúr ceart feidhmiúcháin a bhunú;
2. fóraim oscailte a chruthú chun agallaimh straitéise a spreagadh.

10.2 Struchtúr an Fheidhmiúcháin

Is é Comhlacht Rialaithe na hInstitiúide, tríd an Stiúrthóir atá freagrach san Institiúid as treo na straitéise agus as gnóthachan na straitéise ar dheireadh thiar. Ag teacht leis na cuspóirí feidhmiúcháin léirithe thuas, tuigeann an Comhlacht Rialaithe go bhfuil gá ann le struchtúr cuimsitheach, ach freagrach freisin, chun na gcuspóirí sin a thabhairt chun críche. Chun é sin a bhaint amach, déanfaidh an Institiúid:

1. cúram cuspóirí a leagan ar bhainisteoirí suas go leibhéal an fheidhmiúcháin as urraíocht, tuairisciú agus freagracht as acmhainní a roinnt;
2. oibriú chun cuspóirí a bhaint amach i gcomhar le geallsealbhóirí tábhachtacha laistigh agus lasmuigh, trí fhoirne, trí choistí agus trí struchtúir a cheapfar speisialta chun an ghnó;
3. plean mion-shonraithe a cheapadh a dhéanfaidh codáin uile an phlean a chlúdach agus a thabharfaidh tuairiscí rialta ar dhul chun cinn;
4. an fhreagracht as comhordú an ghnóthachain straitéisigh agus as dul chun cinn a thuairisciú a leagan ar Oifig na Pleanála Straitéisí;
5. an plean straitéiseach a thacú trí neartú ar an athdhéanamh bliantúil de phleananna straitéise, ar mhodúl roinnte na n-acmhainní agus ar an iompú na gcuspóirí straitéiseacha amach ina bpleananna oibre bliantúla;
6. na cuspóirí pleanála straitéise a nascadh le timthriall an fheabhsaithe cáilíochta i ngach réimse.

10.3 An tAgallamh Straitéiseach

Déanfaidh an Institiúid an t-agallamh straitéiseach a chruthú agus a spreagadh chomh leathan agus is féidir, ní hamháin san Institiúid ach freisin i measc geallsealbhóirí lasmuigh. Cé go bhfuil ionadaíocht ón dtaobh istigh agus ón dtaobh amuigh ar an gComhlacht Rialaithe, mar sin féin bheadh buntáiste le baint as páirtíocht na ngeallsealbhóirí ar fad. Tiocfaidh breis comhpháirtíochta as socruithe den chineál seo:

1. Fóram Comhairliúcháin Straitéise a bhunú le hionadaíocht laistigh agus lasmuigh.
2. Bonn foirmiúil a chur ar fhóram cumarsáide laistigh, eagraithe ag Oifig na Pleanála Straitéisí agus oscailte do chách, áit ar féidir na ceisteanna straitéise a phlé agus a chíoradh.
3. Athbhreithniú straitéise le déanamh gach bliain i ngach scoil, roinn agus aonad.;
4. A bheith siúráilte go mbíonn an t-agallamh straitéise mar chritéir bunaigh i bhfeabhsú leanúnach na cáilíochta.

10.4 Clabhsúr

Tacaíonn an chaibidil seo leis na hardspriocanna straitéiseacha trí chur chuige i leith feidhmiúcháin a aithníonn an pháirt atá le himirt ag gach duine de bhunadh na hInstitiúide. Tacaíonn an chaibidil freisin le héiteas na dea-cháilíochta agus an dea-chaighdeáin trí athbhreithniú leanúnach agus trí fhaireachán leanúnach a chur síos mar chomhpháirteanna riachtanacha den phróiseas chun an phlean a chur i bhfeidhm.

Leabharliosta Forlíonta

Bologna Seminar, (2005), Doctoral Programmes for the European Knowledge Society. Salzburg.

Comhairle Stiúrthóirí na nInstitiúidí Teicneolaíochta, (2003), Institutes of Technology and the Knowledge Society – Their Future Position and Role CSIT; Baile Átha Cliath/

Comhairle Stiúrthóirí na nInstitiúidí Teicneolaíochta agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, (2006), Completion rates for students taking full-time programmes of study in Institutes of Technology. CSIT; Baile Átha Claith.

An Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, (2006), Strategy for Science, Technology and Innovation, 2006 – 2013'. Oifig na bhFoilseachán Rialtais, Baile Átha Cliath.

An Roinn Comhshaoil Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, (2002), The National Spatial Strategy 2002-2020. Oifig na bhFoilseachán Rialtais, Baile Átha Cliath.

Grúpa Straitéis na Fiontraíochta, (2004), Ahead of the Curve: Ireland's place in the Global Economy.Oifig na bhFoilseachán Rialtais, Baile Átha Claith.

Forfas, (2007), Tomorrow's Skills: Towards a National Skills Strategy. EGFSN; Baile Átha Cliath.

Gibbons, M., (1998), Higher Education Relevance in the 21st Century. An Banc Domhanda; Washington.

Goddard, J., Asheim, B.T., Cronberg, T., Virtanen, I., (2003), Learning Regional Engagement – A Re-evaluation of the Third Role of Eastern Finland Universities, Edita; Helsinki, An Fhionlainn.

Goodbody Economic Consultants, (2005), The Economic Impact of a University of the South East. An Comhlachas Tráchtála, Port Láirge.

An tÚdarás um Ard-Oideachas, (2006), Who went to College in 2004? A National Survey of New Entrants to Higher Education. .Oifig na bhFoilseachán Rialtais, Baile Átha Cliath.

Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann, (2005), It's Time for Action: Infrastructure Strategy for the South East Region. CGFÉ, Baile Átha Cliath.

Cumainn na nOllscoileanna Éireannacha, (2005), Reform of 3rd Level and Creation of 4th Level Ireland. COÉ; Baile Átha Cliath.

Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge 13, (2007), Transforming Ireland – A Better Quality of Life for All. Oifig na bhFoilseachán Rialtais, Baile Átha Cliath.

Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, (2006), Supporting the contribution of higher education institutions to regional development – The Jyvaskyla Region of Finland, ECFE; Paris.

Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, (2004), Review of National Policies of Education: Review of Higher Education in Ireland. Examiners Report Tuarascáil an Scrúdaitheora OID/AE; Páras.

Bord Forbartha Chathair Phort Láirge, (2002), Strategy for Economic, Social and Cultural Development of Waterford City 2002-2012. Waterford City Council Comhairle Cathrach Phort Láirge, Port Láirge.

Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge, (2005), Survey of Graduates. ITPL; Port Láirge.

Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge, (2006), Realising the Future – Designating Waterford Institute of Technology as the University of the South East, ITPL; Port Láirge.

Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge, (2002), Strategic Plan 2003-06. ITPL; Port Láirge.